

ÁBHAR

	Leathanach
Baill Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt atá ag fágáil	2
Buanchoistí	3
Foireann Bhainistíochta	4
Teachtaireacht ón bPríomhoifigeach	5
Próifíl an Réigiúin	8
Athbhreithniú Airgeadúil 2004	13
Ár gCuid Seirbhísí	18
<i>Seirbhísí Réigiúnda</i>	18
Cúram Príomhúil	18
Seirbhísí Sláinte Intinne do Dhaoine Fásta	20
An tSeirbhís Otharchairr	22
Cothú Sláinte	23
Seirbhísí Sláinte Leanaí agus Déagóirí	26
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean	26
Sláinte na mBan	27
Sláinte na bhFear	28
An Straitéis Chardtóracasach	29
Seirbhísí Ailse	30
Seirbhísí Comhairlithe RIAN	30
An tSeirbhís Réigiúnda Leasa Pobail	31
Sláinte an Lucht Siúil	32
<i>Seirbhísí Pobail</i>	34
Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta	35
Seirbhísí Cúraim Leanaí agus Tacaíochta	37
Teaghlaigh	38
Seirbhísí Míchumais	44
Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh Speisialaithe	46
Síciatracht do Leanaí agus do Dhéagóirí	47
Seirbhísí Oftailmeolaíochta	
Seirbhísí Géarospidéal	48
Rialú agus Pleanáil Straitéiseach	55

<i>Ár gCuid Seirbhísí Tacaíochta</i>	60
Rannóg an Airgeadais	60
Rannóg na Seirbhísí Bainistíochta	65
Rannóg na nAcmhainní Daonna	68
Rannóg na Sláinte Poiblí	74
Seirbhísí Teicniúla/Tionscadail Chaipitil	76
Oifig an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin	77
CAWT	79

Baill Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt atá ag fágáil

Shínigh an tAire Sláinte agus Leanaí an tOrdú Tosaigh don Acht Sláinte (Leasú), 2004, a chuir deireadh le ballraíocht na mBord Sláinte Réigiúnda agus Údaráis Réigiúnda Sláinte an Oirthir. Seo a leanas baill Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt atá ag fágáil.

Ceaptha ag Údaráis Áitiúla

Comhairle Contae an Chabháin

Patrick Conaty
Edward Feely
Gerry Murray
Patrick O'Reilly

Comhairle Contae Lú

Declan Breathnach
Finnan Mc Coy
James Mulroy
Peter Savage

Comhairle Contae na Mí

John Farrelly
Brian Fitzgerald
Michael Lynch
James Mangan

Comhairle Contae Mhuineacháin

Brendan Hughes
Hugh Mc Elvaney
Brian Mc Kenna
William Mc Kenna

Baill a toghadh de réir rialacháin na mBord Sláinte (Toghadh ball) 1972

Dr. Declan Bedford
Dr. Paul Mc Carthy
Dr. Alfred Nicholson
Maurice Stokes

Fiaclóir Cláraithe

Dr. Patrick O'Neill

Ceimiceoir Cláraithe Cógaisíochta

Grainne Tipping

Banaltra Chláraithe

Nancy Allen

Banaltra Chláraithe Shíciatrach

Paudge Connolly

Ainmnithe an Aire

Danny Brady
Brian O'Neill
Thomas Reilly
*Patsy Treanor
*Jim Cousins,
**Ainmnithe ag Aire Sláinte & Leanaí chun folúntais a líonadh faoin gcatagóir lia míochaine.*

Baill Bhuanchoistí Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt

Ospidéal

***Declan Breathnach
(Cathaoirleach)
*James Mangan
(Leaschathaoirleach an
Bhoird)**

John Farrelly
Patrick Conaty
Brian Fitzgerald
Hugh Mc Elvaney
Dr. Declan Bedford
Paudge Connolly, T.D.
William Mc Kenna
Jimmy Mulroy
Peter Savage
Grainne Tipping
Nancy Allen
Maurice Stokes
Finnan Mc Coy
Brian Mc Kenna

Pobal

***Declan Breathnach
(Cathaoirleach an Bhoird)
*James Mangan
(Leaschathaoirleach an
Bhoird)**

Gerry Murray
Eddie Feeley
Brendan Hughes
Michael Lynch
Dr. Patrick O'Neill
Patrick O'Reilly
Dr. Alf Nicolson
Dr. Paul Mc Carthy
Tommy Reilly
Danny Brady
Jim Cousins
Patsy Treanor
Brian O'Neill

*Is baill ex officio den dá choiste iad an dá bhall

Foireann Bhainistíochta ag 31 Nollaig 2004

Paul Robinson, Príomhoifigeach

Geoff Day, Príomhoifigeach Cúnta – Seirbhísí Réigiúnda

Tadhg O'Brien, Príomhoifigeach Cúnta – Seirbhísí Géarospidéil

Jane Carolan, Príomhoifigeach Cúnta – Seirbhísí Pobail

Jim Reilly, Príomhoifigeach Cúnta – Rialú agus Pleanáil Straitéiseach

Dr. Fenton Howell, Stiúrthóir Sláinte Poiblí agus Pleanála

Seirse Ó hAodha, Ceannasaí Airgeadais

Eamon O'Brien, Stiúrthóir Acmhainní Daonna

Fran Thompson, Stiúrthóir Córas Eolais

Jim Curran, Oifigeach Seirbhísí Teicniúla agus Stiúrthóir Tionscadal Caipitil

Pat Smyth, Bainisteoir Ginearálta, Oifig an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Rosaleen Harlin, Stiúrthóir Cumarsáide

Teachtaireacht ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

De réir mholtaí an Rialtais d'athchóiriú na Seirbhísí Sláinte, a fógraíodh i Meitheamh 2003, glacfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le freagracht do sheachadadh seirbhísí ar Eanáir 1, 2005. Mar sin de, seo Tuarascáil Bhliantúil dheireanach Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt.

I Mí na Nollag d'fhoilsíomar cuntas gairid stairiúil de Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt. Scríobhadh an cuntas seo le taifead a dhéanamh de ghnóchachtáil an Bhoird agus a fhoirne le 33 bliain anuas, agus le haitheantas a thabhairt do agus ceiliúradh a dhéanamh ar an ngnóthachtáil sin. Tá Éire an lae inniu an-difriúil ó Éirinn i 1971 nuair a bunaíodh na boird sláinte. Ní raibh an fás eacnamúil ach ag tosú, b'fhadhanna móra iad dífhostaíocht agus imirce agus ní raibh an t-infrastruchtúr forbartha i gceart. Bhí stádas sláinte an daonra níos ísle cuid mhór ná mar atá inniu, agus bhí an gnáthchaighdeán maireachtála ar gcúl ar an meán san Eoraip.

Cuireadh síos ar na hathruithe, ar an leathnú amach agus ar na feabhsuithe seirbhíse a tharla san Oirthuaisceart ó bhí 1971 ann sa chuntas stairiúil, in éineacht le cur síos imlíneach ar chuid de na príomhathruithe i stádas sláinte. Léiríonn siad an leibhéal tiomantais agus inniúlachta a bhí ag na daoine – baill an Bhoird agus baill fhoirne de gach grád agus cineál – ar fud na mblianta agus sa todhchaí. Níor chóir dúinn dearmad a dhéanamh gur baineadh an méid sin amach trí na struchtúir atá ann faoi láthair, go náisiúnta agus san Oirthuaisceart. Ach ní féidir le haon eagraíocht an t-athrú a sheachaint agus ba léir le tamall anuas go bhfuil gá le hathchóiriú do na seirbhísí sláinte, mar gheall ar a chasta is atá cúram sláinte ag éirí agus mar gheall ar mhéid na gníomhaíochta atá ann inniu.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill an Bhoird atá ag fágáil as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú, agus go háirithe leis an gCathaoirleach, Declan Breathnach, a d'oibrigh go dian ar son an Bhoird seo agus a chuid seirbhísí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas agus m'aitheantas a chur in iúl don Roinn Sláinte agus Leanaí freisin agus d'Fheidhmeannacht eatramhach na Seirbhíse Sláinte as a gcuid tacaíochta agus cabhrach leanúnaí le linn na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a thabhairt freisin d'fhoireann uile an Bhoird a sholáthair seirbhís d'ardchaighdeán d'ár gcuid othar, d'ár gcuid cliant, agus d'ár bpobal. Cinntíonn a ngairmiúlacht, a ndiansaothar agus a dtiomantas go gcuirtear feabhas go leanúnach ar an tseirbhís agus go mbaineann lucht úsáidte ár gcuid seirbhísí an-leas astu, agus sin ag cloí leis an mbuiséad atá againn. Beidh an córas sláinte nua ag brath ar scil agus ar thiomantas na ndaoine atá ag obair don tseirbhís sláinte faoi láthair agus a leanfaidh orthu de bheith ag obair leis an tiomantas céanna.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt freisin do bhaill na foirne bainistithe corparáidí a raibh orthu déileáil le neamhchinnteacht faoin todhchaí i 2004; ina theannta sin tugadh cuid de na baill ar iasacht go Foireann Bhainistithe Athraithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha agus d'eascair brú breise mar gheall air sin.

Bhí forbairt eacnamúil agus daonra ann san Oirthuaisceart le blianta beaga anuas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Dá dheasca seo dúshlán mór a bhí ann don Bhord leibhéal sásúil agus oiriúnach seirbhísí sláinte agus seirbhísí pearsanta sóisialta a sholáthar leis na hacmhainní a bhí ar fáil. Chuir na rudaí seo a leanas leis na dúshláin a bhí roimh an mBord:-

- Athruithe déimeagrafacha, mar shampla tá líon na saoránach nua Éireannach agus líon na n-iarrthóirí tearmainn ag dul i méid
- Easnaimh mhóra ann i speisialtóireachtaí ospidéal réigiúnda agus ghinearálta
- Brú mór ar sheirbhísí cúraim phríomhúil, phobail agus leanúnaigh.

Cuireadh béim ar na ceisteanna seo sa tuarascáil "*Deficiencies in Services and Infrastructure in the North Eastern Health Board*", a cuireadh faoi bhráid an Bhoird in Aibreán 2004, agus ina dhiaidh cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí agus na FSS eatramhaí í.

Chuaigh an méadú mór i ndaonra réigiún an Oirthuaiscirt i bhfeidhm go mór ar na seirbhísí. Sa Daonáireamh 2002 léiríodh gur méadaíodh daonra BSOT trí 12.7% nó 38,771 ó 1996. Is cosúil go bhfuil an daonra fós ag méadú cuid mhór, go háirithe in oirthear limistéar an Bhoird ó dhaonáireamh 2002. Beidh de thoradh air seo níos mó brú arís ar sheirbhísí a bhfuil an-bhrú orthu cheana féin.

Níor tugadh aghaidh ar na heasnaimh sheirbhísí a d'aithin an Bord a eascraíonn as an méadú daonra seo le leithdháileadh ón Roinn Sláinte agus Leanaí go dtí seo, agus mar sin de tá impleachtaí aige seo do sheachadadh seirbhíse an

Bhoird d'othair agus do chliant. Mar gheall ar nádúr na seirbhíse sláinte ní mór aghaidh a thabhairt ar éilimh sheirbhísí gan mhoill mar gheall ar phian agus ar fhulaingt na n-othar agus/nó na gcliant. Ní féidir neamart a dhéanamh i ndualgas cúraim an Bhoird ach bíonn brú breise ann ar fhoireann agus ar acmhainní mar gheall air seo. Is í an deacracht seirbhíse is mó atá againn ná soláthar a dhéanamh do mhéadú de 15% breise den daonra.

I 2004 bhí brú mór ann ar sheirbhísí áirithe, go háirithe seirbhísí d'iarthóirí Tearmainn/daoine nach saoránaigh Éireannacha iad, seirbhísí do dhaoine scothaosta, seirbhísí cúraim leanaí agus seirbhísí sna Géarospidéil. Cuid de na príomhchúiseanna brú ná admhálacha éigeandála sa ghéarearnáil, agus easpa maoinithe na seirbhíse, rud a théann siar i bhfad, agus ar cuireadh béim uirthi go minic. Mhéadaigh costais dhíreacha othair faoi 15% ó 2003 sna géarospidéil, rud a léiríonn impleachtaí leanúnacha na gníomhaíochta méadaithe in éineacht le heilimintí boilscithe.

Sa tuarascáil "*Current issues and concerns in providing health and social care*" ag Lárionad Lóistín Mosney d'iarthóirí Tearmainn, a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí, cuireadh béim ar chostas measta neamh-mhaoinithe de thart ar €10m chun na seirbhísí a sholáthar i 2004. Ní dhearnadh leithdháileadh sonrath airgid don Bhord riamh i leith lárionaid Mosney. Ba é líon na ndaoine a bhí ina gcónaí ann ag 30 Meán Fómhair 2004 ná 732. Is brú mór é d'ár bhfoireann agus d'ár gcuid acmhainní seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar ag an áis seo. Baineann seo freisin de na seirbhísí atá ar fáil don ghnáthphobal.

Ceann de na cuspóirí ardleibhéil atá le fáil inár straitéis do mhuintir an Oirthuaiscirt ná Comhpháirtíocht agus Luacháil Phobail. Chomh maith le hobair fhoirmeálta faoi choimirce an Choiste Réigiúnda Chomhpháirtíochta, táimid tiomanta do shláinte agus leas níos fearr a bhaint amach i gcomhar le húsáideoirí seirbhíse, le háisínreachtaí agus leis an bpobal i gcoitinne. Sa chiall is leithne is éard atá i gceist le comhpháirtíocht ná bheith ag obair lenár bhfoireann, le comhlachtaí deonacha agus reachtúla agus leis na pobail a mbíimid ag freastal orthu.

Lean an Bord air de bheith ag iarraidh Luach Airgid níos fearr a bhaint amach trí úsáid éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní, chun freastal a dhéanamh ar na spriocanna sa litir chinnidh nó iad a shárú, nuair is féidir. Bunaíodh Coiste Luach Airgid (CLA) i Mí Iúil 2003 ar bhonn comhpháirtíochta chun eiteos CLA a chur chun cinn sa Bhord. Bhuail an grúpa seo le chéile go rialta i 2004 chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i roinnt réimsí sa Bhord.

Mar achoimriú, bliain eile lán le dúshlán a bhí i 2004 do Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt. Soláthraíodh raon agus méid seirbhísí do dhaonra an réigiúin in ainneoin na gconstaicí buiséid agus foirne. Cuirtear béim ar an ngné seo ar fud

na tuarascála bliantúla, doiciméad a léiríonn ár dtiomantas leanúnach d'fheabhas sa mhéid a dhéanaimid agus sna seirbhísí a sholáthraímid do na daoine ar pribhléid dúinn é freastal a dhéanamh orthu.

Paul Robinson
Príomhoifigeach

Próifíl an Réigiúin

Daonra BSOT

Cén limistéar a ndéanaimid freastal air?






Fig. 1: Léarscáil Réigiúin agus Daonra BSOT

Cuimsíonn Bord Sláinte an Oirthuaiscirt contaetha an Chabháin, Lú, na Mí agus Mhuineacháin, de réir mar a ndéantar cur síos orthu i bhFig.1 Téann méid agus struchtúr an daonra san oirthuaisceart i bhfeidhm go mór ar mhinicíocht ghalair agus mhíchumais sa réigiún agus ar sholáthar seirbhíse. I bhFig. 2 déantar cur síos imlíneach ar an méadú i ndaonra BSOT ó bunaíodh na boird sláinte. Mhéadaigh daonra an réigiúin ó rud beag níos lú ná 250,000 i 1971 go 344,965 i 2002. Bhí méadú an daonra i mBSOT (12.7%) idir 1996 agus 2002 níos airde ná in aon réigiún boird eile agus i bhfad níos airde ná an méadú 8% a bhí ann i ndaonra iomlán na tíre.



Treochtaí Daonra de réir an Chontae



I bhFig. 3 déantar cur síos imlíneach ar fhás daonra na gcontaetha a chuimsíonn an réigiún. Cé nár tháinig mórán d'athrú ar dhaonra an Chabháin agus Mhuineacháin, bhí méadú mór ann i ndaonra Lú agus na Mí, le fás an-láidir ann i gContae na Mí idir 1996 agus 2002.

Tháinig méadú de 99,386 ar dhaonra an phobail idir 1971 agus 2002 (Fig 2). As an méadú seo, tharla 62,207 de sa Mhí, tharla 26,851 i gCo. Lú, tharla 6,530 i Muineachán agus tharla 3,798 sa Chabhán. Bhí méadú ollmhór ann sa Mhí de 86.7% ó 1971, le hais 35.8% i gCo. Lú, 14.1% i Muineachán agus 7.2% sa Chabhán (Fig 3).

Ó 1996 bhí an méadú daonra ba mhó sa tír ann sa Mhí le méadú de 24,204 nó 22.1%. D'fhás Co. Lú ó 92,166 i 1996 go 101,802, méadú de 10.5%; D'fhás an Cabhán ó 52,944 go 56,416, fás de 6.6% agus d'fhás Muineachán ó 51,313 go 52,772, fás de 2.8%, an fás ba lú d'aon chontae sa tír.

Taobh istigh de na contaetha, bhí fás an daonra éagsúil ó 1996. Sa Mhí bhí méadú de 7,000 an ceann i gceantair thuaithe Dhún Seachlainn agus na hUaimhe. Bhí méadú de 5,000 ann sa cheantar taobh ó dheas de Dhroichead Átha; bhí méadú ann de 4,000 i gceantar tuaithe Bhaile Átha Troim agus 1,000 i gceantar tuaithe Cheanannais.

I gCo. Lú, tharla mórchuid an mhéadaithe daonra i ndeisceart an chontae (61%). Is é limistéar Uirbeach Dhroichead Átha, a d'fhás 15.7%, an ceantar daonra is mó sa réigiún anois ag 28,308; ina dhiaidh sin tá Ceantar Uirbeach Dhún Dealgan ag 27,399, a d'fhás 6.4%.

Sa Chabhán tá an fás le fáil ar fud an chontae, cuid mhór, agus i Muineachán tá 44.6% den fhas le fáil i limistéar Tuaithe Charraig Mhachaire Róis.

Struchtúr Aoise

Bíonn éifeacht mhór ag leithdháileadh aoise i ndaonra ar éilimh agus ar sheachadadh seirbhíse. Chruthaigh na hathruithe i méid, i bpróifíl aoise, i ndáileadh agus in éagsúlacht an daonra dúshláin nua atá ag dul i méid le blianta beaga anuas, agus beidh sin amhlaidh sna blianta atá le teacht.




Fig 4: Daonra BSOT trí aoisghrúpa 1971-2002

I bhFig. 4 déantar cur síos imlíneach ar an bhfás san haoisghrúpaí éagsúla daonra sa réigiún ó 1971. Feictear an méadú is mó san aoisghrúpa 25-44 le dúbláil a gcuid uimhreacha idir 1971 agus 2002. Bhí méadú mór ann freisin ar san aoisghrúpa 45-64 le linn na 1990í. Ní raibh mórán athraithe ann sa líon daoine thar 65 le blianta beaga anuas, ag 11%.




Fig 5: daonra BSOT trí aoisghrúpa 1971-2002

I bhFig. 5 déantar cur síos imlíneach ar líon an daonra trí aoisghrúpa i ngach contae sa réigiún. Cé go bhfuil níos mó daoine ina gcónaí i gCo. Lú agus na Mí tá sin amhlaidh go háirithe i gcás na n-aoisghrúpaí níos ísle. Is dócha go mbeidh

méaduithe móra eile ar dhaonra na Mí agus Cho. Lú sna blianta atá amach romhainn mar gheall ar líon mór na ndaoine faoi 30 sa Mhí agus i gCo Lú., agus mar gheall ar theacht leanúnach daoine chuig na contaetha seo, ó Bhaile Átha Cliath, go háirithe.

Daonra BSOT trí Chontae agus trí Aoisghrúpa

Ó pheirspictíocht réigiúnda, is í an Mhí, le daonra iomlán de 133,936, an chontae is mó daonra i ngach aoisghrúpa, cé go bhfuil an difear níos lú idir contaetha ó aois 60 ar aghaidh. Tá sé le sonrú sa Mhí go bhfuil an trí ghrúpa singil is mó ná iad siúd atá idir 30 agus 34 bliain d'aois, iad siúd idir 35 agus 39, agus iad siúd atá idir 0 agus 4. Tá anailís an daonra amhlaidh i gContae Lú (101,802). Is iad an dá aoisghrúpa is mó ná iad siúd atá idir 30 agus 34, agus iad siúd atá idir 0 agus 4 bliana. Os a choinne sin, tá daonra an Chabháin (56,416) agus Mhuineacháin (52,772) i bhfad níos lú ná daonra na Mí agus Lú agus tá leithdháileadh níos cothroime ann idir na haoisghrúpaí éagsúla. Tá céatadán níos lú de dhaoine idir 0 agus 4 bliana ina gcónaí sa Chabhán agus i Muineachán. Ina theannta sin, murab ionann is an Mhí agus Lú, bíonn an líon daoine idir 20 agus 50 seasmhach. (Féach **Fig. 5**).

Tá dúshlán nua agus atá ag dul i méid ann dúinn le blianta beaga anuas mar gheall ar mhéadú mór daonra an réigiúin, agus mar gheall ar na hathruithe próifíle aoise, leithdháileadh agus éagsúlacht an daonra; beidh seo amhlaidh sna blianta atá amach romhainn. Baineann na dúshlán seo le pleanáil ags le seachadadh seirbhísí bunaithe ar riachtanais shuaithinseacha mhuintir an oirthuaiscirt; ní mór iad sin is mó gá a aithint agus seirbhísí freagracha agus oiriúnacha a sholáthar. Ní mór smaoinreamh freisin faoi na grúpaí sin a bhfuil riachtanais bhreise acu, ag cur san áireamh daoine le míchumas, an lucht siúil, iarrthóirí tearmainn agus daoine gan dídean.

Athbhreithniú Airgeadais 2004

Bhí ardleibhéal éilimh ann fós do sheirbhísí an bhoird i 2004. Bhí ollchaiteachas ann de €622m le hais €570m i 2003, méadú de 9.1%. Sholáthair an Roinn Sláinte agus Leanaí deontas sláinte de €565.2m. Ghin an Bord ioncam de €52.7m. Cuireadh easnamh de €0.7m ar aghaidh go 2005. Tharla níos mó ná 60% den easnamh mar gheall ar chailliúint ioncaim i Nollaig 2004, ó othair fhadchónaithe tar éis socrú an Aire Sláinte agus Leanaí éirí as táillí a ghearradh ar othair.

Sa chlár A déantar cur síos imlíneach ar leithdháileadh ollchaiteachais i 2004.

Clár A Leithdháileadh Ollchaiteachais 2004		
Eilimint	€m	% den Iomlán
Géarospidéal	257.5	41.4%
Seirbhísí Sláinte Intinne	47.2	7.6%
Clár Leasa Pobail	115.4	18.5%
Seirbhís Sláinte Pobail	59.5	9.6%
Tithe agus Ospidéal Pobail	40.5	6.5%
Seirbhísí Tacaíochta Pobail	47.1	7.6%
Clár Cosanta Pobail	3.9	0.6%
Seirbhísí Pobail Eile	22.9	3.7%
Seirbhísí Lárnacha	28.0	4.5%
Iomlán	622.0	100%

Foinse: Dréachtráitis Airgeadúla 2004

Taispeánann an clár B anailís chaiteachais idir pá, neamhphá agus ioncam:

Clár B Anailís Chaiteachais agus Ioncaim 2004		
Eilimint	€m	% Ollchaiteachais
Pá	365.0	58.7%
Neamhphá	257.0	41.3%
Ollchaiteachas iomlán	622.0	100.0%
Ioncam	52.7	8.5%
Iomlán Caiteachas Glan	569.3	91.5%

Foinse: Dréachtráitis Bhliantúla BSOT 2004

Ba é páchostas an Bhoird i 2004 ná €365m, sin 58.7% den chaiteachas iomlán. Soláthraíonn an Bord seirbhís chumasaithe daoine rud a léirítear i gcostas an phá. I gClár C leagtar amach leithdháileadh costas pá i measc na gcatagóirí éagsúla fostaí, agus cuirtear béim ar mheánchostais phá gach catagóra.

Clár C Anailís Chaiteachais Phá de réir Chatagóir an Fhostaí				
	Pá iomlán	% an Phá iomlán	Líon na bPost WTE faofa	Meánphá per fostaí sa chatagóir
	€			€
Míochaine agus Fiaclóireachta	58,361,669	16%	492	118,621
Cothabháil	4,076,571	1%	106	38,458
Altranas	122,487,443	34%	2,328	52,615
Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta	33,177,414	9%	727	45,636
Bainistíocht agus Riarachán	47,073,264	12%	1,293	36,406
Seirbhísí Tacaíochta	79,304,813	22%	2,237	35,451
Pinsin	20,549,867	6%	1,153	17,823
Gach catagóir	365,031,041	100%	8,336	43,790

Foinse: Dréachtráitis Airgeadúla Bliantúla BSOT 2004

Caiteachas Caipitil

Chaith an Bord €16.1m ar thionscadail chaipitil i 2004, le háis €14.2m sa bhliain roimhe sin. Tugadh faoi 15 thionscadal nua le linn na bliana agus cuireadh

aighneachtaí faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí ar bhonn leanúnach do cheadú maoinithe caipitil. Tá gá leanúnach ann le forbairt agus le feabhsú infrastruchtúir sa réigiún.

Áisínteachtaí Deonacha

Cabhraíonn an Bord trína chuid maoinithe lena lán eagraíochtaí agus grúpaí sa limistéar a sholáthraíonn seirbhísí do raon leathan cliant. Fuair an tOrd Naomh Seán Dé an deontas ab airde i 2004, €24.3m do sheirbhísí cónaithe ag Aonad Naomh Muire, Drom Cearn, Co. Lú.

Íocadh deontais de bhreis is €6,000 le 126 eagraíocht eile agus fuair 109 eagraíocht deontais de níos lú ná €6,000. I 2004 ba é luach iomlán na ndeontas uile d'eagraíochtaí deonacha ná €50.4m.

Liúntas Leasa Fhorlíontaigh

Riarann an Bord an scéim liúntas leasa fhorlíontaigh ar son na Roinne Gnóthaí Sóisialta Pobail agus Teaghlaigh. Íoctar na liúntais go díreach ag an Roinn sin ach chaith an Bord €3.4m ar an tseirbhís i 2004. Faightear seo ar ais ón Roinn Gnóthaí Sóisialach Pobail agus Teaghlaigh.

Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Feidhmíonn an Bord an scéim seo ar bhonn áisínteachta don Roinn Chomhshaoil chun deisithe a dhéanamh agus chun tithe na ndaoine scothaosta ar fud an réigiúin a uasghrádú. Tá an-mheas ar an scéim ag gach duine a bhaineann leas as, agus maoinítear í ag an Roinn Comhshaoil. Bhí caiteachas de €1.7m ann i 2004.

Tionscadal CAWT

Tá naisc ag an mBord le roinnt áisínteachtaí sláinte ar dhá thaobh na teorann i dtionscadail a dhíríonn ar fheabhsú seirbhísí sláinte agus sóisialta i limistéar. CAWT. Tá roinnt tionscadal agus tionscnamh ar siúl agus ba é caiteachas BSOT i 2004 ná €224,212. Faomhadh leithdháileadh de €10.5m do thionscadail i réigiún an CAWT don tréimhse go 31 Nollaig 2008 ón gClár Interreg III A.

An tAcht um Íocaíocht Sciobtha na gCuntas 1997

Baineann an tAcht seo le feidhm don Bhord, chomh maith le reachtaíocht de chuid an AE a tugadh isteach i 2002. Éilíonn na rialacháin seo go ndéanfaí gach íocaíocht do chreidiúnaithe taobh istigh de 30 lá. Íoctar ús piónós mura n-íoctar in am. Déantar monatóireacht ghéar ar bhainistiú airgid agus d'éirigh leis an bhfoireann dul i dtaithe ar na rialacháin; íocadh ús de € 10,928 ar íocaíochtaí


déanacha i 2004 (€11,410 i 2003). D'íoc an Bord breis is 99% dá chuid sonrasc in am i 2004.

Cuntais Bhliantúla

Glacadh le Ráitis Bhliantúla Airgeadúla an Bhoird i Márta 2004 agus ansin rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i Márta 2005. Taispeántar dréachtchuntais an Bhoird ag 31 Nollaig 2004 i gClár D

Clár D: Cuntas Cothromaíochta BSOT ag 31 Nollaig 2004		
	31/12/04	31/12/03
Socmhainní Socraithe	€	€
Socmhainní inláimhsithe	248,375,868	239,125,404
Socmhainní Airgeadúla	-	-
	248,375,868	239,125,404
Socmhainní Reatha		
Stoic	5,754,963	5,590,563
Fiachóirí	72,480,513	70,382,827
Airgead sa bhanc nó ar láimh	-	2,736,354
	78,235,476	78,709,744
Creidiúnaithe		
Íasachtaí bainc agus rótharraingtí	11,736,310	-
Creidiúnaithe Eile	67,389,651	75,957,301
	79,125,961	75,957,301
IOMLÁN SOCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS	247,485,383	241,877,847
CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ		

Ioncam neamhchaipitil & Cuntas Caiteachais	(729,537)	3,341,379
Ciste Caipitil:-		
Cuntas Caipitealaithe 248,375,868		
Easnamh ar Ioncam Caipitil & ar Chuntas Caiteachais(1,940,819)		
	246,435,049	236,926,756
Cuntas Ioncaim Iarchurtha	1,779,871	1,609,712
	247,485,383	241,877,847



Ár gCuid Seirbhísí

SEIRBHÍSÍ RÉIGIÚNDA

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Is é príomhról na seirbhíse Cúraim Phríomhúil, a ionchorpraíonn Cleachtas Ginearálta, Cógaisíocht, Seirbhísí Fiaclóireachta agus Oftaimhéadracht, ná tacú le heagrú agus le seachadadh na seirbhísí seo go dtí ardchaigheán, leis na hacmhainní atá ar fáil, agus lena bhforbairt.

Soláthraítear Seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh i limistéar Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt (BSOT) ag 151 DT a fheidhmíonn ó 98 gcleachtas DT a bhfostaíonn 78 acu banaltra chleachtas. Tá teidlíocht iomlán cárta leighis ag thart ar 98,741 duine nó 28.72% den daonra.

Soláthraíonn NEDOC seirbhísí DT oíche-deireadh seachtaine (O/DS) d'othair chleachtas atá páirteach sa scéim (thart ar 85% de dhaonra an réigiúin) ó 6in go 8rn, Luan go hAoine agus ar feadh 24 uair an chloig ag deireadh na seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí.

I Mí Iúil 2004 foilsíodh “*Guidelines for Best Practice in General Practice Setting*” ag BSOT. Toradh a bhí ann ar thionscnamh oibre leitheadach trasdhisciplíneach a raibh a lán de lucht gairm BSOT agus de DT an réigiúin páirteach ann. Ceadaíodh na treoirlínte ag Coláiste Dochtúirí Teaghlaigh na hÉireann, agus scaipeadh iad chuig gach cleachtas DT sa réigiún.

Tháirg na seirbhísí Cúraim Phríomhúil DD d'fhoirmeacha atreoraithe a úsáideann DT go minic agus iad ag atreorú othar chuig seirbhísí de chuid BSOT. Tá thart ar 150 foirm atreoraithe ar an DD; tionscnamh costais ísil agus simplí ó thaobh teicneolaíochta de atá ann, a bhfuil a lán buanna ag baint leis. Cinntíonn sé caighdeánú na bhfoirmeacha, laghdaíonn sé méid na bhfoirmeacha atá á scaipeadh agus soláthraíonn sé pointe amháin rochtana do gach DT do gach foirm atreoraithe ábhartha.

Athlonnaíodh an Lárionad O/DS i mBaile na Lorgan. Athchóiríodh áitreabh de chuid an Bhoird Sláinte ar thailte Lárionad Leanaí Ráth na nÓg i mBaile na Lorgan chun freastal a dhéanamh ar riachtanais shonracha na seirbhíse. Críochnaíodh an t-aistriú chuig an áitreabh atá nua-aoiseach, dea-fheistithe agus a bhfuil teacht air go héasca i Mí na Samhna 2004.

Leanadh ar aghaidh le forbairt Líne Eolas 24 u.a.c BSOT. Fuarthas breis is 7,500 glaoch ó tugadh an tseirbhís isteach i Mí na Nollag 2002, rud a léiríonn an gá atá lena leithéid de sheirbhís sa réigiún. Acmhainn luachmhar a bhí sa líne seo freisin don Bhord chun déileáil le ceisteanna faoi leith agus le rudaí nach rabhthas ag súil leo le linn na bliana.

Cuireadh tús le hobair chun Córas TE Fiaclóireachta a fhorbairt mar chuid de Phlean nua Náisiúnta TE Fiaclóireachta, agus bunaíodh grúpa tionscadail, a bhfuil naisc aige leis an nGrúpa Náisiúnta Cuir i bhFeidhm. Rinneadh cuid mhór oibre i rith na bliana maidir le trealamh caipitil agus maidir le hoiliúint fhoirne.

Rinneadh idirbheartú faoi chonarthaí le soláthróirí seirbhíse i dTuaisceart Éireann chun ainéistíseach ginearálta a fháil do nósanna imeachta fiaclóireachta, rud a chiallóidh go sábháil an Bord cuid mhór airgid i gcomparáid leis an méid airgid a chaithfí ar an tseirbhís a fháil ó ospidéal príobháideacha i dTuaisceart Éireann.

I Mí Mheithimh, glac 258 othar cónaithe agus úsáideoirí seirbhíse cúraim lae in Ospidéal Naomh Seosamh, Baile Throim, ghlac siad páirt i suirbhé píolótach de riachtanais fhiaclóireachta na ndaoine scothaosta. Dáileadh ceistneoirí ar idir chliaint agus ar fhoireann, agus líonadh isteach 82% acu. Déanfar anailís ar na sonraí agus cuirfear ar fáil tuarascáil faoin gcinneadh go luath i 2005.

Ghlac cógaiseoirí sa réigiún páirt i dtionscadal le hothair atá ag fáil teiripe Warfarin chun monatóireacht fheabhsaithe a chinntiú agus ag laghdú ar an tslí sin na contúirtí don ghrúpa cliant seo.

Leathnaíodh an Tionscnamh Píolótach Diabetes go gach ceann de na cleachtais oiliúna DT agus tá breis is 450 othar cláraithe ar an gclár faoi láthair. Tá i gceist le “Diabetes Watch” idirghabhálacha ó DT, cosliacht, oftailmeolaíochta agus

Seirbhísí Ospidéal. Tá meastóireacht á déanamh ar an tionscnamh faoi láthair ag an Rannóg Sláinte Poiblí i gcomhar leis na Seirbhísí Cúraim Phríomhúil.

I gcomhar le Seirbhísí Fisiteiripe ar fud an réigiúin d'fhorbair Seirbhísí Cúraim Phríomhúil Seirbhís Fisiteiripe Atreoraithe DT faoin Straitéis Chúraim Phríomhúil. Is féidir le DT ar fud an réigiúin rochtain a fháil ar an tseirbhís seo a thosaigh le linn 2004.

D'aithin an Straitéis Chúraim Phríomhúil gá le bunú '*mechanisms for active community involvement in primary care teams*'. Agus seo á chur san áireamh aige bunaíodh Virginia Community Health Forum i Mí na Nollaig 2004. Tá ionadaíocht ar an bhfóram ag foireann chliniciúil agus riaracháin ó Fhoireann Chúraim Phríomhúil an bhaile agus ag ceathrar ball den phobal. Beidh an fóram ag obair ar roinnt ábhar a dhíríonn ar chomhtháthú agus ar chur chun cinn rannpháirtíochta pobail i 2005.

Forbraíodh cur chuige fócasaithe comhtháite do bhainistiú Asma agus COPD ag an bhFoireann Chúraim Phríomhúil. Tá san áireamh oiliúint bhall éagsúil den Fhoireann Ildhisciplíneach i measúnú agus i ndiagnóis an ghalair, bunú clinicí agus soláthar seisiún eolais ag oícheanta oscailte.

Rinneadh cuid mhór oibre le linn 2004 maidir leis an Tionscadal Nasc Saotharlainne Easlín. Tar éis anailíse féidearthachta agus plé le pearsanra ón tsaotharlann agus le díoltóirí saotharlainne cuireadh i bhfeidhm torthaí saotharlainne ó chóras Saotharlann Dhroichead Átha, agus cuireadh na torthaí ar fáil do roinnt cleachtas DT. Rinneadh an obair seo de réir chaighdeán náisiúnta teachtairithe FBS.

Rinneadh dul chun cinn i 2004 san obair le Rannóg Raideolaíochta Ospidéal Ár nBantiarna Lourdes i nDroichead Átha chun torthaí raideolaíochta a chur ar fáil go leictreonach do chleachtais DT. Meastar gur cuireadh thart ar 25,000 toradh in iúl ar mhodh leictreonach faoi dheireadh 2004.

Sonraí Gníomhaíochta – Seirbhísí O/DS

Gníomhaíocht	2004	2003	2004 v 2003
NEDOC	73,462	70,574	+4%
Comhairle Theileafóin amháin	24,861	22,562	+10%
Lárionad Córa Leighis	40,802	39,939	+2%
Cuairt Bhaile	7,799	8,073	-3%
MIDOC	39,063	23,433	+67%
IOMLÁN	112,525	94,007	+20%

Seirbhísí Sláinte Intinne do Dhaoine Fásta

Tá sé d'aidhm ag an tSeirbhís Sláinte Intinne sláinte intinne agus leas daonra an oirthuaiscirt a chur chun cinn agus a chosaint. Déanann sí a dícheall, trína foireann, seirbhísí bunaithe ar an bpobal, cuimsitheacha, comhtháite a sholáthar agus seirbhísí géarospidéal d'othair chónaithe agus d'eisothair atá dírithe ar an gcliánt, oiriúnach agus freagrach do riachtanais na ndaoine aonair, na dteaghlach agus an phobail. Soláthraítear seirbhísí bunaithe ar dhá limistéar: an Cabhán/Muineachán agus Lú/an Mhí. Soláthraítear géarsheirbhísí othar cónaithe ag Ospidéal Naomh Dabhnaít, Muineachán; Ospidéal Ginearálta an Chabháin; Ospidéal Naomh Bríd, Baile Átha Fhear Dia; agus Ospidéal Muire, an Uaimh. Tá seirbhísí sláinte intinne speisialaithe i bhfeidhm freisin – i síciatracht athshlánaithe agus i síciatracht na seanaoise. Bíonn an tseirbhís ag feidhmiú i dtadhall le háisín-teachtaí deonacha agus reachtúla freisin. Tacaíonn sí le gníomhaíochtaí oideachais agus thaighde agus déanann sí a dícheall ardchaighdeáin a bhaint amach mar chuid de sheirbhís nua-aoiseach.

Osclaíodh áis nua Cúraim Lae agus eisothar mar chuid de Sheirbhís Sláinte Intinne Lú/na Mí i gCeanannas. Éascaíonn seo leathnú líon na ndaoine a bhíonn ag freastal agus raon na dteiripí a sholáthraítear sa limistéar. Soláthraíonn sí freisin lóistín níos oiriúnaí do chlinicí eisothair agus ba chabhair í le méadú a bhaint amach i líon na n-othar a bhíonn ag freastal ar chlinicí. Soláthraíonn sí freisin ionad chun tacú le comhpháirtíocht le heagraíochtaí deonacha, m.sh. MHAÍ, Aware, Grow.

Tar éis comhaontú a bhaint amach le cumainn fhoirne osclaíodh Brú Foirnithe nuathógtha Mhuineacháin (Woodvale) i Mí Lúnasa, rud a d'éascaigh dúnadh an dá bharda fadchónaithe deireanacha in Ospidéal Naomh Dabhnaít, i Muineachán. Seo ceann de na céimeanna deireanacha atá i gceist le hathrú treo ó thaobh seirbhís ospidéal sláinte intinne dúiche a athrú go seirbhís sláinte intinne pobail sa Chabhán/Muineachán.

Ceapadh banaltra thadhail speisialaithe i féindochar/paraféinmharú d'Ospidéal Ár mBantiarna Lourdes Droichead Átha (OBLDÁ). Tacaíonn an ceapachán seo leis an tseirbhís a sholáthraítear d'íobartaigh paraféinmharaithe, agus tairiscítear obair leanta luath, agus tacaíocht ar bhonn eisothair. San iomlán bhain 143 chliánt leas as an tseirbhís nua i 2004.

Mar gheall ar éabhlóid leanúnach sa tseirbhís b'fhéidir Brú Charraig Mhachaire Róis agus Bhaile na Lorgan a chónascadh ar láithreán Bhaile na Lorgan, agus bhíothas in ann ar an tslí sin áitreabh Charraig Mhachaire Róis a úsáid do sheachadadh raon seirbhísí sláinte intinne pobail do Dheisceart Chontae Mhuineacháin.

Cuireadh tuilleadh feabhais ar na seirbhísí in earnáil Thuaisceart Lú le ceapadh síciatraí buan comhairleach do réimse ghinearálta shláinte intinne na ndaoine fásta.

Cuireadh le gréasáin TE ar fud na seirbhíse go seirbhísí lae agus gach oifig eárnála. Chuir sin feabhas ar an ngréasán cumarsáide agus leis seo is féidir oiliúint TE a chur ar chliant a bhíonn ag freastal ar na lárionaid lae.

Earcaíodh beirt shíceolaí shinsearachacha agus an dara mac léinn síceolaíochta chomh maith le beirt oibríthe sóisialta breise. Ceadaíonn seo tuilleadh forbartha ar na foirne ildhisciplíneacha sa chontae agus leathnaítear leis rochtain ar na seirbhísí speisialaithe atá ar fáil ón bpearsanra seo.

Bunaíodh fócasghrúpa othar i nDroichead Átha. Tá baint ag an ngrúpa seo le reáchtáil an lárionaid lae agus is fóram trínar féidir le baill fhoirne canbhasáil a dhéanamh ar thuairimí na n-othar i leith fhorbairt na seirbhíse.

Cuireadh tús le tionscadal cothaithe sláinte intinne trasteorann CAWT do thréimhse dhá bhliain, le hionchur nach beag ó phearsanra Sheirbhís Sláinte Intinne an Chabháin/Mhuineacháin.

Rinneadh suirbhéanna sásaimh othair i mórchuid réimsí na seirbhíse agus measadh go raibh torthaí na suirbhéanna seo mar chuid de phróiseas feabhsaithe agus pleanála seirbhíse.

Sonraí Gníomhaíochta	2003	2004	2003 v 2004
Seirbhís Sláinte Intinne an Chabháin/Mhuineacháin			
Gach admháil	208	221	+6.25%
1 Admhálacha	71	56	-21.13%
Seirbhís Sláinte Intinne Lú/na Mí			
Gach admháil	737	708	-3.93%
1 Admhálail	198	191	-3.54%

Seirbhís Otharcharr

Soláthraíonn Seirbhís Otharcharr BSOT cúram éigeandála réamhospidéal do dhaoine an Oirthuaiscirt agus tá sí freagrach as cúram agus as iompar na ndaoine atá an-tinn nó gortaithe, go agus idir ospidéal. Soláthraíonn an tseirbhís otharchairr seirbhís iompair othar neamhphráinneach a fheidhmíonn taobh istigh agus taobh amuigh de réigiún BSOT. Tá sí freagrach freisin as pleanáil, as comhordú agus as soláthar freagra chuimsithigh agus aontaithe ar fud an réigiúin má bhíonn móréigeandáil ann. Léiríonn an t-éileamh méadaithe bliain tar éis bliana ar sheirbhísí otharchairr go bhfuil próifíl dhéimeagrafach BSOT ag athrú.

Coimisiúnadh cúig fheithicil nua Timpiste agus Éigeandála le linn na bliana.

Phleanáil, chomhordaigh agus sholáthair an tSeirbhís Otharchairr clúdach míochaine éigeandála ag roinnt imeachtaí móra taobh amuigh i 2004, i gcomhar leis an Rannóg Chothaithe Sláinte, Seirbhísí Sláinte Timpeallachta, Údaráis Áitiúla agus na Gardaí.

Coimisiúnadh CAD i 2004, tar éis gur cuireadh isteach an córas i 2003, agus chuir seo feabhas mór ar fhreagracht agus ar éifeacht an lárionaid rialaithe.

Cuireadh bunoiiliúint Tacaíochta Saoil, dífhibriliú san áireamh, ar fáil do thionscail, do ghnólachtaí, d'eagraíochtaí reachtúla agus do chlubanna sa réigiún.

Sholáthair an tSeirbhís Otharchairr cúrsaí oiliúna Chéad Fhreagróra do bhaill Seirbhísí Dóiteáin áitiúla agus don tSeirbhís Chosanta Chathardha, rud a fhorbraíonn agus a chuireann feabhas ar scileanna an duine aonair agus a mhéadaíonn comhoibriú agus comhtháthú idir na seirbhísí.

D'éirigh go han-mhaith leis an gCóras Iompair Othair, a tugadh isteach ar bhonn trialach i 2003, chun feithiclí éigeandála a chur ar fáil chun freagra a thabhairt do tharluithe níos tromchúisí. Cuireadh tús cheana le hobair chun an tseirbhís a leathnú agus a fhorbairt chun iompar éifeachtach cineálacha éagsúla othar a éascú, le raon níos leithne fadhbanna.

Sonraí Gníomhaíochta

Cineál Gloigh	2003	2004	2004 v 2003
Glaonna 999 T&E	11,887	12,814	+ 8%
Glaonna práinneacha	3,931	5,110	+ 30%
Glaonna Pleanáilte	9,427	9,799	+ 4%

Glaonna Bhaile	4,414	4,082	- 8%
Átha Cliath			

Cothú Sláinte

Is éard atá i gcothú sláinte ná próiseas a chuireann ar chumas daoine a sláinte féin a chothabháil agus a chothú. Tá sé d'aidhm aige cumas daoine aonair, pobal agus roinnt grúpaí fodhaonra a fheabhsú leis seo a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, ina measc oideachas, tacaíocht, margaíocht, bearta coisc, cruthú timpeallachta tacaíochta srl., agus go bunúsach ag cabhrú le go mbeadh sé éasca rogha sláintiúil a dhéanamh.

Chabhraigh an clár scoir chaite tobac, i gcomhar le seirbhísí ospidéal, cur ina luí ar bhreis is 2,800 duine éirí as bheith ag caitheamh (ráta ratha 36% tar éis trí mhí) le linn 2004. I gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Chroí na hÉireann agus le cabhair ó Mhaoiniú Éagothromaíochtaí, bunaíodh seirbhís scoir chaite tobac phiólótach bunaithe sa phobal i seacht n-eastát tithíochta a aithníodh mar chuid de cheantair dhíothachta sa réigiún. Seachadadh an tseirbhís ag Tacadóirí Sláinte ó na ceantair sin agus tá meastóireacht á déanamh ar an scéim faoi láthair.

De réir “Heartwatch”, tionóladh 1,031 chlinic ag an tseirbhís chothaithe bia phobail, agus cuireadh cóir leighis ar 6,187 gcliant. Forbraíodh uirlis oiliúna ‘*Stages of Change*’ agus foilsíodh í chun cabhrú le gach ball de lucht gairme na sláinte dul i dteagmháil le cliaint a dteastaíonn athrú iompair stíle maireachtála. Seachadadh an clár oiliúna ‘Cook-It’, ar aidhm leis feabhas a chur ar ionchur cothaitheach daoine ó earnálacha faoi mhíbhuntáiste ar 15 ghrúpa (105 duine), agus seachadadh an cúrsa cinnireachta ‘Cook-It’ ar 35 duine, rud a d’fhág gurbh fhéidir an clár a sheachadadh ar bhonn inbhuanaithe ar fud na bpobal.

Forbraíodh paca gníomhaíochta fisiciúla bunaithe sa bhaile, agus a foilsíodh i mBéarla agus i nGaeilge, do chliaint nach ndéanann aon aclaíocht faoi láthair le cur ar a gcumas tosaí ar an aclaíocht fhisiciúil arís ar bhealach sábháilte. Ar an tslí chéanna seachadadh clár gníomhaíochta fisiciúla do bhaill fhoirne ar fud an réigiúin.

Sholáthair an clár mí-úsáide substaintí raon cúrsaí, ar a bhfuil 40 cúrsa feasachta drugaí don phobal bunaithe ar riachtanais, 20 cúrsa feasachta drugaí scileanna saoil, 50 seimineár le heolas agus feasacht faoi dhrugaí, le hionchuir sa chlár oiliúna múinteoirí OSPS, oiliúint d’oibríthe cúraim phríomhúil ar a bhfuil DT a bhfuil oiliúint á cur orthu agus banaltraí ginearálta agus síciatracha.

I gcomhar le comhpháirtithe CAWT, cuireadh tús le tionscadal trasteorann, ‘*Steering to Safety*’ ar aidhm leis líon na dtimpistí bóthair a laghdú sna contaetha in aice leis an teorainn. Bunaíodh coiste ilearnála comhairlithe tionscadail chun

an próiseas a threorú, ar a raibh ionadaithe ón PSNI, ón nGarda Síochána, agus ó áisínteachtaí ábhartha eile.

Chuir an tseirbhís chothaithe sláinte san ionad oibre cláir i bhfeidhm ar fud na n-earnálacha cúraim shláinte, idir phoiblí agus phríobháideach, ar a bhfuil na cláir seo:

- Chríochnaigh 19 n-ionadaí den fhoireann an clár cuimsitheach oiliúna agus chuir siad i bhfeidhm tionscadail spleáchais ina n-ionad oibre féin mar chuid den tionscadal Euridice.
- Seachadadh dhá chúrsa scoir chaite tobac 6 seachtaine do Chomhairle Contae Mhuineacháin agus do Chomhairle Chontae Lú.
- Forbraíodh agus seachadadh clár oiliúna 6 seachtaine d'ionad oibre sláintiúil do choiste leasa ionaid oibre Chomhairle Contae Lú.
- Seachadadh clár gníomhaíochta fisiciúla 10 seachtaine d'fhoireann Chomhairle Contae Mhuineachán.
- I gcomhar le CAWT, seachadadh cláir ceaptha polasaithe sláinte agus leasa do 5 mhórghnólacht sa réigiún.

Lean Cothú Sláinte Intinne air de bheith ag forbairt agus ag cothú cúig Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta a sholáthraíonn raon seirbhísí dírithe ar spreagadh pobal chun iompar contúirteach a aithint agus chun freagra a thabhairt air sin. Cuireadh tús leis an gClár ASIST i 2004 agus fuair 50 duine a roghnaíodh oiliúint, ó idir shuíomhanna reachtúla agus deonacha.

Sholáthair an tseirbhís sláinte óige oiliúint sláinte ghnéis agus phleanála teaghlaigh do mhúinteoirí, do dhaoine a bhíonn ag obair sna Seirbhísí Míchumais, do Chónaidhmeanna Óige, agus do Youth Reach, srl. Lean an suíomh idirlín sláinte óige air de bheith ag cur seirbhís idirghníomhach ar fáil ag www.youthhealthne.ie.

Treisíodh an Tionscnamh Scoileanna Sláintiúla (OSPS) le hoiliúint, le forbairt Pholasaithe Cothaithe Bia (13), Ceardlanna Dúshláin Aclaíochta (10), Marcáil Clós Scoile (6) agus Forbairt Pholasaí Mí-úsáide Substainte (7). Treisíodh an obair seo le trí Scoil Shamhraidh ar fhreastail 60 duine orthu.

Seirbhísí Sláinte do Leanaí agus do Dhéagóirí

Leanadh ar aghaidh le soláthar seirbhísí sláinte leanaí agus déagóirí trí chothú sláinte, trí chosc tinnis, trí chláir imdhíonta agus trí scagadh sláinte leanaí agus trí mhaoirseacht. Ina theannta sin, rinneadh soláthar do leanaí agus dá dteaghlaigh trí chúram príomhúil agus trí raon seirbhísí speisialaithe ospidéal agus bunaithe sa phobal. Ar na disciplíní sonracha a bhaineann le bheith ag obair le leanaí agus lena dteaghlach sa phobal tá altranas sláinte poiblí, seirbhís oifigigh mhíochaine an limistéir, fiaclóireacht, síceolaíocht, teiripe urlabhra agus teanga, teiripe cheirde, fisiteiripe, síciatracht leanaí, closeolaíocht, oifailmeolaíocht agus an tseirbhís bhia-eolaíoch.

Tacaíodh le soláthar seirbhísí trí mhúnla sláinte leanaí a úsáid a d'aithin agus a chuir luach le ról na dteaghlach, na leanaí agus an aosa óig mar chomhpháirtithe i bpróiseas chur chun cinn agus cothú sláinte. Glacadh leis an gcleachtas is fearr agus le cur chuige bunaithe ar fhianaise i dtaca le forbairt agus le seachadadh na seirbhísí. Leanadh ar aghaidh le forbairt cuir chuige chomhtháite don phleanáil agus don mheastóireacht, agus treisíodh é seo trí chomhoibriú le heagraíochtaí ábhartha reachtúla agus deonacha eile.

Sholáthair an Coiste Stiúrtha Réigiúnda do Sheirbhísí Sláinte do Leanaí agus do Dhéagóirí teorú straitéiseach do gach forbairt seirbhíse. Chun sin a chur i gcrích chomhoibrigh sé go dlúth le seirbhísí limistéir áitiúla agus lean sé straitéisí náisiúnta agus réigiúnda. Bhí sé i dtadhall leis an gclár náisiúnta PAC freisin.

Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm chinneadh shuirbhéanna Thionscadal Léirithe Shláinte Leanaí trí sholáthar maoinithe shonraigh chuig na coistí áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a aithníodh sa suirbhé tomhaltóra. Bhunaigh coiste áitiúil na Mí grúpa oibre chun scrúdú a dhéanamh ar riachtanais eolais na dtuismitheoirí. Bhunaigh coiste an Chabháin/Mhuineacháin painéil tomhaltóirí óga, tríd an tionscadal sláinte do dhéagóirí. Shocraigh coiste Lú bealach gníomhaíochta cúraim do leanaí trí na seirbhísí.

Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm Tionscadail Léirithe Sláinte do Dhéagóirí. Forbraíodh an plean gníomhaíochta agus tosaíodh ar é a chur i bhfeidhm. Aithníodh athruithe seirbhíse agus éascaíodh athruithe inmholta. Cuireadh i gcrích clár samhraidh cuimsitheach. Is é aidhm ginearálta an Tionscadail ná Seirbhís Sláinte atá níos oiriúnaí a fhorbairt i limistéar an Mhuinchille agus Bhealach Bhéithe. Is é an rud suaithinseach faoin Tionscadal ná an bhéim a chuirtear ar dhul i dteagmháil le tuismitheoirí, le déagóirí, le soláthróirí sláinte agus leis an bpobal áitiúil sa phróiseas athraithe.

Scaipeadh cinneadh an Staidéar Breithe agus Naíonán. Rinne Ollscoil Uladh an tuarascáil seo, agus scrúdaíodh inti riachtanais oideachasúla na mban atá le cúram agus na máithreacha nua agus forbraíodh ullmhúchán do chreatlach oideachais do thuismitheoirí. Bhí tionchar ag cinneadh na tuarascála ar an tionscnamh oideachais réamhbhreithe a forbraíodh i Limistéar Cúraim Phobail na Mí.

Comhaontaíodh creatlach do mheasúnú moltaí tionscadail chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí sláinte. Bunaíodh agus tacaíodh le 18 dtionscadal. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach eatramhach ar thionscadail aonair agus ar chur i bhfeidhm ginearálta an tionscnaimh i Mí Dheireadh Fómhair 2004. Socraíodh maoiniú breise a sholáthar do na tionscadail chun gurbh fhéidir leanúint ar aghaidh leis an gcur i bhfeidhm i

2005. Dáileadh maoiniú freisin chun meastóireacht sheachtrach an tionscnaimh a cheadú.

Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an chlár oiliúna faoi mhaoirseacht sláinte leanaí do bhanaltraí Sláinte Poiblí agus d'Oifig Míochaine Limistéir. D'fhreastail baill fhoirne ar an nGrúpa Náisiúnta Saineolaithe agus ar an nGrúpa náisiúnta um Athbhreithniú Clár Maoirseachta. D'fhreastail an tOifigeach Oiliúna agus an tOiliúnaí Cliniciúil ar an gCúrsa Training the Trainer agus seoladh an clár go hoifigiúil. San iomlán d'fhreastail 149 Banaltra Sláinte Poiblí agus Oifigeach Míochaine Limistéir ar an gcéad mhodúl faoi Chothú Sláinte. Cuireadh tús le hobair phleanála do mhodúil a dó agus a trí faoi scagadh físe agus éisteachta.

Cuireadh tús le trí hathbhreithniú seirbhíse ar aidhm leo iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse faoi láthair i gcomparáid le moltaí na dtrí thuarascáil náisiúnta: *Best Health for Children: Developing a Partnership with Parents* (1999), *Get Connected: Developing an Adolescent Friendly Health Service* (2001) agus *Investing in Parenthood* (2002). Cuireadh i gcrích an t-athbhreithniú ar sheirbhísí do dhéagóirí agus cuireadh na hathbhreithnithe tacaíochta sláinte do leanaí agus do thuismitheoirí go 2005.

Ina theannta sin, cuireadh tús le hathbhreithniú rannpháirtíochta úsáideora seirbhíse óige. Chuir an fhoireann cinneadh tosaigh an Tionscadail Léirithe Sláinte do Dhéagóirí i láthair ag an gcomhdháil *European Health Managers Association Annual Conference on Citizen Empowerment*, i 2004.

Críochnaíodh agus faomhadh forbairt agus píolótú na huirlise iniúchta do chlinicí sláinte leanaí ag an gCoiste Réigiúnda. Scaipeadh an uirlis iniúchta le go n-úsáidfeadh na coistí áitiúla é.

Forbraíodh moladh do thabhairt isteach an Taifid Sláinte Tuismitheora, agus d'éirigh leis maoiniú a fháil lena chur i bhfeidhm ó Chiste na nÉagromaíochtaí Sláinte. Tar éis dul i gcomhairle faoi, socraíodh ar an gcóras TE a thacaíonn leis an taifead, fuarthas foinse soláthair dó, agus forbraíodh an clár oiliúna do bhaill fhoirne.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Is é cuspóir na seirbhíse seo ná cur le laghdú agus le scor easpa dídine in Éirinn, agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Bhoird agus é ag tabhairt freagra ar an bhfadhb. Tá sé d'aidhm aici freisin comhoibriú idir-rannóga a chur chun cinn taobh istigh den Bhord, idir an Bord agus údaráis áitiúla agus idir eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla a sholáthraíonn seirbhísí cónaithe agus sóisialta do dhaoine gan dídean.

Tionóladh cruinnithe míosúla athbhreithnithe idiráisiúnteachta i nDún Dealgan, i nDroichead Átha agus san Uaimh, eagraithe ag Stiúrtóir na Seirbhísí Easpa Dídine, a bhí ina chathaoirleach orthu, chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse do dhaoine gan dídean. D'fhreastail baill fhoirne ó na seirbhísí seo a leanas, sláinte intinne, leas an phobail, an rannóg tithíochta ó na húdaráis áitiúla agus eagraíochtaí deonacha do dhaoine gan dídean ar na cruinnithe. Bhí mar thoradh orthu soláthar seirbhíse níos comhtháite do dhaoine gan dídean.

Soláthraíonn *Navan Emergency Accommodation Support Group* raon seirbhísí tacaíochta teaghlaigh do theaghlaigh gan dídean a ullmhaíonn iad d'aistriú go lóistín meántéarmach nó buan. Ullmhaíonn sé leanaí ó theaghlaigh gan dídean freisin le tosú ar scoil.

Buaileann grúpa tacaíochta iarchúraim do dhaoine fásta óga ar bhonn míosúil. Soláthraíonn sé seirbhís tacaíochta do dhéagóirí a d'fhág an cúram a bhfuil comhaosaigh dá gcuid i gceannas air.

Soláthraíodh maoiniú do na tionscadail seo a leanas:

- Pobal Shíomóin, Dún Dealgan
- Drogheda Homeless Aid
- Lárionad na mBan, Droichead Átha
- Iontaobhas Bhaile na Lorgan
- N. Uinsíonn de Pól, an Cabhán
- Tionscadal Óige YIP, Dún Dealgan
- Tionscadal Áitiúil Óige, Muineachán
- Tionscadal RAPID an Chabhán
- Cónaidhm Óige na Mí

Sláinte na mBan

Leanann Grúpa Cuir i bhFeidhm Shláinte na mBan air de bheith ag cur chun cinn athrú agus forbairt seirbhíse, a dhíríonn ar riachtanais na mban sa réigiún. I gcomhar le Coiste Cur i bhFeidhm Sláinte na mBan, cuireadh chun cinn cur i bhfeidhm na bpleananna náisiúnta agus réigiúnda do shláinte na mban. Baineadh seo amach i gcomhar le rannóga éagsúla, i gcomhar le mná, le pobail áitiúla, le háisiúnteachtaí reachtúla agus deonacha. Is é an bhunaidhm ná torthaí sláinte feabhsaithe a bhaint amach do na mná agus seirbhísí a chothú atá oiriúnach do na mná.

Forbraíodh suíomh idirlín sláinte do na mná. Aithníodh gurbh í an fhadhb ba mhó a bhí ag na mná ná gan teacht a bheith acu ar eolas ábhartha. Cuimsíonn an bhearna seo easpa eolais faoi na seirbhísí atá ar fáil go heaspa eolais ó lucht gairme sláinte i dtaca le cúiseanna imní agus le cóir leighis. Agus freisin is bealach tábhachtach é an tIdirlíon anois chun eolas sláinte a fháil, agus tá a lán buanna ag baint leis, mar shampla tá teacht air go héasca 24 uair an chloig agus tá eolas nuashonraithe ar fáil air. Soláthraíonn suíomh idirlín sláinte na mban

BSOT an t-eolas cruinn agus nuashonraithe seo faoi fhadhbanna sláinte a bhaineann leis na mná, mar shampla sláinte atáirgthe, an sos míostraithe, ailse chíce agus ailse an cheirbhics. Tá ar fáil freisin míreanna nuachta nuashonraithe agus naisc chuig suíomhanna idirlín iontaofa eile a mbíonn eolas sláinte le fáil orthu. Úsáidfean an t-eolas chun an *Portal Náisiúnta na Sláinte* a fhorbairt.

Forbraíodh freisin Bealach Cúraim do Chosc agus do Bhainistiú Dúlagair Iarbheirthe i gContae Lú. Éascaíodh cruinnithe ildhisciplíneacha i dtreo chur i bhfeidhm seisiún oiliúna ildhisciplíneach faoi chosc agus faoi bhainistiú dúlagair iarbheirthe do 62 duine ar de lucht gairme na sláinte iad. Éascaíodh scileanna éisteachta do lucht gairme sláinte do 28 duine.

Éascaíodh Clár Oideachais Chomhaosaigh i gCo. na Mí i gcomhar le *Pathways to Progression*.

Leanadh ar aghaidh le hobair ghrúpa tacaíochta iarbheirthe agus seirbhíse buailisteach i nDún Dealgan i gcomhar leis an rannóg chothaithe sláinte, le Banaltraí Sláinte Poiblí, le Dochtúirí Teaghlaigh, le seirbhísí máithreachais, le tuismitheoirí pobail agus leis an bhfoireann Galair Ghoilliúnaigh sna seirbhísí sláinte intinne.

Tá Clár Tacaíochta Tuismitheoirí ar Déagóirí iad ag feidhmiú i gceart anois. Tá seirbhísí tacaíochta maidir le sláinte, le hoideachas, le leas agus le tithíocht ar fáil anois.

Ghníomhaigh mar phearsanra tadhail le *National Group of Survivors of Symphysiotomy* agus d'éascaigh measúnuithe aonair agus chuir chun cinn bealaí cúraim do thart ar 60 bean.

Forbraíodh grúpa réigiúnda ildhisciplíneach i dtreo fhorbairt feasachta méadaithe agus freagraí seirbhíse níos comhordaithe i gcosc agus i mbainistiú measarthachta.

Tacaíodh le agus cuireadh leis an socrú comhpháirtíochta le heagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do mhná atá i suíomh foréigin. Éascaíodh oiliúint ildhisciplíneach agus idiráisiúnteachta maidir le haithint agus le freagra a thabhairt ar cheisteanna foréigin in aghaidh na mban ar fud an réigiúin.

Sláinte na bhFear

Tá Seirbhís Sláinte na bhFear i mbun fir a chumasú le bheith níos onghníomhaí maidir le bheith freagrach as a gcuid sláinte féin. Is é bunaidhm Shláinte na bhFear torthaí sláinte feabhsaithe a bhaint amach do na fir agus seirbhísí a chothú atá níos oiriúnaí do na fir trí bheith ag comhoibriú le rannóga éagsúla i mBord Sláinte an Oirthuaiscirt agus i gcomhar le fir, le pobail áitiúla, le háisiúnteachtaí reachtúla agus deonacha. Bunaíodh Coiste Comhairleach

Shláinte na bhFear i 2003, agus leanann sé air de bheith ag cur chun cinn athrú agus ag forbairt seirbhíse, ag díriú ar riachtanais na bhfear i Réigiún an Oirthuaiscirt.

Chuir an coiste deireadh le forbairt *The Men's Health Action Plan 2004–2009* agus foilsíodh agus seoladh é ar 13 Nollaig 2004. Forbraíodh freisin suíomh idirlíon, a sholáthraíonn eolas áitiúil agus ginearálta faoi cheisteanna a bhaineann le Sláinte na bhFear.

Cuireadh cláir bhreise le modúl Sláinte na bhFear, a forbraíodh i 2003 agus ionchorpraíodh é i gCláir Oiliúna Cothaithe Sláinte an Bhoird. Soláthraíodh freisin modúl sláinte na bhfear ag roinnt comhdhálacha le linn na bliana, ar a bhfuil an Chéad Chomhdháil Náisiúnta faoi Shláinte na bhFear i Loch Garman ar 1 agus ar 2 Nollaig.

I gcomhar le Seirbhísí Cúraim Phríomhúil agus le Rannóg na Míochaine Sláinte Poiblí, seoladh Tionscnamh píolótach Sláinte Cardatóracsáí na bhFear i Meán Fómhair 2004. Sa tionscadal seo, atá le tarlú thar thréimhse sé mhí, tugadh cuireadh do na fir sin uile atá idir 30 agus 54 bliana agus le seoladh i gCo. Lú, a bhfuil cárta leighis acu, agus atá le DT rannpháirteach, le freastal ar thástáil sláinte cardatóracsáí. Ghlac 338 bhfear páirt sa tionscadal seo go dtí 31 Nollaig 2004.

I gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, thacaigh an Bord le forbairt Ard-Diplóma/MSc i Sláinte na bhFear atá le tosú i bhFómhar 2005.

Seachadadh an clár oiliúna, *Promoting Men's Health Within the Health Services*, do lucht cúraim sláinte agus lucht gairme pobail sa Lárionad Réigiúnda Oideachais, Baile Átha Fhearda. Seachadadh an cúrsa freisin mar chuid de chlár oiliúna Cothaithe Sláinte Bhord Sláinte an Limistéir Thiar Theas.

Mar chuid de fhreagra BSOT i dtaca le haghaidh a thabhairt ar riachtanais ghrúpaí éagsúla, aithníodh riachtanais sláinte fear aerach agus déghnéasach, iarrthóirí tearmainn/teifigh, fir le míchumas, íobartaigh foréigean sa teaghlach ar fir iar, feirmeoirí fir agus baitsiléirí tuaithe.

An Straitéis Chardatóracsach

Tacaíonn plean gníomhaíochta cúig bliana an Bhoird le cur i bhfeidhm mholtaí na Straitéise Sláinte Cardatóracsáí agus tá sé d'aidhm aige cur le feabhsuithe i sláinte chardatóracsach dhaonra an Oirthuaiscirt. Seachadtar seirbhísí a thacaíonn leis an bplean cúig bliana i gcomhar le Seirbhísí Cúraim Phríomhúil, le Cothú Sláinte, le Seirbhísí Otharchairr agus Géarospidéil agus le Fondúireacht Chroí na hÉireann. Baineadh amach torthaí maithe maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Sláinte Cardatóracsáí i rith 2004 i mBSOT.

Soláthraíodh maoiniú do cheapadh poist chairdeolaíochta comhairlí ag Ospidéal Ár mBantiarna Lourdes, Droichead Átha, agus do cheapadh tuilleadh foirne chun tacú le forbairt Seirbhíse Réigiúnda Péine Brollaigh Réigiúnda le hearcú cláraitheora, an dara teicneoir cairdiach agus tacaíochta cléirí.

Ceannaíodh trealamh monatóireacht teileimhéadrachta cairdiaí d'Ospidéal Chontae Lú agus d'Ospidéal Ár mBantiarna san Uaimh. Cuirfidh seo feabhas ar mhonatóireacht othar d'imeachtaí cairdiacha.

Aistríodh an Clár Athshlánaithe Cairdiaigh ag Ospidéal Ár mBantiarna Lourdes go Saotharlann Athshlánaithe nua-aoiseach a forbraíodh le déanaí, rud a chuirfidh feabhas ar an gcéim aclaíochta den athshlánú. Leanann na géarospidéal eile sa réigiún orthu de bheith ag forbairt Chlár Athshlánaithe Chairdiaigh.

Tá na cláir Teipe Croí ar cuireadh tús leo i 2003 ag léiriú cheana laghdú laethanta leapa ag othair atá ar an gclár a admhófaí chuig na bardaí roimhe seo. Chuir 324 othair nua tús leis na cláir i 2004.

Leantar ar aghaidh le forbairt na réimsí imscrúdaithe chairdiaigh sna géarospidéal sa réigiún agus laghdaigh sé seo an gá a bhí ag a lán dár gcuid othar taisteal go hospidéal sheachtracha. Seo achoimriú de na tástálacha a rinneadh le linn 2004:

- 4,784 ECG
- 2,807 tástáil aclaíochta struis
- 2,310 tástáil monatóra holter
- 1,619 tástáil monatóra brú fola

Tá an tionscnamh 'Heartwatch' fós ar siúl agus tá breis is 1,800 othar ó BSOT rannpháirteach ann anois, agus léiríonn na torthaí go bhfuil na hothair ag baint leasa as i réimsí laghdaithe fachtóra riosca do ghalar croí chorónaigh. Leanann an tionscnamh 'Diabetes Watch' air de bheith ag seachadadh cúraim struchtúrtha chuig breis is 470 othar sa réigiún agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le seachadadh clár cosliachta agus reitinepaite.

Forbraíodh fóram réigiúnda i 2004 chun na riachtanais oiliúna, an trealamh agus na ceantair tosaíochta d'úsáid AEDS.

Seirbhísí Ailse

Leantar ar aghaidh le forbairt Seirbhísí Ailse de réir straitéisí náisiúnta agus réigiúnda a dhírítear ar chur le feabhsuithe i gcúram ailse trí fhorbairt cuir chuige níos comhordaithe agus struchtúrtha do sheachadadh seirbhísí ailse. Soláthraítear seirbhísí áitiúla ar bhonn comhoibrithe faoi láthair ag Seirbhísí Cúraim Phríomhúil, ag Cothú Sláinte, ag Seirbhísí Cúraim Phobail, ag Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh agus Seirbhísí Géarospidéal.

Seirbhís Chomhairlithe RIAN

Tá Seirbhís Chomhairlithe Rian ina cuid den tSeirbhís Náisiúnta Comhairlithe, agus tá sí ann le héisteacht le, le meas a bheith aici ar agus le tuiscint a léiriú do dhaoine ar tugadh drochíde dóibh le linn a n-óige, go háirithe na daoine ar tugadh drochíde dóibh agus iad faoi chúram institiúideach. Tá sé d'aidhm ag RIAN cabhrú le cliaint saol níos sásúla a bheith acu agus trí fhoghlaim ón taithí a bhí acu, déanann sí iarracht drochíde leanaí a chosc amach anseo.

Seo seirbhís réigiúnda a sheachadtar go háitiúil i ngach limistéar cúraim phobail a sholáthraíonn seirbhís ghairmiúil chomhairlithe do dhaoine fásta i réigiún Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt ar féidir go ndearnadh neamart iontu nó gur cuireadh drochíde orthu le linn a n-óige, bíodh sin fisiciúil, mothúchánach nó gnéasúil. Tá sé d'aidhm ag Rian seirbhísí teiripeacha a sholáthar a bhfuil teacht orthu, a bhfuil ardchaighdeán ag baint leo agus mar a mbíonn meas ar rogha an chliaint. Is seirbhís chomhairlithe í a bhfuil teacht uirthi go díreach, atá freagrach agus a dtéann lucht úsáidte a cuid seirbhísí i bhfeidhm uirthi. Baineann sí a cuid cuspóirí amach trí bheith ag obair i gcomhar le grúpaí daoine ar cuireadh drochíde orthu, daoine ón gCoimisiún Chun Fiosrú a Dhéanamh faoi Dhrochíde Leanaí, seirbhísí eile de chuid na mBord Sláinte agus Áisínreachtaí Pobail agus Deonacha.

San iomlán atreoraíodh 1086 duine go Seirbhís Chomhairleoireachta Rian ó bunaíodh í i 2000 agus go dtí seo fuair sí an líon ba mhó d'atreoruithe a fuair aon seirbhís chomhairlithe sa tír. Tugtar na leibhéil ghníomhaíochta le linn 2004 sa tseirbhís sa chlár seo thíos.

	an Mhí	Co. Lú	an Cabhán/ Muineachán	Iomlán (ag 31-12- 2004)
Líon iomlán atreoruithe	93 [37%]	80 [31%]	81 [32%]	254
Líon na gCliant Institiúideach a atreoraíodh				19 (7%)
Uaireanta teagmhála leis an gcliant ar fáil in aghaidh na seachtaine	28	36	32	96
Líon na gCliant ag freastal faoi láthair				110
Líon na gCliant a				

chuir deireadh le/ a d'éirigh as comhairliú				250
Líon na gcliant ag fanacht ar áit chomhairlithe				163

De réir phrionsabail na seirbhíse, spreagtar féinatreorú agus déanann mórchuid de chliant na seirbhíse sin. I 2004, rinne 66% de na cliant féinatreorú, rud a bhí de réir patrún sna blianta roimhe sin ó thaobh rochtain na seirbhíse. Bhí baill teaglaigh fós ina bhfoinse thábhachtach atreoraithe; i 2004 mhéadaigh líon na n-atreoruithe teaglaigh go 11%.

Foireann Tacaíochta Seirbhíse Leasa Pobail Réigiúnda

Bíonn an tseirbhís Leasa Pobail ag iarraidh faoiseamh a thabhairt d'anacair shóisialta, agus nuair is féidir cabhraíonn sí le nach dtarlódh an rud céanna arís. Cuireann an tseirbhís daoine ar an eolas faoi na seirbhísí cothabhála ioncaim reachtúla agus cabhraíonn sí leo leas a bhaint as na seirbhísí, agus soláthraíonn sí cabhair airgid nuair is gá, tríd an scéim Liúntais Leasa Fhorlíontaigh (LLF). Bíonn sí ag iarraidh inteidlíocht a chinneadh do na seirbhísí Sláinte agus Leasa.

Leagtar amach na socruithe eagraithe do sheachadadh na scéimeanna LLF san Acht um Leas Sóisialach (Comhdhlúthú), 1993, a dhearbhaíonn an méid seo: *'subject to the general direction and control of the Minister (for Social and Family Affairs) each Health Board shall, in respect of its functional area, be responsible for the administration of the functions relating to Supplementary Welfare Allowance'*. Tá freagracht iomlán ag an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaglaigh (RGST) agus riartar í mar chuid den tSeirbhís Leasa Pobail sna Boird Sláinte. Socraíonn an Roinn na treoirínte don scéim agus cuir sí na Boird Sláinte ar an eolas fúthu.

Lean an tSeirbhís Leasa Pobail uirthi de bheith ag soláthar seirbhíse d'ardchaighdeán trí chabhair dhíreach airgeadúil, trí mheasúnuithe airgeadúla agus trí sholáthar seirbhíse eolais agus atreoraithe, comhairle agus tacaíochta.

Forbraíodh, cuireadh i gcló i 10 dteanga agus cuireadh i bhfeidhm pacáistí eolais, a bhfuil foirmeacha iarratais oiriúnacha agus bileoga eolais cabhairtheacha a mhíníonn coinníollacha teidlíochta do scéimeanna éagsúla LLF. Dáileadh iad ar gach Seirbhís Leasa Pobail agus ar gach lárionad soláthair dhíreach.

Leanann an tseirbhís uirthi de bheith ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis na comhlachtaí eile uile maidir le Tadhall d'Iarrthóirí Tearmainn. Tá a lán gnéithe éagsúla ag baint leis an obair seo, ar a bhfuil soláthar eolais leanúnaigh

staitisticiúil do chuspóirí iniúchta agus pleanála. Mhéadaigh líon na n-iarrthóirí tearmainn sa réigiún. Bhí riachtanais speisialta an ghrúpa seo fós ina ndúshlán don tseirbhís, chomh maith le nádúr casta na gcásanna in éineacht le constaicí teanga/cumarsáide.

Sláinte an Lucht Siúil

Is mionlach shuaithinseach Éireannach iad an lucht siúil a bhfuil a n-ionannas, a n-eitneachas agus a gcultúr féin acu. Cuireadh iad faoi leatrom agus faoi mhíbhuntáiste agus iad ag plé leis an bpobal le blianta fada anuas; dá dheasca seo tá saol an-imeallaithe ag an lucht siúil, agus is beag an smacht nó an tionchar atá acu ar na socruithe a bhaineann lena saol. Mar gheall ar an imeallú seo tá stádas sláinte i bhfad níos boichte ag an lucht siúil ná mar a bhíonn ag an gcuid eile den phobal, agus tá dóchas saoil níos ísle acu chomh maith le rátaí níos airde mortlaíochta naíonán. Tá a lán fachtóirí ann a théann i bhfeidhm ar stádas sláinte an lucht siúil, ar a bhfuil ceisteanna rochtana, litearthachta agus oiriúnacht chultúrtha soláthair sheirbhíse; is é an fachtóir is tábhachtaí, áfach, ná an timpeallacht saoil ina bhfuil a lán den lucht siúil ina gcónaí.

Léirigh an Daonáireamh Náisiúnta i 2002 gur 0.6% den daonra iomlán iad an lucht siúil, nó beagnach 24,000 duine. Tá difear suntasach ann fós idir aois-struchtúr an lucht siúil agus an chuid eile den phobal. Tá 42.2% den lucht siúil idir 0 agus 14 bliana d'aois i gcomparáid le 21.1% den daonra iomlán. Níl ach 3.3% den lucht siúil thar 65 i gcomparáid le 11.1% den daonra iomlán.

Leanadh ar aghaidh le forbairt na Seirbhísí don Lucht Siúil ar fud 2004. Bhuail Aonad Sláinte an Lucht Siúil (ASLS), a chuimsíonn ochtar ball foirne agus ochtar ball den lucht siúil, le chéile dhá uair sa mhí chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an Phlean Seirbhíse do Shláinte an Lucht Siúil sa réigiún. Forbraíodh an Plean Seirbhíse seo ag ASLA i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta um Shláinte an Lucht Siúil 2002 – 2005, an tAcht um Stádas Comhionann 2000, agus an Straitéis Náisiúnta Sláinte 2001.

I gCo. Lú agus i gCo. na Mí bunaíodh Coistí Áitiúla Comhairleacha Shláinte an Lucht Siúil. Cuimsíonn na coistí seo lucht gairme sláinte agus baill den Lucht Siúil ón bpobal áitiúil a bhíonn ag obair le chéile le tacú le forbairt tionscnamh agus soláthair leanúnaigh seirbhíse don Lucht Siúil i limistéar an chúraim phobail.

I gCo. Lú, bunaíodh Tionscadal Cúraim Phríomhúil Sláinte don Lucht Siúil i 1998, agus faoi láthair fostaítear seachtar ban siúil mar oibrithe cúraim shláinte pobail, a sholáthraíonn tacaíocht agus eolas faoi shláinte don lucht siúil i gcoitinne. Choimisiúnaigh ASLS athbhreithniú de na poist i réimse sláinte an lucht siúil le cinntiú go raibh tacaí oiriúnacha i bhfeidhm d'fhorbairt na seirbhísí don lucht siúil amach anseo. Críochnaíodh an t-athbhreithniú seo i Mí na Nollag 2004 agus tá scrúdú á dhéanamh ar na moltaí.

Bunaíodh tionscadal den chineál céanna i gCo. na Mí agus tá oiliúint á cur ar 12 mná siúil faoi láthair mar oibrithe cúraim shláinte pobail agus tá siad leis an oiliúint seo a chur díobh i Mí Mheithimh 2005. Bainistítear an tionscadal ag comhordaitheoir lánaimseartha agus seoladh é go hoifigiúil i Mí na Bealtaine 2004.

Tar éis phróisis chomhairlithe faomhadh comhaontú seirbhíse idir Bord Sláinte an Oirthuaiscirt agus Ceardlanna Lucht Siúil na hUaimhe chun Oibrí Forbartha Pobail a fhostú chun tacú le hobair an Tionscadail Chúraim Phríomhúil. Aithníodh oibrí forbartha pobail don tionscadal cheana.

Sa Chabhán agus i Muineachán ceapadh comhordaitheoir i Mí Mhárta 2004 agus bíonn an duine seo i dteagmháil leis an lucht siúil i gCo. an Chabháin. Cuireadh tús le réamhobair chun Tionscadal Cúraim Shláinte Phríomhúil a fhorbairt. Forbraíodh dhá phríomh-mholadh tuarascála faoi thacú le rannpháirtíocht an lucht siúil sa Chabhán, (a chomhchoimisiúnaigh BSOT agus Clár RAPID an Chabháin). Tionóladh roinnt cruinnithe le soláthróirí seirbhíse i gCo. Mhuineacháin le ceisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht an lucht siúil a phlé.

SEIRBHÍSÍ POBAIL

Intreoir

Leanann an clár seirbhísí pobail air de bheith ag soláthar don phobal raon cuimsitheach seirbhísí ginearálta míochaine agus pobail atá bunaithe go háitiúil agus a bhfuil teacht orthu, ar bhonn critéar sainmhínithe teidlíochta. Soláthraíodh seirbhísí trí fhoireann a tógadh ó raon leathan disciplíní, ag obair i gcomhpháirtíocht lena chéile, agus le heagraíochtaí agus le grúpaí deonacha, le soláthróirí eile seirbhíse sláinte agus poiblí, cliaint, teaghlaigh agus cúramóirí. Is é an cuspóir a bhí ann ná sláinte agus leas shóisialta na ndaoine, na dteaghlach agus an phobail i gcoitinne a dhéanamh chomh maith agus is féidir trí sheachadadh raon leathan seirbhísí maoirseachta, coisc, córa leighis, teiripe agus leasa, agus trí sheachadadh na seirbhísí seo ar bhealach atá comhtháite, cothrom, dírithe ar dhaoine agus atá cuntasach, de réir an chleachtais is fearr; ar an tslí sin bíonn siad de shíor ag iarraidh feabhas a chur ar chaighdeán, ar éifeacht agus ar éifeachtúlacht na seirbhísí sin.

Ó Mhí Feabhra 2004 go deireadh na bliana bainistíodh na seirbhísí réigiúnda agus pobail uile mar chlár amháin mar ullmhúchán d'athchóirithe na seirbhíse sláinte. Cuireadh feabhas ar chomhtháiteacht na seirbhíse ag leibhéal réimse chúraim an phobail mar gheall ar an athstruchtúrú seo agus leanadh seo sa mhéid ab fhéidir in ullmhú na bpleananna seirbhíse do 2005.

B'éigean do na seirbhísí pobail aghaidh a thabhairt ar a lán dúshlán sa bhliain 2004. Bhí sé an-deacair na seirbhísí a choimeád ag na leibhéil chéanna a soláthraíodh iad roimhe seo; tharla sin mar gheall ar na hathruithe sciobtha sa timpeallacht eacnamúil tar éis tréimhse fháis nach bhfacthas riamh, sin in éineacht le fás mór sa daonra. Cuireadh béim le linn na bliana ar chomhdhlúthú agus ar rialú an bhuiséid, ar chomhpháirtíocht, ar thionscnaimh luach airgid, ar chomhtháthú agus ar ardchaighdeán. Beidh an méid a baineadh amach sna réimsí seo an-tábhachtach do chothabháil agus d'fhorbairt na seirbhísí i 2005.

Seo dhá réimse a raibh an-deacrachtaí ag baint leo:-

- bhí sé deacair déileáil le riachtanais na n-iarrthóirí tearmainn, rud a rinneadh níos deacra arís trí easpa maoinithe dírithe. Bhí san iomlán 752 chliant i lárionad lóistín Mosney amháin faoi dheireadh na bliana. Críochnaíodh tuairisc a cuireadh faoi bhráid na RS&L, ina ndearnadh cur síos ar na ceisteanna.
- ba iad na srianta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar an tsíleáil fhostaíochta ba mhó a bhí ina ndúshlán do mhórchuid na seirbhísí i 2004, in éineacht leis na brúnna déimeagrafaíochta, agus bhí ár gcuid roghanna níos srianta arís maidir le tuilleadh forbairtí seirbhíse.

Sa tuarascáil seo déantar iarracht léiriú éigin a thabhairt den ghnóthachtáil agus de na constaicí a bhí ann i 2004 i gcomhthéacs iomlán aidhmeanna agus chuspóirí BSOT.

Dúshlán faoi leith a bhí i mbainistiú agus i seachadadh seirbhísí bunaithe sa phobal ós rud é go bhfuil castacht a nádúir agus éileamh orthu araon ag dul i méid. Tá a lán factóirí inmheánacha agus seachtracha, a théann i bhfeidhm ar sheachadadh ár gcuid seirbhísí mar shampla treochtaí athraitheacha déimeagrafaíochta, ionchais an phobail bheith ag athrú, stádas sláinte daonra faoi leith, forbairt múnlaí éagsúla do sheachadadh aon seirbhíse, brúnna seirbhíse i réimse amháin de na seirbhísí sláinte, bíodh siad inmheánach nó seachtrach, ar sheirbhísí pobail, brúnna a mbíonn tionchar acu ar sheachadadh seirbhísí bunaithe sa phobal agus doiciméid éagsúla reachtaíochta, straitéiseacha agus polasaí a théann i bhfeidhm ar sheirbhísí.

Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Dlúthchuid de na seirbhísí sláinte agus sóisialta a sholáthraíonn BSOT iad na seirbhísí do dhaoine scothaosta. Soláthraíodh seirbhísí i raon suíomhanna, ar a bhfuil tithe na ndaoine scothaosta, a bpobal, géarospidéil, aonaid chónaithe agus tithe altranais phríobháideacha. Cuireann líon na ndaoine atá thar 75 le dúshlán phleanáil agus soláthar seirbhísí oiriúnacha sláinte agus sóisialta. Príomhchuspóir de chuid na seirbhíse í tacú le 95% de na daoine scothaosta leanúint orthu ina gcónaí ina mbaile féin chomh fada agus is féidir de réir a rogha féin. Is é an cuspóir atá ann ná tacú le agus cothú a sholáthar do shláinte agus

do chaighdeán maireachtála na ndaoine scothaosta, a gcuid cúramóirí agus a bpobail trí úsáid na n-acmhainní atá ar fáil dúinn chun an cúram is oiriúnaí a sholáthar sa suíomh is oiriúnaí ag an am is oiriúnaí.

Taispeánann Daonáireamh 2002 go bhfuil 36,471 duine thar 65 ina gcónaí sa réigiún seo. Is ionann sin agus méadú 5% ó dhaonáireamh 1996. Níos tábhachtaí arís, tá 3,525 duine thar 85 ina gcónaí sa réigiún seo, rud a chiallaíonn méadú 31% ó 1996. Ní mór an méadú seo a chur i gcomparáid le líon na leapacha neamhghéara do dhaoine scothaosta san oirthuaisceart, .i. 40 in aghaidh míle (Meán Náisiúnta 50 leaba in aghaidh míle).

Spriocanna Gníomhaíochta 2004

Seirbhís	Bainte amach 2003	Sprioc 2004	Bainte amach 2004
Fóirdheontas Tí Altranais – Líon daoine atá ag fáil fóirdheontais	445	510	520
Fóirdheontas feabhsaithe	263	277	293
Cabhair Bhaile (faighteoirí)	2,451	2588	2668*
Leapacha Cónaithe	952	952	932
Admhálacha	3,301	3340	3564
Leapacha Tí Altranais	1498	1498	1547
Leapacha Conartha	89	89	96
Freastail Seirbhísí	5,196	4970	4102**

*Líon na ndaoine atá ag fáil cabhrach baile @ Nollaig 04

**Líon na bhFreastal ar Sheirbhísí Lae @ Nollaig 04

Bainte Amach i 2004

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Réigiúnda faoi Dhrochíde na nDaoine Scothaosta, de réir na dtreoirínte a ndéantar cur síos orthu sa Tuarascáil Náisiúnta '*Protecting Our Future*'. Táirgidh an Grúpa seo nósanna imeachta agus treoir don fhoireann chun cásanna a aithint mar a meastar go bhfuil drochíde ar siúl agus chun freagra a thabhairt orthu.

Tionóladh líon de Cheardlanna réigiúnda Feasachta ar fhreastail breis is 160 ball foirne orthu ó Aonaid Chónaithe, ó Thithe Altranais Sláinte Poiblí agus Príobháideacha.

Forbraíodh dréachtPholasaí Pleanála Scaoilte chun pleanáil scaoilte chomhtháite agus oiriúnach na ndaoine scothaosta ó ghéarshuíomhanna a éascú. Tá an Polasaí seo á phiólótú ag Ospidéal Ginearálta an Chabháin agus ag Ospidéal Ár mBantiarna, an Uaimh.

Ceapadh triúr Bainisteoirí Tacaíochta Baile go luath i 2004 agus críochnaíodh measúnú riachtanas cuimsitheach den tseirbhís atá ann faoi láthair. Píolótadh pacáistí cúraim phearsanta feabhsaithe i gCo. Lú agus i gCo. na Mí.

Críochnaíodh anailís riachtanas chuimsitheach do Sheirbhísí do Dhaoine Scothaosta bunaithe ar ghníomhartha atá fós le cur i gcrích, a aithníodh inár Straitéis '*Health Ageing - a Secure Future*' agus 'Quality & Fairness'.

Ceapadh Comhordaitheoir Forbartha Cleachtais chun feabhas a chur ar rialú cliniciúil. Bunaíodh Coiste Stiúrtha agus cuireadh i bhfeidhm plean forbartha. Rinneadh oiliúint i míniú agus i gcur i bhfeidhm an chórais Tuairisceoireachta Tarlaithe Criticiúla i ngach aonad cónaithe.

Bunaíodh tionscadal píolótach chun feabhas a chur ar rialú airgeadúil i dtaca le leapacha a fháil ar conradh ó Thithe Altranais Príobháideacha. Forbraíodh an tionscadal seo i gcomhar le Bainistiú Réigiúnda na nÁbhar agus trí dhul i gcomhairle le húinéirí na dTithe Altranais Príobháideacha.

Rinneadh tuilleadh cur i bhfeidhm ar na gníomhartha a ndearnadh cur síos orthu sa tuarascáil ó 2004 '*Working Towards Quality in Residential Services within the NEHB*', i gclár struchtúrtha agus comhtháite feabhsaithe.

Bunaíodh grúpa sainleasa i 2004 chun cleachtas is fearr a chinntiú faoi sheachadadh cúraim na gcluas agus cuireadh tús le hobair ar fhorbairt na gClinicí Cúraim na gCluas atá le tosú i 2005.

Chun taighde a dhéanamh ar an ngá atá le foirne Sonracha Ildhisciplíneacha freastal a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine scothaosta, bunaíodh tionscadal píolótach mar a ndearnadh measúnú ar riachtanais daoine thar 70 bliain i limistéar faoi leith (Leathinis Chairlinne) ag an bhfoireann ildhisciplíneach, agus uirlis chaighdeánach i bhfeidhm acu. Leanfaidh an tionscadal ar aghaidh go 2005.

Bunaíodh dhá ghrúpa nua Scoir Ghníomhaigh le linn na bliana, ag Droim Conrach agus Baile Ghib.

I gcomhar le Cumann Alzheimer osclaíodh Lárionad Lae nua ag an Seanchaisleán d'othair a bhfuil néaltrú intinne orthu i Mí Iúil 2004.

Rinneadh athchóiriú leitheadach ar Aonad Cónaithe Theach Oirghialla i 2004. Agus an t-athchóiriú ar siúl lonnaíodh na hothair in Ospidéal Naomh Dabhnaít. D'éirigh go han-mhaith leis an tionscadal seo mar gheall ar chomhoibriú na foirne ábhartha uile.

Cuireadh Clár in aghaidh Drochíde na nDaoine Scothaosta chun cinn trí oiliúint agus trí oideachas feasachta.

Seirbhísí Cúram Leanaí agus Tacaíochta Teaghlaigh

Tá sé d'aidhm ag Seirbhísí Cúraim Leanaí agus Tacaíochta Teaghlaigh raon seirbhísí dírithe ar an leanbh, d'ardchaighdeán inrochtana agus éifeachtacha a chur ar fáil do leanaí. Tá sé d'aidhm againn tacú le teaghlaigh chun an timpeallacht is fearr a sholáthar dá gcuid leanaí. Bíonn tionchar ag raon leathan reachtaíochta, rialachán, caighdeán, straitéisí, polasaithe agus nósanna imeachta ar an réimse seo; is féidir leis na tionchair seo bheith casta ach soláthraíonn siad creatlach shoiléir don obair a chuirtear i gcrích. Bíonn an Bord ag obair i gcomhar freisin le pobail, le príomháisínteachtaí reachtúla eile agus i gcomhar le soláthróirí seirbhíse deonaí eile chun leanúnachas leathan seirbhísí d'ardchaighdeán a sholáthar. Tá i gceist le bheith ag obair le leanaí agus le teaghlaigh bheith ag obair le raon leathan lucht gairme, le líon foirne agus clár i gcomhar leis an iliomad grúpaí agus áisínteachtaí seachtracha. Eilimint lárnach den tseirbhís seo is ea comhordú na hoibre seo.

Bainte amach 2004

I 2004 tugadh faoi athbhreithniú den ghrúpa réigiúnda bainistithe cúraim leanaí ag an Stiúrthóir i dtadhall leis an Aonad Forbartha Bainistithe. Chuidigh ailíniú struchtúr tuairisceoireachta agus fochoistí ag leibhéal réigiúnda le leanúint agus le monatóireacht dul chun cinn.

Forbraíodh *Leaps and Bounds: A Strategy for Children and Families in the North-East* agus seoladh é i Mí na Nollag 2004. Soláthróidh an doiciméad seo fíis, treoir agus cuspóirí soiléire do gach duine a bhíonn ag obair le leanaí agus le teaghlaigh ar feadh na sé bliana atá amach romhainn.

Seoladh *Changing Direction* – meastóireacht seirbhísí do mhná i suíomh foréigin i réigiún an Oirthuaiscirt agus leagadh amach plean straitéiseach chun cabhrú le cur i bhfeidhm na moltaí.

Cuireadh i gcló agus scaipeadh an polasaí maoirseachta do bhaill fhoirne cúraim leanaí agus disciplíní ailínithe, agus cuireadh i bhfeidhm formáid chaighdeánaithe bhainistithe comhad ar fud an réigiúin.

Aithníodh na príomhpholasaithe, na príomhnósanna imeachta agus na príomhchleachtais cúraim altranais ar gá iad a chaighdeánú ar fud an réigiúin ag an bhfóram cúraim altranais agus rinneadh dul chun cinn ar sheirbhís tacaíochta O/DS do chúramóirí altramais agus ar sheirbhís éigeandála cúraim altramais. Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras painéil sna trí limistéar cúraim phobail agus riachtanais na gcaighdeán náisiúnta á gcur san áireamh.

Táirgeadh moladh taighde don tionscadal Comhdháil Leasa an Teaghlaigh, do Thacaíocht Óige agus don Chlár Tacaíochta Óige agus bunaíodh coiste stiúrtha chun comhairle a thabhairt faoi agus chun tacú leis na tionscadail taighde.

Forbraíodh tuilleadh raon agus caighdeán na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh coisctheach le ceapadh foirne iomláine cleachtaitheoirí chun raon iomlán seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a sholáthar go díreach i gCo. Lú.

Rinneadh athbhreithniú ar chonarthaí agus ar sheirbhísí a sholáthraíonn grúpaí deonacha chun cinntiú go bhfuil luach airgid i gceist leo.

Bhí comhairliúchán rialta le leanaí, le tuismitheoirí agus le teaghlaigh agus le pobail trí sholáthraí deonacha agus pobail ar siúl ar bhonn leanúnach i 2004. Luadh dhá shampla ardphróifíle ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar shamplaí dea-chleachtais.

Seirbhísí Míchumais

Tá Seirbhísí Míchumais tiomanta d'fhorbairt agus do sholáthar seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta d'ardchaighdeán. Polasaí atá ann neamhspleáchas agus caighdeán maireachtála gach duine a éascú trí bheith ag obair i gcomhar le teaghlaigh le háistínteachtaí neamhreachtúla. Déanaimid ár ndícheall seirbhís chomhordaithe a sholáthar ón gcéad pointe teagmhála ar aghaidh agus cinntiú go bhfuil mar dhlúthchuid de fhreagra na seirbhíse meas, pleanáil dírithe ar an duine, tomhas torthaí, feabhsú leanúnach ardchaighdeán, rannpháirtíocht na n-úsáideoirí agus cur chun cinn cothromais.

Bunaítear pleanáil straitéiseach agus measúnú riachtanas ar shonraí a gineadh ó na bunachair shonraí réigiúnda míchumais a úsáidtear freisin le tacú le cuntasaíocht d'fheidhmiú seirbhíse in éineacht le táscairí feidhmíochta agus sonraí gníomhaíochta.

Faoi stiúradh an Stiúrtóra Rialaithe, Pleanála agus Meastóireachta – Seirbhísí Míchumais, tá freagracht ag Stiúrtóireacht Réigiúnda Míchumais as pleanáil straitéiseach, coimisiúnú, cinntiú ardchaighdeán agus meastóireacht seirbhíse.

Tá príomhfhreagracht ag an Stiúrthóireacht do chomhordú seirbhísí sa Bhord agus idir an Bord, úsáideoirí seirbhíse, an earnáil neamhrechtúil agus Rannóga Rialtais eile. Tá mar chuid de seo idirbheartú faoi chomhaontaithe leibhéil seirbhíse, stiúradh airgid fhorbartha, bainistiú bunachar sonraí míchumais agus comhordú struchtúr comhairliúcháin.

Seachadtar agus forbraítear bainistiú feidhmiúil na seirbhísí míchumais ar bhonn limistéir faoi stiúradh Bhainisteoirí Ginearálta na Seirbhísí Pobail. Tá Bainisteoir Seirbhísí Míchumais ag gach limistéar seirbhísí pobail (an Cabhán/Muineachán, Lú agus an Mhí) a bhíonn i gceannas ar roinnt foirne bainistithe míchumais.

Is féidir an raon leathan míchumas a ndéantar freastal orthu ar fud an réigiúin a ghrúpáil i dtrí mhórchineál: Míchumas Intleachtúil agus Uathachas, Míchumas Fisiciúil agus Dochar Céadfach.

Tá BSOT tiomanta freisin do fhreagra a thabhairt orthu sin a bhfuil ilmhíchumas orthu nó riachtanais níos casta a éilíonn freagra comhtháite agus i gcomhar le grúpaí éagsúla cúraim.

Ar na seirbhísí agus na tacaí atá ar fáil tá: tacaíocht lae, chónaithe nó bhaile, tacaí faoisimh, cabhrach pearsanta nó ildhisciplíneacha, measúnú agus idirghabháil theiripiúla, comhairliú, oiliúint athshlánaithe, fostaíocht thacaithe/fhoscaithe agus treoir cheirde. Chomh maith le soláthar díreach seirbhíse, maoiníonn BSOT freisin áisinteachtaí neamhrechtúla chun seirbhísí a sholáthar ar a shon. Seachadtar freisin raon seirbhísí speisialaithe trí chomhpháirtíocht agus trí chomhaontuithe leibhéil seirbhíse le háisinteachtaí neamhrechtúla.

Tá seirbhísí ann nach bhfuil ar fáil sa réigiún, go príomhúil seirbhísí speisialaithe lae agus cónaithe do dhaoine le míchumais. Sna cásanna seo socraítear soláthar na seirbhísí taobh amuigh den réigiún, i mBoird Sláinte eile, i dTuaisceart Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe.

Clár 1: Líon daoine le míchumas intleachtúil i Réigiún an Oirthuaiscirt

Contae	Líon	%	Ráta leitheadúlachta per 1,000
Lú	843	41.8	8.28
An Mhí	552	27.4	4.12
An Cabhán	279	13.8	4.93
Muineachán	319	15.8	6.07
Socrúcháin Sheachtracha	25	1.2	N/A

BSOT	2018	100.0	5.85
Poblacht na hÉireann*	25,448	100.0	6.49

Foinse: Bunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Intleachtúil 2004

*Bunaithe ar Thuarascáil Bhliantúil Choiste Bhunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Intleachtúil 2002

Clár 2: Líon daoine le Míchumas Fisiciúil nó Céadfach i Réigiún an Oirthuaiscirt

Contae	Líon	%	Ráta Leitheadúlachta
Lú	643	35.8	6.3
An Mhí	659	36.7	4.9
An Cabhán	246	13.7	4.4
Muineachán	247	13.8	4.7
BSOT	1,795	100.0	5.2

Foinse: Bunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Fhisiciúil agus Chéadfaigh 2004

Clár 3: Seirbhísí Míchumais Intleachtúil – líon na ndaoine a fhaigheann seirbhísí tacaíochta i Réigiún an Oirthuaiscirt

Cineál Seirbhíse	Leibhéal Seirbhíse 2004
Altranas Pobail	467
Bia-eolaí	71
Teiripe Cheirde	183
Fisiteiripe	282
Síciatracht	408
Síceolaíocht	391
Obair Shóisialta	407
Teiripe Urlabhra agus Teanga	344
Seirbhísí Míochaine	655
Tacaíocht Bhaile	108

Foinse: Bunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Intleachtúil 2004

Clár 4: Seirbhísí Míchumais Intleachtúil – líon na ndaoine a fhaigheann seirbhísí cónaithe i Réigiún an Oirthuaiscirt

Cineál Seirbhíse	Leibhéal Seirbhíse 2004
Cónaí Leathneamhspleách	21
Teach Grúpa Pobail	179
Lárionad cónaithe bunaithe ar shráidbhaile	277
Teach Altranais	28
Ospidéal Síciatrach	1
Géarshocrúchán le riachtanais speisialta mar gheall ar iompar dúshlánach	14
Géarshocrúchán le riachtanais speisialta mar gheall ar mhíchumas domhain nó ilchineálach	9
Cúram rialta páirtaimseartha	1
Eile	2

Foinse: Bunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Intleachtúil 2004

Clár 5: Seirbhísí Míchumais Intleachtúil – líon na ndaoine a fhaigheann seirbhísí lae i Réigiún an Oirthuaiscirt

Cineál Seirbhíse	Leibhéal Seirbhíse 2004
Oiliúint Ghairme Ghinearálta	40
Lárionad oiliúna speisialta ghairme	133
Lárionad Gníomhaithe/Lárionad Lae do Dhaoine Fásta	342
Clár do dhaoine scothaosta	19
Seirbhís speisialta lae ardtacaíochta	12
Dianseirbhís speisialta lae	11
Lárionad oibre foscaithe	404
Lárionad fostaíochta foscaithe	7
Earnáil chrioslaithe san fhostaíocht oscailte	1
Fostaíocht Thacaithe	93
Eile	11

Foinse: Bunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Intleachtúil 2004

Clár 6: Seirbhísí Uathachais – líon na ndaoine a fhaigheann seirbhísí i Réigiún an Oirthuaiscirt

Cineál Seirbhíse	Leibhéal
------------------	----------

	Seirbhíse 2004
Seirbhísí Teiripeacha	167
Cabhair Réamhscoile	27
Tacaíocht Bhaile	37
Faoiseamh	12
Seirbhísí Cónaithe	20
Socrúchán Lae	3

Míchumas Fhisiciúil agus Dochar Céadfach

Clár 7: Seirbhísí Míchumais Fhisiciúil agus Céadfaigh – líon na ndaoine i Réigiún an Oirthuaiscirt atá ag fáil seirbhísí tacaíochta

Seirbhís Tacaíochta	Leibhéal Seirbhíse 2004
Bia-eolaí	156
Teiripe Cheirde	515
Fisiteiripe	607
Síceolaíocht	170
Obair Shóisialta	211
Teiripe Urlabhra agus Teanga	294
Banaltra Sláinte Poiblí	417
Oibrí Acmhainní Pobail	354
Coslia	146
Seirbhís Theicniúil Teicneolaíochta Cabhrach/ Chliant	127
Ortoptach/Prostéiteach	254
Cúntóir Pearsanta	68
Cabhair Bhaile	198
Cúntóir Baile	83

Foinse: Bunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Fhisiciúil agus Chéadfaigh 2004

Clár 8: Seirbhísí Míchumais Fhisiciúil agus Chéadfaigh – líon na ndaoine a fhaigheann seirbhísí faoisimh i Réigiún an Oirthuaiscirt

Cineál na Seirbhíse Faoisimh	Leibhéal Seirbhíse 2004
Faoiseamh Pleanáilte Bunaithe sa Bhaile	8
Faoiseamh Cónaithe Pleanáilte le hardtacaíocht	60
Faoiseamh Cónaithe Pleanáilte le tacaíocht íseal	43
Socrúchán Faoisimh Shaoire	35

Foinse: Bunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Fhisiciúil agus Chéadfaigh 2004

Clár 9: Seirbhísí Míchumais Fhisiciúil agus Chéadfaigh – líon na ndaoine a fhaigheann seirbhísí lae i Réigiún an Oirthuaiscirt

Cineál Seirbhíse	Leibhéal Seirbhíse 2004
Oiliúint Athshlánaithe	48
Oiliúint Ghairmiúil	21
Fostaíocht Fhoscaithe	5
Fostaíocht Thacaithe	9
Obair Fhoscaithe	10
Lárionad Acmhainní do dhaoine scothaosta	8
Lárionad Acmhainní do Mhíchumas Intleachtúil	2
Lárionad Acmhainní do dhaoine le Míchumas Fhisiciúil nó Céadfach	76
Seirbhís Shóisialta & Shó do Mhíchumais Fhisiciúla agus Chéadfacha	4
Seirbhís Shóisialta agus Shó do Dhaoine Scothaosta	0
Seirbhís Athshlánaithe (Míchumas Fhisiciúil agus Céadfach)	0
Seirbhís lae speisialaithe do dhaoine le gortuithe cinn	0

Foinse: Bunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Fhisiciúil agus Chéadfaigh 2004

Bainte Amach 2004

Bailíodh Táscairí Gníomhaíochta agus Feidhmíochta agus córas nuafhorbartha tomhais fheidhmíochta in úsáid agus rinneadh anailís ar na sonraí a bailíodh do 2004.

Rinneadh dul chun cinn maidir le moltaí na n-athbhreithnithe réigiúnda den tSeirbhís Réigiúnda Tacaíochta Iompair, den tSeirbhís Chónaithe Mhíchumais Intleachtúil, agus de Sheirbhísí Ghalar Speictream an Uathachais.

Leanadh ar aghaidh le hiniúchadh ar chaighdeán agus ar iomláine na sonraí ar na bunachair shonraí míchumais le linn 2004.

Cuireadh deireadh leis an bplé faoi Chroí-easnamh Sholáthróirí na hEarnála Deonáí san Earnáil Mhíchumais Fhisiciúil le 5 sholáthróirí seirbhíse míchumais agus ullmhaíodh dréachtchomhaontuithe leibhéal seirbhíse.

Cuireadh tús le comhairliúchán leis an mBord, le háisínteachtaí neamhrechtúla agus leis an Roinn Sláinte agus Leanaí; bhí mar chuid de seo scóipeáil acmhainní reatha a shanntar do ghníomhaíocht cháilíochta agus chaighdeáin.

Bunaíodh Grúpa Réigiúnda Ardchaighdeáin agus Sábháilteachta le hionadaithe ón mBord agus ó sholáthróirí seirbhísí neamhrechtúla chun maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt isteach Caighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Míchumais, agus forbraíodh plean oibre faoi cheisteanna cinntithe ardchaighdeáin.

Foilsíodh agus scaipeadh an Tuarascáil *Review on Autism Spectrum Disorder (A Spectrum of Response for a Spectrum of Need)* i Mí Mheithimh 2004 agus seoladh go foirmeálta é i Mí Dheireadh Fómhair 2004.

Críochnaíodh agus foilsíodh *A Statement of Strategy for Physical Disability and Sensory Impairment Services 2005-2007*. Tionóladh seoladh foirmeálta ar 16 Nollaig, 2004 ag imeacht a eagraíodh i gcomhar le Seirbhísí na Leanaí agus an Teaghlaigh.

Críochnaíodh an straitéis *A Statement of Strategy for Intellectual Disability and Autism 2005-2007* go dtí an dréachtchéim dheireanach.

Forbraíodh agus scaipeadh ceistneoir rialaithe i gcomhar le Cónaidhm na gComhlachtaí Deonacha agus le Cónaidhm Mhíchumais na hÉireann, agus dearadh clár oiliúna.

Tionóladh sraith de sheisiúin eolais idir na hoibrithe pobail atá ag obair le hAonad Sláinte Cúraim Phríomhúil an Lucht Siúil agus gach ceann de na foirne míchumais i Mí Mheán Fómhair/Mí Dheireadh Fómhair i dTeach Mounthamilton, Dún Dealgan. Fiontar an-úsáideach a bhí ann agus leis seo cuirtear le teacht ar sheirbhísí do theaghlaigh ón lucht siúil.

Seirbhísí Speisialaithe Cúraim Mhaolaithigh

Soláthraítear seirbhísí speisialaithe Cúraim Mhaolaithigh d'othair a bhfuil galar orthu a chuireann srian lena saol (m.sh. ailse, MND, teip chroí, teip scamhóg). Tairiscítear tacaíocht dá dteaghlaigh trí thréimhse an ghalair go tréimhse an mhéala. Soláthraítear seirbhísí go gach aoisghrúpa, leanaí san áireamh. Tairiscítear seirbhísí do leanaí a bhfuil leicéime, ailse nó galair mharfacha eile orthu. Is é aidhm ár gcuid idirghabhálacha ná tacú leis an othar agus lena dteaghlach sa tslí gur féidir leo saol chomh gníomhach agus is féidir a bheith acu ar feadh chomh fada agus is féidir. Déantar an t-othar a thionlacan agus iad ag tosú ar bhás a fháil agus déantar iarrachtaí fadhbanna a dhéanamh amach roimh réidh sa tslí nach mbíonn othair agus a muintir ag fulaingt gan ghá.

Chuige seo soláthraítear raon seirbhísí ag trí fhoireann speisialaithe (ceann do gach limistéar cúraim phobail). Tá an fhoireann ildhisciplíneach agus bíonn lia comhairleach i gceannas uirthi. Cuimsíonn si dochtúirí, banaltraí, oibríthe míochaine sóisialta, síceolaíocht chliniciúil, fisiteiripe, teiripe cheirde, teiripe chomhlántach agus tréadchúram. Soláthraítear seirbhísí i raon suíomhanna cúraim (géarospidéal agus pobail) i gcomhar leis an bhfoireann fhreastail phríomhúil.

Is é cuspóir an chúraim mhaolaithigh ná raon seirbhísí speisialaithe, cuimsitheacha, bunaithe go cuí a sholáthar ag leibhéal a oireann do riachtanais na n-othar agus na dteaghlach, nuair a theastaíonn agus don mhéid ama a theastaíonn, ar bhealach agus in áit atá inghlactha dóibh siúd a bhfuil cúram á chur orthu. Soláthraítear seirbhísí ag baill fhoirne ghairmiúla ar cuireadh oideachas orthu go leibhéal atá oiriúnach don chúram atá á sholáthar, i gcomhar le grúpaí deonacha ospíse tríd an réigiún, soláthróirí seirbhíse eile (géarospidéal san áireamh), cliaint, teaghlaigh agus cúramóirí.

Bainte amach 2004

Le linn 2004, ar na seirbhísí d'othair a soláthraíodh tá na cinn seo a leanas:-

Bhí seirbhís mhíochaine ar glaoch 24/7 don Chúram Maolaitheach ag Ospidéal Dhroichead Átha ar fud na bliana. Mhéadaigh líon na n-atreoruithe do gach eilimint den tseirbhís le linn na bliana freisin. Is fiú tabhairt faoi deara go ndearnadh seirbhís seacht lá den tseirbhís i Limistéir Chúraim Phobail Lú agus na Mí. Soláthraíodh na seirbhísí seo a leanas le linn na bliana agus leanfar leo i 2005:-

Seirbhísí cúraim mhaolaithigh speisialaithe sa phobal a bhfuil lia comhairleach i gceannas orthu,
Seirbhísí Comhairlithe Cúraim Mhaolaithigh Speisialaithe i nGéarospidéal,
Clinicí Cúraim Mhaolaithigh Speisialaithe d'Eisothair ag Ospidéal Ginearálta an Chabháin, agus Ospidéal Dhroichead Átha,
Cúram Roinnte Othar Cónaithe in Ospidéal Dhroichead Átha,
Seirbhís Chomhairleach Chúraim Mhaolaithigh Speisialaithe do DT agus do Stiúrthóirí Míochaine aonad cónaithe do dhaoine scothaosta.

Tá an tseirbhís tiomanta do pholasaí an Bhoird maidir le hoideachas ar feadh an tsaoil le forbairt chlár dírithe oideachais agus oiliúna ag trí leibhéal.

Chuir roinnt Speisialtóirí Altranais Chliniciúil tús le hArd-Diplómaí sa Chúram Maolaitheach le linn na bliana, agus thug triúr faoi Chéimeanna Máistreachta. Eagraíodh naoi lá oiliúna réigiúnda inseirbhíse do gach grád foirne i 2004. Ina theannta sin sholáthair baill na seirbhíse oiliúint do Chláraitheoirí Speisialaithe ó Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn, agus d'Ard-Diplóma COBÁC san Altranais Cúraim Mhaolaithigh.

Oiliúint neamhspeisialaithe: Díritear an leibhéal seo ar oibrithe cúraim shláinte ar féidir go bhfuil ualach oibre ard acu i dtaca le hothair le riachtanais chúraim mhaolaithigh ach nach bhfuil ag obair go lánaimseartha sa chúram maolaitheach. Tá mar chuid de seo clár atá dírithe ar BSP, ar DT, ar oiliúnaithe gairme sa chleachtas ginearálta agus dochtúirí agus banaltraí i ngéarospidéal.

Oiliúint Ghinearálta: Mar chuid den tionscadal faoi Chúram Daoine atá ag Fáil Bháis in Ospidéal soláthraíodh léachtaí seachtainiúla. Soláthraíodh oiliúint trí chlár cúig lá Chumann Ailse na hÉireann faoi chúram ailse.

I gcomhar le Fondúireacht Ospíse na hÉireann agus áisínreachtaí seachtracha eile tugadh faoi roinnt tionscadal taighde tábhachtach i 2004, ina measc: -

- Cúram na nDaoine atá ag Fáil Bháis in Ospidéal
- Aistriú na nOthar go Cúram Maolaitheach
- Éifeachtúlacht agus Éifeachtaí ó thaobh Costais de na gCóras Seachadta Drugaí *Parenteral*
- Cárta Roinnte a bhíonn i Seilbh an Othair sa Chleachtas Ginearálta.

Rinne tuarascáil an Choiste Náisiúnta Chomhairligh faoi Chúram Maolaitheach (CNCCM) roinnt moltaí maidir le foirniú do chúram maolaitheach speisialaithe. De réir na mionmholtáí seo rinneadh roinnt príomhcheapachán sa Bhord.

Le lárnú na seirbhísí is mó dúshlán atá ann chun riar a dhéanamh ar riachtanais lóistín na bhfoirne ar bhealach a éascaíonn comhtháthú agus treoshuíomh an phearsana nua. Coimisiúnaíodh roinnt tionscadal forbartha caipitil agus tá cinn eile ag céim phleanála.

Rinne CNCCM príomh-mholadh chun comhpháirtíocht a fhorbairt idir Earnálacha Reachtúla agus Neamhrialtais. Ag eascairt as seo bunaíodh Coiste Réigiúnda Comhairleach agus Coiste Réigiúnda Forbartha faoi leith. Bhuail siad seo le chéile gach ráithe i 2004. Fóraim an-éifeachtacha agus an-táirgiúla atá iontu. Trí na coistí seo, déantar Seirbhísí Réigiúnda Cúraim Mhaolaithigh Speisialaithe a phleanáil, a athbhreithniú agus a fhorbairt agus déantar monatóireacht orthu i gcomhar leis na Grúpaí Ospíse Deonacha ar fud an réigiúin.

Bunaíodh Grúpa Tionscadail chun mapáil a dhéanamh ar Fhorbairt na Seirbhísí Maolaitheacha i ngach ceann de na limistéir Ghrúpa Ospidéal Lú/an Mhí agus an Cabhán-Muineachán, le baill ionadaíocha ó idir ospísí reachtúla agus deonacha. Críochnaíodh obair an Ghrúpa don Chabhán/Mhuineachán agus tacaíodh lena dtuarascáil agus a cuid moltaí maidir le soláthar na leapacha Leibhéal II agus Seirbhísí Ospidéal Lae Leibhéil III, ag an gCoiste Forbartha agus cuireadh í faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí i mí na Bealtaine 2004. Beidh obair an Ghrúpa do Lú/an Mhí ar siúl go leanúnach.

Síciatracht Leanaí agus Déagóirí

Soláthraíonn an tseirbhís síciatrachta Leanaí agus Déagóirí diagnóis mheasúnaithe agus seirbhís chóra leighis do leanaí agus do dhéagóirí ó 0 – 16 bliana. Faoi láthair bíonn an tseirbhís ag feidhmiú trí fhoireann ildhisciplíneach, ceann acu a sholáthraíonn seirbhís don Mhí, ceann do Lú agus ceann don Chabhán/do Mhuineachán. Chomh maith le measúnú agus le cóir leighis soláthraítear seirbhís chomhairliúcháin d'áisínreachtaí eile. Bíonn an tseirbhís rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí múinteoireachta, taighde agus acadúla freisin.

Pléann an tseirbhís le leanaí le fadhbanna tromchúiseacha sláinte intinne. Ar na fadhbanna sláinte intinne tromchúiseacha atá ann tá: *Anorexia Nervosa* agus galair itheacháin eile, iompar féinmharaithe, dúlagar, galair shíceotacha, fadhbanna síceashómatacha, galair dianimní, galair dhughabhálacha, galair hípearghníomhaíochta, fadhbanna tromchúiseacha mothúchán agus dianfhadhbanna caidrimh idir tuismitheoirí agus leanaí.

Ní chlúdaítear leanaí agus déagóirí le deacrachtaí foghlama acu atá níos mó ná séimh i sainchúram na seirbhíse. Ina theannta sin is minic gur fearr cuid de na fadhbanna a bhaineann leis an scoil a atreorú chuig Seirbhísí Síceolaíochta Cúraim Phobail nó chuig Seirbhís Náisiúnta na Síceolaíochta Oideachasúla.

Tá sé d'aidhm ag Seirbhís Síciatrachta na Leanaí seirbhís chuimsitheach shíciatrach a sholáthar do leanaí do dhéagóirí agus dá dteaghlach trí mheasúnú, trí dhiagnóis, trí chomhairliúchán agus trí idirghabháil theiripeach. Treoraítear soláthar na seirbhíse seo ag Ardchaighdeán agus Cothromas agus ag doiciméid straitéiseacha áitiúla agus náisiúnta. Cuimsíonn an sainchúram seo leanaí agus

déagóirí a bhfuil galair shíciatracha óige orthu agus sainmhíonann sé seo grúpa fadhbanna atá difriúil go cáilíochtúil agus go cainníochtúil ó fhadhbanna na ndaoine a bhfuil deacrachtaí níos séimhe acu.

Bainte amach 2004

Forbairt Theiripe Ghrúpa – ritheadh cuid de na grúpaí go ráfar sa Chabhán/ i Muineachán – mar shampla grúpa do thuismitheoirí a bhfuil leanaí acu idir 4 – 11 bliana agus a bhfuil meascán de dheacrachtaí mothúchána agus iompair acu.

Sa Chabhán/ i Muineachán, rinneadh Speisialtóir Altranais Chliniciúil de dhuine den fhoireann altranais le spéis faoi leith i ngalair itheacháin, agus leanann sí uirthi de bheith ag fáil oiliúna chun cur lena cuid speisialtóireachta i réimse na ngalar itheacháin. Táthar ag súil leis, mar sin de go bhforbrófar seirbhís réigiúnda ghalar itheacháin.

Measadh go gcuirfí seirbhísí síciatracha leanaí isteach sa chlár céanna le sláinte intinne do dhaoine fásta, mar chuid den chlár athchóirithe, áfach, tá síciatracht do leanaí faoi stiúradh na Stiúrthóireachta Pobail Phríomhúil agus Cúraim Leanúnaigh.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn leis an gClár Frithmháistíneachta le linn na bliana le soláthar oiliúna do mhúinteoirí chun seisiúin ghrúpa a sholáthar do dhaltaí soghonta ar íobartaigh mhaistíneachta iad nó ar dócha go mbeidh siad ina n-íobartaigh. Tá soláthar tacaíochta agus oiliúna do mhúinteoirí i scoileanna atá rannpháirteach i gcur i bhfeidhm an chlár seo ar siúl go leanúnach.

Le linn 2004, mhaoinigh BSOT cóir leighid d'othair le galair itheacháin agus le galair shíciatrachacha eile in Ospidéal Naomh Pádraig, Baile Átha Cliath. Ach b'éigean othair a chur in aonaid ghalair itheacháin sa Ríocht Aontaithe, mar shampla Rhodes Farm, agus in áiseanna córa leighis síciatraí d'othair chónaithe do dhéagóirí sa R.A., mar shampla Ospidéal Huntercombe. Bhí na hidirghabhálacha seo an-chostasach agus leo cuireadh ualach airgeadúil nach beag ar an tseirbhís sláinte, agus fadhb a bhí ann freisin ó thaobh teacht a bheith ag an teaghlach ar an othar, agus iad ag teastáil mar chuid den chóir leighis. Tosaíocht a bheas i gcóir leighis an ghrúpa seo agus déanfar tosaíocht fós den ghá atá le seirbhísí oiriúnacha a fhorbairt in Éirinn.

Reáchtálann an Fhoireann Síciatrachta Leanaí sa Chabhán/i Muineachán Irisclub seachtainiúil chun fanacht ar an eolas faoi gach forbairt reatha sa tSíciatracht do leanaí. Coinníonn an tseirbhís a thiomantas do thuilleadh oiliúna do gach ball foirne.

Leanadh ar aghaidh leis an Tionscadal Coisctheach Iláisínteachta *Crosslinx* do leanaí na n-othar atá tinn go síciatrach le linn na bliana. Tá i gceist leis an

tionscadal seo Seirbhís Sláinte Intinne na hUaimhe, Síceolaíocht Chúram an Phobail agus Seirbhís Tacaíochta an Teaghlaigh.

Cuireadh tús le clár lae (lá sa tseachtain) do dhéagóirí a bhfuil galar tromchúiseach síciatrach orthu le linn na bliana. Tá sé seo lonnaithe i Lárionad na Leanaí agus an Teaghlaigh, Droichead Átha, Co. Lú.

Is léir, mar sin de, gurb í príomhghnóthachtáil 2004 ná an leibhéal seirbhíse a bhí ann cheana a choinneáil oiread agus is féidir i dtéarmaí measúnaithe agus córa leighis na leanaí agus na ndéagóirí sin a atreoraítear chuig an tseirbhís Thadhail Phéidiatraicigh in Ospidéal Dhroichead Átha. Reachtáladh roinnt grúpaí in ainneoin na gconstaicí a bhaineann le leibhéal foirne.

Seirbhísí Oftailmeolaíochta

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar Sheirbhísí Oftailmeolaíochta i 2004. Bunaíodh Coiste Cur i bhFeidhm chun impleachtaí mholtaí an athbhreithnithe a scrúdú agus tá an próiseas sin fós ar siúl.

Seirbhísí Géarospidéil

Forbhreathnú

Soláthraíonn BSOT seirbhísí géarospidéil ar bhonn othair chónaithe, eisothair agus cás lae in dhá ghrúpa ospidéil: Grúpa Ospidéal Lú agus na Mí a chuimsíonn Ospidéal Ár mBantiarna Lourdes, Dhroichead Átha, Ospidéal Ár mBantiarna, an Uaimh agus Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgan; agus Grúpa Ospidéal an Chabháin agus Mhuineacháin a chuimsíonn Ospidéal Ginearálta an Chabháin agus Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin.

I 2004 cuireadh béim arís ar fheabhas a chur ar theacht ar sheirbhísí agus ar amanna feithimh a laghdú faoi mar a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Sláinte, *A Health Strategy for the People of the North East* agus i dtionscnaimh pholasaí eile.

Mhéadaigh gníomhaíocht iomlán ospidéil go mór i 2004. Ní raibh athrú ann ó 2003 ar leibhéal admhálacha othar cónaithe, ach leanadh ar aghaidh le fás gníomhaíochta cáis lae, ag ráta de níos mó ná 10%. Sa Ghrúpa Ospidéal Lú/an Mhí laghdaíodh an brú ar sheirbhísí cnáimhseachais le laghdú de beagnach 50% de bhreitheanna ag máithreacha nach saoránaigh de chuid na hÉireann iad. Ach is beag nár cuireadh an laghdú seo ar ceal ag fás sa daonra dúchasach, agus mar sin de bhí ráta úsáidte na leapacha fós an-ard. Bhí méadú ann ar líon na gcásanna breithe agus cnáimhseachais i nGrúpa Ospidéal an Chabháin/Mhuineacháin. Bhí na brúnna seirbhíse is déine le fáil in Ospidéal Dhroichead Átha, go háirithe i gcás na n-admhálacha do thráma.

GNÍOMHAÍOCHT GHÉAROSPIDÉAL 2004 (bunaithe ar scaoilte)

Speisialtóireacht	Ospidéal Ár mBantiarn a Lourdes, Droichead Átha	Ospidéal Chontae Lú, Dún, Dealgan	Ospidéal Ár mBantiarna , an Uaimh	Ospidéal Ginearálta an Chabháin	Ospidéal Ginearálta Mhuineach áin	IOMLÁN
Máinliacht	2851	1738	1997	2774	1048	10408
Míochaine	3649	3928	3153	3823	2170	16723
Ortaipéideach	2810		1169			3979
Péidiatraiceach	3288			1670		4958
Cnáimhseachas	6862			1779		8641
Gínéiceolaíocht	2092			835		2927
ENT	188					188
Iomlán	21740	5666	6319	10881	3218	47824
Breitheanna	3398			1380		4778
Cásanna Lae						
Máinliacht	3543	2959	2222	1942	1875	12541
Míochaine	2287	1328	491	631	1931	6668
Ortaipéideach	325		917			1242
Scagdhealú Duánach				6763		6763
Úireolaíocht	464	250				714
Cnáimhseachas	1582			135		1717
Gínéiceolaíocht	989	416	40	404	134	1983
Oinceolaíocht	1298			2048		3346
Péidiatraic	1490			312		1802
Deirmeolaíocht	268					268
ENT	147					147
Ospidéal Seanliachta Lae	340			1990		2330
Eile	63	88			36	187
IOMLÁN	12796	5041	3670	14225	3976	39708
Rannóg T&E						
Nua	34944	17750	16194	18006	7239	94133
Athbhreithniú	2429	1130	1850	1557	4186	11152
Iomlán	37373	18880	18044	19563	11425	105285

Ortaipéide

Bunaíodh seirbhís bhaincéireachta chnámhe agus tá sí ag feidhmiú ag Ospidéal na hUaimhe ó Mhí Feabhra, 2004. Ceaptar go bhfaighidh an banc cnámh go leor cnámh chun soláthar a dhéanamh do mháinliacht athbhreithnithe alt uile (m.sh. socrúcháin an dara alt) agus aistrítear cnámh breise chuig an gCeapach lena dháileadh ar lárionaid eile.

Atheagrú Ginearálta Máinliachta

Cuireadh chun cinn moltaí chun comhrannóg mháinliachta a bhunú idir Dún Dealgan agus Droichead Átha chuig céim an chuir i bhfeidhm trí mhúnla comhpháirtíochta a úsáid. Meastar go mbeidh an plean ag feidhmiú go huile is go hiomlán faoi 1 Eanáir, 2005. Cruthaíodh rannóg mháinliachta chomhairlithe le seisear duine chun seirbhísí a sholáthar ar an dá láithreán ospidéil. Meastar go mbeidh de thoradh air seo gníomhaíocht mhéadaithe thoghaí in Ospidéal Chontae Lú agus laghdú liostaí feithimh ar an dá láithreán.

Cheadaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí Foireann Dhearthra chun soláthar dhá obrádlann mhodhúla a chur chun cinn, le háiseanna tacaíochta lóistín, ag Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgan, le tacú le bunú na Comhrannóige ag costas measta caipitil de €3m.

Pleananna Rialaithe Forbartha

I 2004 thug an Roinn Sláinte agus Leanaí faomhadh don Bhord Foireann Dhearthra chun Foireann Dhearthra a cheapadh le hullmhúchán a dhéanamh do phlean rialaithe forbartha d'Ospidéal na hUaimhe. Nuair a bheas an plean seo críochnaithe cuirfear an Fheidhmeannacht ar an eolas faoi chaipiteal agus faoi fhorbairtí seirbhíse do láithreán an ospidéil amach anseo. Fuarthas freisin faomhadh do cheapadh Foirne Deartha chun staidéar féidearthachta suímh a ullmhú a chabhróidh le pleananna forbartha a chinneadh d'Ospidéal Dhroichead Átha.

I Mí Lúnasa, 2004, cheadaigh an Roinn ceapadh Foirne Deartha chun uasghrádú a dhéanamh ar na cistineacha ag Ospidéal Dhroichead Átha, ag costas measta caipitil de €2.125m.

Ceapadh Foireann Deartha go foirmeálta i Mí na Nollag 2004 chun an Plean Imlíne Rialaithe Forbartha a ullmhú do láithreán Ospidéal Ginearálta an Chabháin.

Críochnaíodh an sainchúram pleanála do Chéim a hAon den Phlean Imlíne Rialaithe Forbartha d'Ospidéal Ginearálta an Chabháin i mí na Nollag 2004 agus tá i gceist críochnú an limistéir mháinliachta 3, an obrádlann agus lóistín gaolmhar. Cuireadh an sainchúram faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí i Mí na Nollag, 2004. Is é costas caipitil an tionscadail ná €6.55m.

Tar éis bhunú foirne tionscadail i Mí na Nollag, 2003, chuir an Bord sainchúram pleanála faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí i Mí Feabhra, 2004 i dtaca le huasghrádú na n-áiseanna Seomra Córa Leighis ag Ospidéal Ginearálta

Mhuineacháin. Cuireadh an Bord ar an eolas faoi dheontas de €750,000 i Mí Mhárta 2004. Tar éis cheapadh Foirne Tógála cuireadh tús le tógáil i Mí Mheán Fómhair, 2004.

Tar éis bhunú foirne tionscadail i Mí na Nollag, 2003, chuir an Bord sainchúram planála faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí d'athchóiriú an bharda mhíochaine do na fir agus an bharda mháinliachta ag Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin. Cuireadh an Bord ar an eolas faoi dheontas de €2m i Mí Mhárta 2004. Ceapadh Foireann Dheartha i mí na Bealtaine 2004 agus bhíothas ag fanacht ar chead le dul ar aghaidh chuig an dearadh mionsonraithe ag deireadh na bliana.

Atheagrú Seirbhíse

Tar éis treorach ón bPOF i Mí Aibreáin 2004, bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun cinneadh a dhéanamh, i gcomhar leis an mBord agus le lucht bainistíochta an ospidéil, faoin leibhéal seirbhíse atá le soláthar ag gach suíomh i nGrúpa Ospidéal an Chabháin/Mhuineacháin, ag cur san áireamh na hacmhainní atá ar fáil, ardchaighdeán cúraim agus cleachtais shábháilte (bainistiú riosca san áireamh). D'eisigh an Grúpa Stiúrtha a Thuarascáil i Mí Dheireadh Fómhair 2004 agus bunaíodh grúpa leis na moltaí a chur i bhfeidhm atá le fáil sa tuarascáil.

Míochaine Ghinearálta

Cuireadh tús le seirbhís Athshlánaithe Cairdiaigh i Mí Iúil, 2004 in Ospidéal Droichead Átha.

Thosaigh Cairdeolaí Comhairleach nua ag obair ag Ospidéal Droichead Átha i Mí Mhárta 2004.

Cuireadh tús le seirbhísí réigiúnda nua, Cúram Siomtómach Cíche & Cúram Maolaitheach i Meitheamh, 2004, le coimisiúnú lóistín mhodhúil nua ag Ospidéal Droichead Átha agus osclaíodh Aonad nua ICU/CCU i Mí Mheithimh 2004 ag costas caipitil de €1.17m. Ceadaíodh maoiniú breise ioncaim de €0.800m freisin le tacú le hainéistéisí comhairleach agus le foireann altranais don fhorbairt seo.

Ceapadh Réamaiteolaí Comhairleach agus Lia Ginearálta d'Ospidéal na hUaimhe i Meán Fómhair, 2004.

Ceapadh Lia Comhairleach le spéis faoi leith san Inchríneolaíocht i Mí Aibreáin, 2004, agus an duine seo lonnaithe in Ospidéal Chontae Lú.

Cuireadh tús le clinic teipe croí ag Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin i Mí Feabhra, 2004.

Seirbhísí T & E

I Mí Lúnasa 2004, cheadaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí ceapachán Foirne Deartha chun uasghrádú a dhéanamh ar Rannóg T&E Ospidéal Droichead Átha, ag costas measta caipitil de €2m.

Péidiatraic

Fuarthas cead ó Chomhairle na nOspidéal do chúig phost buan i nGrúpa Ospidéal Lú agus na Mí, agus líonadh an dá fholúntas deireanach i 2004. Tá na poist seo de réir mholtaí Ghrúpa Athbhreithnithe na Seirbhísí Máithreachais, a raibh Pat Kinder ina chathaoirleach air.

Cnáimhseachas/Gínéiceolaíocht

I nGrúpa Ospidéal Lú agus na Mí fuarthas cead ó Chomhairle na nOspidéal do shé phost bhuaana.

Tugadh isteach prótacail aistrithe athbhreithnithe do mhná torracha agus do leanaí nuabheirthe a thagann chuig áiseanna ospidéil nach bhfuil cnáimhseachas ar fáil iontu ag Ospidéal na hUaimhe, ag Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgan agus ag Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin.

Mar ghníomh dhearfach chun cur chuige cuimsitheach a chothú a bhfuil meas aige ar dhifriochtaí, foilsíodh bileog eolais faoi sheirbhísí máithreachais agus péidiatraiceacha i ndeich dteanga agus cuireadh ar taispeánt iad ag gach ospidéal agus gach lárionad sláinte sa réigiún.

Raideolaíocht

Ceapadh beirt Raideolaithe Comhairleacha i 2004 le spéis faoi leith i Raideolaíocht na gCíoch, ag na Seirbhísí Réigiúnda Cíche, atá lonnaithe in Ospidéal Droichead Átha.

Paiteolaíocht

Thosaigh Ionadaí Sainphaitheolaí Comhairleach ag obair ag Ospidéal Droichead Átha i Mí na Bealtaine 2004, go dtí go ndéanfaí ceapachán buan.

Creidiúnaithe Seirbhísí

I 2004 leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht thrí shaotharlann Ghrúpa Lú agus na Mí sa phróiseas náisiúnta creidiúnaithe. Rinneadh athbhreithniú ar sheirbhísí máithreachais sa ghrúpa de réir chaighdeán a leagadh amach ag Bord Creidiúnaithe Sheirbhísí Ospidéal na hÉireann. Beidh an taithí a fuarthas an-úsáideach chun dul ar aghaidh le creidiúnú ar fud an chórais faoin scéim náisiúnta.

Seirbhísí Máithreachais agus Ban

I Mí Lúnasa 2004 cheadaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí ceapadh Foirne Deartha chun aonaid a fhorbairt i nDroichead agus sa Chabhán a bhfuil mná cabhrach i gceannas orthu. Is é an costas iomlán measta air seo ná €1.48m. Críochnaíodh na haonaid nua ag Droichead Átha agus sa Chabhán i Mí na Nollag 2004.

Cuireadh i bhfeidhm Córas Eolais Mháithreachais i Mí na Nollag, 2004.

Seirbhís Rochtana Dírí

I 2004 cuireadh tús le céim phiólótach bhliana don chóras áirithinte leictreonaí in Ospidéal Chontae Lú. Tá an córas seo le cur i bhfeidhm go luath i 2005. Ghlac cúig chleachtas DT i gceantar Dhún Dealgan páirt sa chéim phiólótach trína gcuid othar a chur in áirithe go leictreonach do nósanna imeachta inscóipe.

Is í an tseirbhís Haematuria an chéad seirbhís eile a chuirfear i bhfeidhm sa chóras. Cuirfear an córas i bhfeidhm in Ospidéal Mhuineacháin i 2005 chun nósanna imeachta inscóipe agus tástála anála úiré agus clinic othrais chlinice a éascú. In Ospidéal Droichead Átha is í an chéad seirbhís a dhéanfar leictreonach ná an tseirbhís cholpascóipe. Agus cuirfear an córas áirithinte i bhfeidhm in Ospidéal Ginearálta an Chabháin do nósanna imeachta inscóipe agus do mhion-nósanna imeachta. Ciallaíonn na forbairtí seo go mbeidh teacht ag níos mó dochtúirí sa réigiún ar an gcóras áirithinte ina n-ospidéal áitiúil má cheanglaítear iad le hEislíon na DT.

Déanfar iniúchtaí agus suirbhéanna rialta agus beidh na torthaí ó shuirbhé othar faoi Sheirbhísí Rochtana Dírí in Ospidéal Contae Lú ar fáil go luath i 2005.

Seirbhísí Ortadóntacha

Sa tseirbhís ortadóntach méadaíodh líon na n-othar a bhfuil cóir leighis á cur orthu agus leanadh ar aghaidh le laghdú na liostaí feithimh. Earcaíodh speisialtóir ortadóntach. Chuaigh beirt oiliúnaithe iarchéime isteach sa tríú bliain oiliúna, sin an bhliain dheireanach, agus beidh éifeacht dhearfach aige seo i 2005 nuair a chuireann siad tús le hobair lánaimseartha sa tseirbhís. Rinneadh

dul chun cinn maidir le pleananna le córas ríomhaireachta nua bainistithe othar agus cuireadh oiliúint ar an bhfoireann faoi conas é a úsáid i gceart.

Socraíodh ar sholáthar lóistín breise oifige san Aonad Réigiúnda i nDún Dealgan, agus ba chóir go mbeidh an tionscadal seo críochnaithe faoi Fhómhar 2005.

Cliniceoirí sa Bhainistíocht

Bhí drochthionchar ag gníomhaíocht náisiúnta an IHCA ar phleananna chun comhairleoirí ceannais a cheapadh i ngach speisialtóireacht. I 2004 leanadh ar aghaidh le comhairliúchán maidir le bunú ceithre aonad gnó cliniciúil.

Bainistiú Riosca

Rinneadh tuilleadh comhdhlúthaithe le bainistiú riosca sna Géarospidéal le bliain anuas trína chomhtháthú sna gníomhaíochtaí ospidéal uile, próiseas a raibh an Bainisteoir Ginearálta agus an Bainisteoir Grúpa i gceannas air.

Cuireadh i bhfeidhm córas amháin do thuaisceoireacht tarlaithe sna hospidéal uile i Mí Mhárta, próiseas ar tacaíodh leis le hoiliúint leitheadach. Sanntar grád anois ar tharluithe, ar thimpistí-nach-beag, ar chontúirtí de réir méid an bhaoil go dtarlóidh siad agus a thromchúis is a bheidís. Chuige seo úsáidtear an Mháitris Riosca sa Pholasaí Tuairisceoireachta Riosca (Nollaig 2003). Déantar athbhreithniú ar gach tarlú agus chuige seo cuireadh i gcrích Polasaí Athbhreithnithe Tarlaithe le cuidiú leis an bpolasaí tuairisceoireachta tarlaithe. Sainmhíníonn sé seo an leibhéal athbhreithnithe a theastaíonn do gach tarlú. Éilíonn grúpa beag tarluithe tromchúiseacha leibhéal níos airde athbhreithnithe, cur chuige a dtugtar “Anailís Bhunchúise” uirthi. Tugadh faoin gcur chuige seo i dtaca le roinnt tarluithe le bliain anuas.

Thug na Comhairleoirí Riosca faoi chlár oiliúna bunaithe ar Athbhreithniú Tarlaithe Chriticiúil agus leathnaíodh an oiliúint seo i 2004 chuig grúpa den phearsanra sinsearach i suíomh an Ghéarospidéal.

I rannóga cliniciúla, bhí cliniceoirí sinsearacha rannpháirteach i mbunú fóram ildhisciplíneach le bheith i gceannas ar bhainistiú riosca ina speisialtóireacht féin. Tacaíonn na Comhairleoirí Riosca leis na fóraim seo. Mar chroíghníomhaíocht rialaithe chliniciúil, tá gá le hiniúchadh cliniciúil a fhorbairt agus a bhunú mar chuid de Chreatlach Ardchaighdeáin. Cuireadh seo chun cinn i 2004 trí chabhair áisíntheachtaí seachtracha (*Irish Society for Quality and Safety in Healthcare* (ISQSH) agus *Clinical Quality Ireland* (CQI)). Chuir an dá áisíntheacht tuairisc i láthair ar na mallaibh agus cuirfead deireadh le Creatlach Ardchaighdeáin do Ghéarospidéal an Oirthuaiscirt go luath, a chabhróidh chun gach colún rialaithe

chliniciúil a chomhtháthú. Beidh mar chuid de seo tabhairt isteach cláir Iniúchta Chliniciúil.

Tá príomhról ag na Comhairleoirí Riosca i bhforbairt Pholasaithe Réigiúnda; ina measc tá cóir leighis ó chomhthoil go cóir leighis, Taifid Mhíochaine, admhálacha Éigeandála agus Polasaí Aistrithe Othair, srl. Chuir an Pearsanra Bainistithe Riosca le forbairt agus le hatheagrú seirbhísí i ngéarospidéal, .i. Aonaid a bhfuil Mná Cabhrach i gceannas orthu, agus atheagrú Seirbhísí Máinliachta agus Tráma. Thug an Rannóg Chnámhseachais in Ospidéal Droichead Átha faoi chlár creidiúnaithe, ar meicníocht lárnach ráthaíochta Ardchaighdeán í. Meastar go mbeidh seo i bhfeidhm san ospidéal iomlán sa todhchaí mar ghné de na Seirbhísí Sláinte athchóirithe a bheas sa phróiseas Creidiúnaithe/Cigireachta.

Gan amhras is léiriú iad na forbairtí i mBainistiú Riosca le bliain anuas de thiomantas na Foirne Ospidéal uile do shábháilteacht othar agus foirne agus do sheachadadh Seirbhíse d'Ardchaighdeán.

Táscairí Feidhmíochta

I 2004 leanamar orainn de bheith páirteach i mbailiú Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta de réir na Straitéise Náisiúnta Sláinte.

Bainistiú Feidhmíochta

I 2004 leanadh ar aghaidh le forbairt an mhúnla náisiúnta faoi fheidhmíocht bunaithe ar fhoirne agus bhí saotharlanna Lú agus na Mí páirteach sa scéim phíolótach náisiúnta.

RIALÚ AGUS PLEANÁIL STRAITÉISEACH

FORBHREATHNÚ

Éascaíonn an Rannóg Rialaithe agus Pleanála Straitéisí bainistiú BSOT agus tacaíonn sí léi na hacmhainní a dháiltear a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun freastal a dhéanamh ar riachtanais seirbhíse dhaonra réigiún an Oirthuaiscirt.

Soláthraíonn *A Health Strategy for the People of the North-East* (2003) an chreatlach ghinearálta nua-aoisithe chun an plean seirbhíse a threorú agus a mhúnlú do gach réimse. Chuir an Straitéis san áireamh na himpleachtaí athraithe agus trasdul a eascraíonn as Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte. Tá sé ailínithe le *Quality and Fairness* (2001) agus tá tionchar aici ar agus treoraíonn sí na tiomantais a aithníodh in *Sustaining Progress – Social Partnership Agreement 2003-2005* (2003) ag BSOT.

Tá ag an Rannóg Rialaithe agus Pleanála Straitéisí roinnt feidhmeanna comhairleacha, forbartha agus tacaíochta don Bhord, ar a bhfuil:

- Pleanáil Seirbhíse agus Monatóireacht Fheidhmíochta
- Forbairt Táscaire Feidhmíochta
- Coiste Iniúchta
- Forbairt Eagraithe
- Seirbhís Achomharc
- Bainistiú Riosca/Sláinte agus Sábháilteacht
- Coiste Eitice
- Seirbhísí Réigiúnda Custaiméara
- Stiúrthóireachtaí Rialaithe, Pleanála & Meastóireachta i Seirbhísí Míchumais, Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta agus Seirbhísí do Leanaí agus do Theaghlaigh.

Bhí go leor forbairtí suntasacha ann i 2004, ar a raibh:

Pleanáil Seirbhíse agus Monatóireacht Fheidhmíochta

- Ullmhaíodh Tuarascálacha Míosúla Meastóireachta den Phlean Seirbhíse 2004 don Fhoireann Bhainistíochta. D'fhorbair an Rannóg an próiseas Tuairisceoireachta Míosúla Eisceachta a ionchorpraíonn spriocanna feidhmíochta in aghaidh plean seirbhíse, táscairí feidhmíochta agus spriocanna gníomhaíochta.
- Chomhordaigh an Roinn táirgeadh doiciméadaithe le tacú leis an bPOF agus leis an bhFoireann Bhainistithe Chomparáidigh ag Cruinnithe Athbhreithnithe Plean Seirbhíse sa Roinn Sláinte agus Leanaí.
- Forbraíodh na Dréachtphleananna Gnó 2005 don FSS eatramhach de réir Theimpléad Náisiúnta na Pleanála Seirbhíse. Dréachtaíodh aighneachtaí tar éis an uasleibhéil comhairliúcháin, ag úsáid cur chuige comhpháirtíochta, agus ag comhtháthú an phróisis phleanála sna réimsí seirbhíse ar fad nuair is cuí sin. Cuireadh aighneacht BSOT chuig an FSS eatramhach faoin spriocdháta.

Forbairt Táscaire Feidhmíochta

Bhí an roinn freagrach as forbairt an phróisis Táscaire Fheidhmíochta agus freisin as feidhmiú an Ghrúpa Oibre Náisiúnta do Sheirbhísí do Dhaoine Scothaosta agus Ghrúpa Réigiúnda Táscaire Fheidhmíochta BSOT. Bhí mar chuid den fhreagracht seo freisin forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnacha an phróisis Tháscaire Fheidhmíochta ar fud seirbhísí BSOT, tiomsú agus ullmhúchán torthaí TF BSOT don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don Roinn Sláinte agus Leanaí ar bhonn ráithiúil agus athbhreithniú an árais TF atá le húsáid i 2005.

An Coiste Iniúchta

Bhuail baill an Choiste Iniúchta le chéile ar cheithre ócáid éagsúla i 2004 agus glacadh le cairt i Meitheamh 2004. D'aithin an Coiste réimsí ardtosaíochta a chuaigh i bhfeidhm ar fhorbairt phlean oibre don bhliain. D'fhorbair an Coiste teimpléad tuairisceoireachta a thaifead ceisteanna a aithníodh agus tháirg sé tuarascálacha rialta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Forbairt Eagraithe

Nua-aoisiú agus Forbairt

Bhí príomhfhreagracht ag an Rannóg do chomhtháthú cur chuige Forbartha Eagraithe i ngníomhaíochtaí na heagraíochta le tacú le cur i bhfeidhm *A Health Strategy for the People of the North-East* (2003) agus na hAthchóirithe. Bhí i gceist leis seo feacht mhéadaithe Fhorbairt Eagraíochta trína chomhtháthú i bpríomhghníomhaíochtaí eagraithe ar a bhfuil na rudaí seo a leanas:

- Ag obair le foirne i dtaca le cur i bhfeidhm na Straitéise agus na nAthchóirithe trí sholáthar treorach agus tacaí oiriúnacha, .i. cruinnithe de réir mar a theastaíonn, doiciméadú tacaíochta srl.
- Ag tacú le forbairt leanúnach chumas na mbainisteoirí ag leibhéal áitiúil trí idirghabhálacha réamhphleanáilte agus a socraíodh go háitiúil, athbhreithnithe seirbhíse/foirne san áireamh.
- Ag obair le seirbhísí sonracha i dtaca le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéise, bunaithe ar chlár oibre comhaontaithe pleanáilte.
- Ag forbairt *Suíomh Inlín Forbartha Eagraíochta* mar príomhacmhainn do bhaill fhoirne ar fud an chórais agus le tacú leis an gclár oibre nua-aoisithe athchóirithe agus forbartha, go háirithe.

Straitéis agus Pleanáil

Tacaíodh le forbairt leanúnach an phróisis phleanála seirbhíse mar phríomhghléas leis an Straitéis a chur i bhfeidhm trí fhorbairt *A Guidance Document to Support the Development of the 2005 Service Plan*.

Forbairt Pholasaí

Bhí ról maoirseachta ag an Rannóg maidir leis an bhFóram Polasaí Straitéisigh agus Comhairleach (FPSC). D'fhorbair agus d'fhoilsigh an rannóg *Guidelines for Policy Development: Promoting good governance in policy development, 2004*.

Taighde agus Forbairt

Phleanáil an Rannóg agus chuir sí i gcrích anailís ar fud na heagraíochta de chultúr na heagraíochta i 2004. Bhí mar chuid de seo dearadh Suirbhé Cultúrtha Eagraíochta a rinneadh do na seirbhísí sláinte agus pearsanta amháin agus a chuir san áireamh príomhfhachtóirí comhthéacs i dtéarmaí an chláir athchóirithe. Scaipeadh an suirbhé i Meitheamh 2004 le ráta freagraí de 46%.

An tSeirbhís Achomharc

Forbraíodh tuilleadh an Próiseas Achomarc i 2004 le nósanna imeachta nua a chinntigh gur glacadh le cur chuige caighdeánach do gach achomharc a fuarthas. Rinneadh an bhileog chomhairleach a nuashonrú a chabhraíonn le custaiméirí teacht a bheith acu ar an bpróiseas achomharc, de réir riachtanais athraitheacha na gcliant. Ina theannta sin, tugadh isteach seoladh ríomhphoist d'achomhairc i 2004 chun iarracht a dhéanamh cuíchóiriú a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar rochtain phróiseas na n-achomharc.

Bunaíodh fóram réigiúnda achomharc chun cinntiú go nglacfaí le cur chuige comhsheasmhach ag gach seirbhís maidir le haghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm scéimeanna SWA agus cárta leighis.

Gníomhaíocht

Líon na nAchomharc a Fuarthas	270
Líon na nAchomharc a cuireadh chuig Príomhoifigeach na nAchomharc	19

Bainistiú Riosca (a ionchorpraíonn Sláinte agus Sábháilteacht)

Lean an Rannóg Bhainistithe Rioscaí uirthi i 2004 de bheith ag cur béime ar obair chomhoibritheach, go háirithe i réimse forbairt pholasaithe agus chóras chun riosca a laghdú agus feabhas a chur ar chaighdeán. Soláthraítear tacaíocht agus comhairle do bhainisteoirí ag gach leibhéal maidir lena ról i mbainistiú riosca agus i soláthar seirbhísí sábháilte. Sa chur chuige seo cuirtear

béim ar thacú le hothair agus le foireann agus tá sé d'aidhm aige tátal a bhaint as foghlaim lena scaipeadh ar fud na seirbhísí.

I measc na rudaí a baineadh amach i 2004 tá:

Forbairt leanúnach chultúir chomhpháirtíochta a chinntíonn rannpháirtíocht na foirne uile i gníomhaíochtaí bainistithe riosca.

Cinntiú gur croí-eilimintí de na gníomhaíochtaí uile iad gnáthaithe chórasach, measúnú agus rialú riosca thromchúisigh.

Cinntiú go bhfuil próiseas éifeachtach tuairisceoireachta i bhfeidhm chun aithint chórasach tarluithe diúltacha agus timpistí-nach-beag a aithint.

Athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach Riosca atá ann faoi láthair agus forbairt Phlean athchóirithe; rinneadh amhlaidh do Ráiteas Corparáideach Sábháilteachta an Bhoird.

Obair fhorbartha pholasaí maidir le hAthbhreithniú Tarlaithe, Toiliú ar Chóir Leighis Chliniciúil, Aistriú Othar idir Ospidéal, Taifid Mhíochaine agus riar drugaí *Parenteral*.

Ar na polasaithe Sláinte & Sábháilteachta a ndearnadh athbhreithniú orthu tá: Treoirínte do Bhainistiú Dramhaíola Riosca Cúraim Shláinte, Treoirínte d'Iompar Samplaí Diagnóiseacha agus Treoirínte do Bhainistiú Dramhaíola Ceimiciúla.

Bhíothas i gceannas ar forbairt fhreagra na heagraíochtaí ar bhainistiú fhoréigean san ionad oibre.

I gcomhar leis an Rannóg Seirbhísí Teicniúla, rinneadh athbhreithniú ar mheasúnuithe riosca caighdeán uisce, cabhraíodh le leagan amach pleananna gníomhaíochta agus comhoibríodh le lucht bainistithe líne chun gníomhartha riachtanacha a chur i bhfeidhm.

Soláthraíodh agus éascaíodh oiliúint maidir le príomhréimsí Bainistithe Riosca agus Sláinte agus Sábháilteachta.

An Coiste Eitice

I Mí Iúil 2004 cheadaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí aitheantas Coiste Eitice faoi Rialachán an AE 2004, (*Clinical Trials on Medicinal Products for Human Use*) ar feadh tréimhse 3 bliana. Lena fheidhm a chur i gcrích gníomhóidh an Coiste don Stát iomlán agus i dtaca le trialacha cliniciúla de gach cineál.

I 2004, tugadh faoi athbhreithniú rialaithe taighde le príomhpháirtithe leasmhara. Bhí mar chuid den tuarascáil athbhreithnithe líon moltaí, bunú Coiste Chomhairligh Thaighde Chúraim Shláinte, rud a chuirfear chun cinn i 2005.

Seirbhísí Réigiúnda Custaiméara

Lean an Rannóg uirthi de bheith ag cur chun cinn cur chuige dearfach do phróisis saorála faisnéise, cosanta sonraí, bainistithe gearán agus Achomharc Fóirdheontais Títhe Altranais sa Bhord, agus chinntigh sí gur cloíodh leis na creatlaí ama ábhartha reachtaíochta. I 2004 d'fhoilsigh an Rannóg roinnt doiciméad don fhoireann agus don phobal, ar a bhfuil:

Foireann

- Lámhleabhar Nós Imeachta do Lucht Cinnteoireachta
- Bileog Eolais: *A guide to Obtaining your Personal Health*

Don Phobal

- Bileog Eolais *A guide to Obtaining your Personal Health*
- Bileog Eolais Nuashonraithe don phobal – Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Rochtain agus Gearáin Riaracháin
- Foirm do Thuairimí/Gearáin agus do Mholadh

Cuireadh le hoiliúint le go gcuirfí oiliúint ar áisínreachtaí seachtracha freisin; maoiníodh seo ag an mBord agus san iomlán cuireadh oiliúint ar 720 duine.

Rinneadh monatóireacht ar threochtaí de réir téama in iarratais Saorála Faisnéise agus ar láimhseáil ghearán agus rinneadh anailís ar an rud céanna agus rinneadh tadhall leis an Rannóg Bhainistithe Riosca.

Críochnaíodh riachtanais daonra do BSOT de réir riachtanais na FSS don tionscadal *National Health Portal*.

Forbraíodh seisiúin/cruinnithe oiliúna lucht cinnteoireachta ar bhonn ráithiúil chun athbhreithniú dul chun cinn a éascú i gcomparáid le cur i bhfeidhm forálacha díolúiní agus achomhairc i dtaca le Coimisinéir agus *Ombudsman* Cosaint Sonraí agus Saorála Faisnéise.

Gníomhaíocht

Iarratais Saorála Faisnéise	332	Athbhreithniú Inmheánach	17
Achomharc don Choimisinéir Eolais	5	Iarratais ar Rochtain Riaracháin	889
Cosaint Sonraí	5	Achomhairc Fhóirdheontais Tí Altranais	28
Gearáin	285		

Oiliúint

Freastalaithe

Inmheánach	605
------------	-----

Scoileanna Altranais	84
Scéim Aonad Oiliúna DT, Aonad DT	18
Gardaí/Oibrithe Sóisialta	13

Stiúrtóireachtaí Seirbhísí Míchumais, Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta agus Seirbhísí do Leanaí agus do Theaghlaigh

Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Déantar cur síos imlíneach ar ghnóthachtáil na Stiúrtóireachta i gCuid na Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta (féach Ich. 35)

Seirbhísí Réigiúnda do Leanaí agus do Theaghlaigh

Déantar cur síos imlíneach ar ghnóthachtáil na Stiúrtóireachta i gCuid na Seirbhísí Tacaíochta Cúraim do Leanaí agus do Theaghlaigh (féach Ich. 37)

Seirbhísí Míchumais

Déantar cur síos ar ghnóthachtáil na Stiúrtóireachta i gCuid na Seirbhísí Míchumais (féach Ich. 38)

ÁR gCUID SEIRBÍSÍ TACAÍOCHTA

An Rannóg Airgeadais

Tá an Rannóg Airgeadais lárnach do bhainistiú éifeachtach acmhainní an Bhoird i dtaca le seachadadh seirbhísí a sholáthraítear ag an mBord sa réigiún. Ní mór don rannóg cinntiú go gcloítear le riachtanais oiriúnacha reachtúla agus rialacháin agus go mbainistítear cúrsaí airgid an Bhoird de réir an chleachtais is fearr atá ar fáil. Dhírigh an Bord ar fheabhsú chaighdeán, thráthúlacht agus ábharthacht eolais airgeadúil a sholáthraítear do bhainisteoirí seirbhíse sa tslí gur féidir an luach is fearr a bhaint amach d'ár gcuid othar agus cliant ó na hacmhainní atá ar fáil.

Tá sé tábhachtach go mbeadh córais nua-aoiseacha airgeadais ag an rannóg airgeadais agus go mbeadh foireann inniúil agus oilte go gairmiúil aici leis na córais seo a úsáid. Bhí cur i bhfeidhm agus forbairt an Chórais Airgeadais SAP criticiúil chun an cuspóir seo a bhaint amach. Fuair ár bhfoireann taithí luachmhar sa Tionscadal Córais Eolais Airgeadais leis an gCóras Airgeadais

SAP a chur i bhfeidhm i ngach áisínteacht sláinte agus athchóiriú na Seirbhísí Sláinte á chur chun cinn.

Bhain an rannóg amach na spriocanna 2004 do chur i láthair Tuarascálacha Bainistithe Airgeadais do Bhord BSOT, d'fhoireann Bhainistíochta na mBord agus an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Ar fud na heagraíochta ní mór go mbeadh acmhainní oiriúnacha ag an bhfoireann eagraithe le bheith ag obair go héifeachtach agus ní mór dóibh bheith cinnte go n-íocfar i gceart iad agus go tráthúil. Le meascán córas nua-aoiseach agus foirne tiomanta baineadh seo amach i limistéar BSOT.

- Íoctar tuarastal breis is 95% de bhaill ár bhfoirne go díreach dá gcuntais bhainc tríd an gcóras 'pay-path'.
- I 2004 rinneadh íocaíochtaí de €365m go 12,560 ball foirne, idir bhaill bhuaana, shealadacha, pháirtaimseartha agus dhaoine atá ar pinsean.
- Feidhmítear roinnt scéimeanna "laghdaithe ón tuarastal" chun leasa agus chun caoithiúlachta na foirne. Orthu seo tá scéimeanna do cheardchumainn, do chomhair chreidmheasa, d'údaráis áitiúla, do bhainc, do chomhlachtaí árachais ghinearálta agus do chomhlachtaí árachais sláinte. Feidhmítear 50 scéim san iomlán.

Léirítear an caidreamh láidir atá againn le soláthróirí earraí agus seirbhísí trí na rátaí feabhsaithe íocaíochta tráthúla.

I 2004 íocadh breis is 99% ár gcuid soláthróirí níos lú ná 30 lá ó fuarthas sonrasc. Rinne an Bord 101,421 íocaíocht go soláthróirí, sin €257m san iomlán, d'earraí agus do sheirbhísí a soláthraíodh le linn na bliana.

Cuireadh i bhfeidhm íocaíocht trí Aistriú Leictreonach Maoinithe i gcás 60% d'ár gcuid soláthróirí i 2004.

Bainistíonn an rannóg Airgeadais eilimintí éagsúla de bhainistiú eastáit an Bhoird, ar a bhfuil ceannach agus cur de lámh socmhainní, seirbhísíú Choiste Sealúchais an Bhoird agus bainistiú an chúraim árachais. Rinneadh Coiste Airgeadais an Bhoird a sheirbhísíú freisin ag an Rannóg le tuarascálacha ráithiúla ar bhuiséid agus ar chaiteachas.

Bhí baint ghníomhach ag an Rannóg Airgeadais leis na tionscadail Náisiúnta FISP agus PPARS, chomh maith le bainistiú na n-athruithe arbh éigean aghaidh a thabhairt orthu de thoradh na n-athchóirithe leanúnacha sláinte.

Ar na forbairtí eile a bhí ann i 2004 tá:

- Forbairt leanúnach chórais náisiúnta phárolla/AD i gcomhar le boird sláinte agus ospidéal eile.

- Cur i bhfeidhm comhéadain idir na córais chógaisíochta agus an gCóras Airgeadais SAP
- Tugadh isteach gnéithe feabhsaithe rialaithe buiséid ar an gCóras Airgeadais SAP
- Cuireadh tús le hathbhreithniú luach airgid do sholáthróirí seachtracha
- Cuireadh tús le Comhéadan Billí d'Othair ar chóras Airgeadais SAP le Córas Eolais Ospidéal.
- Baineadh amach laghdú mór i bpróiseáil láimhe cuntas roghnaithe soláthróirí le tabhairt isteach an chórais 'E-Billing'.
- Lean an Fóram Airgeadais CAWT air de bheith ag déanamh athbhreithnithe ar thionscadail trasteorann agus de bheith ag déanamh monatóireachta ar ioncam agus ar chaiteachas ar thionscadail reatha.
- Críochnaíodh iniúchadh Ráitis Airgeadúla Bhliantúla an Bhoird 2003 agus thug an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste tuairisc air seo.

BAINISTIÚ ÁBHAR

San earnáil sláinte ar fad caitear breis is €1.3 billiún ar na hearraí agus ar na seirbhísí a úsáideann áisín-teachtaí sláinte. Caitheann an Bord seo thart ar €140m den tsuim sin. Is é ról na Seirbhíse Réigiúnda Bainistithe Ábhar na soláthar straitéiseach agus tacaíocht agus comhairle bhainistithe ábhar a sholáthar don Bhord agus dá chuid bainisteoirí agus luach a bhaint amach i gcúrsaí seachadta seirbhísí agus ag an am céanna ag iarraidh an luach is fearr is féidir a fháil do gach euro a chaitear. Baintear seo amach trí chur i bhfeidhm an chleachtais is fearr i dtaca le bronnadh conarthaí agus le bainistiú liostaí earraí agus trí fhorbairt tionscnamh agus oiliúna agus forbartha do bhaill fhoirne a bhfuil baint acu le soláthar. Seo sonraí faoi chuid de na gníomhaíochtaí:

Bainistiú an phróisis soláthair a bhfuil mar chuid de glacadh le tairiscintí, meastóireacht táirge/seirbhíse, meastóireacht soláthróra agus tráchtála, éascú agus forbairt ghrúpaí úsáideora

Comhairle agus tacaíocht bhainistithe liostaí earraí, san áireamh bainistiú tionscadail CSP agus bainistiú an liosta iomláin earraí

Bainistiú catalóige, san áireamh comhlíonadh catalóige agus bainistiú díoltóra

Dearadh próisis soláthair, m.sh. Cártaí Soláthair

Conarthaí d'Earraí & do Sheirbhísí in éineacht le comhairle chonartha agus tacaíocht do bhainisteoirí seirbhíse

Éascú agus rannpháirtíocht i gComhthionscnaimh Náisiúnta Soláthair le FBS/FSS agus FISP

Caiteachas agus anailís mhargaidh airgid chaite neamhíocaíochta

Modheolaíochtaí tacaíochta cinnteoireachta maidir le conarthaí

Bainistiú agus cothabháil chonarthaí, san áireamh leibhéal rannpháirtíochta, sábháil agus bainistiú méaduithe costas

Bainistiú an Bhunachair Sonraí d'Fhógairt Chontúirtí
Taiscumar lárnach eolais do cheannaitheoirí

Clár Oiliúna do bhaill fhoirne atá freagrach as soláthar

Nótaí treorach do gach gné den soláthar

Oiliúint soláthróra in úsáid chur tairiscintí leictreonach

Comhairle faoi Threoir Sholáthair an AE

Seo cuid de na creatlaí straitéiseacha agus polasaí a théann i bhfeidhm ar an tSeirbhís Réigiúnda Bhainistithe Ábhar:

A Health Strategy for the People of the North-East (2003);
Straitéis Náisiúnta Sláinte “*Quality and Fairness: A Health System for You*”
(2001);
HeBE Strategy for e-procurement in the Health Sector (2002)
Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte

Ba iad na príomhrudaí a baineadh amach i 2004 ná:

Conarthaí réigiúnda agus áitiúla d'earraí agus do sheirbhísí le luach iomlán de bhreis is €23 million; caitheadh €6 million i réimsí nua, mar shampla Tochta Brú, Laparoscóipe, Seirbhísí Ortadóntach, cártaí breosla, Seirbhís MRI/CT, Imoibreáin Saotharlainne, Dramhaíl Chliniciúil do limistéir neamhghéara, Otharchairr Phríobháideacha, trealamh digiteach X-gha, banaltraí Áisín-teachta. Taispeánann an clár an dul chun cinn seasta a rinneadh ó 2000 chun feabhas a chur ar raon agus ar mhéid na gconarthaí ar tugadh fúthu nó a ndeachaigh an tseirbhís i bhfeidhm orthu

	2000	2001	2002	2003	2004
--	------	------	------	------	------

Neamhíoc. Inréitithe*	€69.5m	€96.3m	€104.6m	€122m	€140m
% Neamhíoc ar conradh^	24%	27%	37%	39%	43%

*Ní áirítear leis seo Táillí, Deontais, Íocaíochtaí SGM, Míochaine Phobail, Taisteal & Cothabháil, Liúntais Airgid, Táillí & Soláthair Fodhlí, Cóir Leighis Thar Lear. Clúdaíonn neamhíoc inréitithe thart ar 52% den chaiteachas iomlán neamhíoc.

^% neamhíoc ar conradh- leibhéal conarthaí ar tugadh fúthu go díreach nó faoi thionchar na seirbhíse RMM.

Sábháil ghlán bhliana dhoiciméadaithe ar chonarthaí a bronnadh i 2004 de bhreis is €1m. Baineadh amach sábháil de bhreis is €2.7m ó 2000.

Atheagrú rannóg na gconarthaí agus moltaí straitéis Bhainistithe Chúraim agus Chatagóire an FBS á gcur san áireamh.

Leathnaíodh bainistiú an liosta iomláin earraí go 20 réimse eile, sin méadú de 28% sa stoc bainistithe

Baineadh amach laghduithe stoic de €125,000. Ó 2000 is é an laghdú iomlán stoic ná €343,000, a baineadh amach in am nuair a bhí gníomhaíocht de shíor ag méadú. Agus sa bhainistiú stoic freisin cuireadh feabhas leanúnach ar dhá phríomhtháscaire stoic, líon laethanta a choimeádtar stoc agus céatadán stoic a bhainistítear ar bhonn laethúil.

	2000	2001	2002	2003	2004
Líon na laethanta a choimeádtar stoc	49	48	38	39	34
% an stoic a bhainistítear	15	15	22	22	23

Chuir an Bord go mór le forbairt chatalóige náisiúnta a bheas mar bhonn agus mar thaca ag na córais nua airgeadais.

Socraíodh breis is 3,800 cód nua ar an gcatalóg, méadaithe ó 2,000 an bhliain roimhe sin.

Comhoibriú le Grúpa Ospidéal Lú agus na Mí chun bunú struchtúir lárnaigh do sholáthar a chríochnú don limistéar.

Bhainistigh an Bord, ar son FBS, an próiseas tairiscintí do roinnt tionscadal, .i. comhairliúchán do thionscadal na n-otharcharr, LIS, Bogearraí Bainistithe Soláthair, agus Bogearraí Uasmhéadaithe Liostaí Earraí.

Faoi chlár bainistithe e-soláthair agus ábhar an FBS, chuir an Bord seo leis an bplean aistrithe go FSS i dtaca le soláthar.

Tugadh faoi chomhthionscnamh oiliúna faoi Bhainistíocht Líne Soláthair le Bord Sláinte Lár Tíre i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta Iompair agus Loighistice.

I gcomhar le Coláiste na Tríonóide tá an Bord ag glacadh páirte i gclár taighde dochtúireachta faoi iarmhairt e-soláthair i dtimpeallacht earnála poiblí.

Aistríodh an rannóg go háitreabh nua.

Baineadh an méid seo amach i gcomhthéacs an pholasaí maidir leis an tsíleáil fhostaíochta, a lean uirthi de bheith ag dul i bhfeidhm ar chumas na seirbhíse réimsí nua a thosú do chaiteachas conartha. Ach d'ainneoin na constaice seo, leanadh ar aghaidh le dul chun cinn i 2004 i réimsí nár díródh orthu roimhe seo. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn i réimsí bainistithe conarthaí agus díoltóirí, de thairbhe an tionscadail de chuid FBS i 2003 faoi bhainistiú catagóire agus cúraim. Bhí de thoradh air seo rannpháirtíocht fheabhsaithe i gconarthaí mar gheall ar chaiteachas bheith níos sofheicthe agus freagra níos sciobtha ar réiteach fadhbanna le táirgí agus le soláthróirí.

Baineann cumas na seirbhíse cur cuid mhór le buiséid fheidhmithe na mbainisteoirí seirbhíse le rannpháirtíocht fhoirne cliniciúla agus soláthair san eagraíocht ar fad agus le forbairt na bpróiseas soláthair luachmhara. Is tábhachtach aitheantas a thabhairt dóibh agus bheith buíoch díobh as a gcomhoibriú leanúnach.

RANNÓG NA SEIRBHÍSÍ BAINISTITHE

RÓL AGUS CUSPÓIR

Soláthraíonn Rannóg na Seirbhísí Bainistithe pearsanra an Bhoird le córais eolais nua-aoiseacha, comhtháite agus ríomhairithe a úsáideann Teicneolaíocht Chumarsáide Eolais (TCE), nuair is cuí sin, chun feabhas cúraim shláinte ghairmiúil a bhaint amach agus a chothú agus le bheith mar bhonn agus mar thaca le cúram othar feabhsaithe d'ardchaighdeán.

Rud é TCE a chabhróidh le seirbhísí comhtháite, dírithe ar dhaoine agus d'ardchaighdeán a bhaint amach. Soláthróidh córais TCE an t-eolas a theastaíonn ón lucht bainistíochta le tacú le cinnteoireacht, le pleanáil, le rialú agus le tomhas agus le meastóireacht fheidhmíochta.

CUR SÍOS GAIRID AR NA SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHRAÍTEAR FAOI LÁTHAIR

Tacaíocht Iarratas
Seirbhísí Lárionaid Sonraí (Óstáil Fhrestalaí, Athshlánú Tubaiste, agus Gnó)
Forbairt, cothabháil agus tacaíocht an ghréasáin
Seirbhísí deisce cabhrach (24,000 glaoch in aghaidh na bliana)
Seirbhísí teileafóin
Forbairt Iarratas
Bainistiú Tionscadal
e-Ghnó & e-Chumarsáid
Anailís Chóras

CREATLACH PHOLASÁÍ NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNDA

Soláthraítear an chreatlach straitéiseach agus pholasáí ag:
A Health Strategy for the People of the North-East
An Straitéis Náisiúnta Sláinte ‘Quality and Fairness: A Health System for You’
An Straitéis Náisiúnta Eolais Sláinte
Cúram Tionscadal Náisiúnta TCE don FBS
Straitéis TEC don FBS (ar ghlac an FSS léi)
Athchóirithe Seirbhíse Sláinte

Forbairtí i 2004

Bhí agus tá mórchuid (70–75%) ár gcuid acmhainní tiomanta do sholáthar tacaíochta feidhmiúla agus gréasáin, cothabháil agus forbairt leanúnach do bhreis is 55 córas TE agus do bhreis is 3000 ríomhaire atá in úsáid ar fud limistéar an Bhoird. Ina theannta sin méadaíodh líon na gcuntas ríomhphoist go breis is 3,500, mar gheall ar fhorbairt leanúnach na seirbhísí ríomhphoist.

Mar sholáthróir seirbhísí roinnte déanaimid freisin próiseáil roinnte a sheachadadh trí úsáid “e-billing” do sheirbhísí teileafóin, agus soláthróimid seirbhísí bainistithe áiseanna ar-an-láithreán do Pháirc Ghnó Cheanannais. Ina theannta sin leanaimid orainn de bheith ag bainistiú go gníomhach seirbhísí teileafóin ar fud an réigiúin, rud a chuimsíonn teileafóin socraithe agus fóin phóca.

GNÍOMHARTHA BAINTE AMACH / LEANÚNACHA 2004

Leathnaíodh teacht ar WAN an Bhoird go níos mó suíomhanna. Fuair ár ndeasc chabhrach breis is 25,000 glaoch le linn na bliana (480 glaoch sa tseachtain).

Lean BSOT air sa phríomhról atá aige i dTionscadal Córais Eolais na Saotharlainne Náisiúnta. Sholáthair Rannóg na Seirbhísí Bainistithe bainistiú an tionscadail agus comhchathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha agus cuireadh i gcrích go rathúil é ag deireadh na bliana.

Bhí cuid d'ár bhfoireann páirteach i gcomhar le Boird eile sa phróiseas pleanála do chur i bhfeidhm an Chórais Náisiúnta Eolais d'Ospidéal.

Coimisiúnaíodh an freastalaí nua a ceannaíodh i 2003 don chóras Eolais Ospidéal atá ann faoi láthair i Mí Mhárta 2004, agus cuireadh feabhas mór ar amanna freagra d'úsáideoirí na seirbhíse seo ag 17 suíomh ar fud an réigiúin.

Cuireadh le feidhmiúlacht an CEO atá ann faoi láthair agus cuireadh feabhas air i réimse na gclinicí Sláinte Intinne agus trí chur i bhfeidhm leanúna cairteacha ag Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin agus Lú.

Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht i dtógáil an infrastruchtúir Sonraí/Gréasán don chóras Náisiúnta Fiaclóireachta agus cuirfear deireadh leis an bpróiseas go luath i 2005.

I réimse TEC an Chúraim Phobail rinneadh athbhreithniú ar agus cuireadh feabhas ar an gcóras Teiripe Ceirde a cuireadh isteach i 2003, agus críochnaíodh an córas bainistithe d'fhóirdheontais chórais bhainistithe. Dréachtaíodh sonraíochtaí agus riachtanais d'fhorbairt chóras TE le tacú le speisialtóirí Fisiteiripe sna cláir uile agus d'oibríthe Tacaíochta Baile.

Leathnaíodh eisiúint bhilí othar cónaithe ar an gcóras airgeadais SAP, próiseas ar cuireadh tús leis in Ospidéal Ginearálta an Chabháin i 2003, leathnaíodh sin go hOspidéal Ginearálta Mhuineacháin agus ansin chuig na hospidéal neamhghéara sa Chabhán, i Muineachán agus i gCo. Lú.

Tugadh faoi chóras píolótach chun feabhas a chur ar chumarsáid trí sheachadadh ríomhphost agus sonraí coinne go fóin phóca; tá ag éirí go han-mhaith leis an scéim.

Críochnaíodh uasghrádú iomlán den chóras ríomhphoist Lotus Notes. I dtreo dheireadh na bliana, mar chuid de na hullmhúcháin don aistriú chuig an FSS, b'éigean dúinn athbhrandáil iomlán a dhéanamh d'ár gcuid úsáideoirí r-phoist uile do shuíomh FSS.

Bhí príomhról againn i roinnt comhthionscadal FBS, ar a bhfuil tionscadal chur i bhfeidhm na gCártaí Leighis agus forbairt straitéise náisiúnta TCE don tseirbhís sláinte.

I mbliana leanadh ar aghaidh le tabhairt isteach an Chórais Leictreonaigh Áirithinte, DAS, a chuireann ar chumas na DT othair a chur in áirithe don bharda go díreach do nósanna imeachta lae trí Eislíon na DT; ar an tslí sin ní gá don othar freastal ar chlinic eisothair agus cuirtear dlús le seachadadh seirbhísí. Tá an córas i bhfeidhm faoi láthair in Ospidéal Ginearálta an Chabháin agus Ospidéal Contae Lú agus tá sé i gceist an córas a leathnú go hOspidéal Ginearálta Mhuineacháin agus chuig Ospidéal Droichead Átha i 2005. Tá sé i

gceist an córas a úsáid freisin do sheirbhísí breise, mar shampla *Haematuria*, Colpascóipe agus Tástáil Anála Úiré.

Chuaigh cur i bhfeidhm Chéim II de PPARS i bhfeidhm go mór ar ár gcuid acmhainní trí thabhairt ar iasacht dhuine den triúr bainisteoirí tionscadail atá againn chuig an tionscadal seo ar feadh mhórchuid na bliana.

Críochnaíodh cuid mhór d'uasghrádú an WAN go hardán Windows 2003 le linn an ráithe dheireanaigh agus tá sé le cur i gcrích go hiomlán faoi 2005.

Cuireadh isteach an cnámh droma nua snáithín optaigh d'ár ngréasán sonraí agus cuirfidh sin ar ár gcumas seirbhíse cúltaca níos sciobtha agus níos iontaofa a sholáthar do chórais chriticiúla. Bhí go leor d'ár gcuid acmhainní teicniúla Gréasáin in úsáid chun teacht a chumasú do VPN an Rialtais do thionscadail ar nós PPARS agus CIDR.

I réimse na seirbhísí teileafóin cuireadh an bhéim ar bhaint amach luach airgid níos fearr trí thionscnaimh áirithe, mar shampla idirbheartú conarthaí réigiúnda cothabhála do chórais, bainistiú gníomhach agus monatóireacht chostas fón póca, agus iniúchadh línte socraithe fóin le línte a aimsiú ar féidir nach bhfuil gá leo. D'éirigh go maith lenár scéim phíolótach i gCeanannas chun glaonna a dhéanamh ar an idirlíon le teicneolaíocht VOIP. Cuireann sin ar ár gcumas dul chun cinn a dhéanamh maidir le húsáid an ghréasáin sonraí atá againn faoi láthair chun glaonna gutháin a dhéanamh, agus sábhálfar cuid mhór airgid sa todhchaí mar gheall air sin.

Inár lárionad réigiúnda sonraí leanamar orainn leis an bpróiseas comhdhlúthaithe freastalaí a bheas ina chabhair chun costais a réasúnú sa réimse seo.

Sholáthraíomar seirbhísí bainistithe tionscadail do sholáthar córais réigiúnda Máithreachais.

Rannóg na nAcmhainní Daonna

INTREOIR

Is é príomhchuspóir Rannóg na nAcmhainní Daonna ná cur le cruthú eagraíocht mar a bhfuil an fhoireann uile in ann a lánchumas a bhaint amach, mar a seachadtar seirbhísí d'ardchaighdeán i gcomhar le baill fhoirne agus mar a nglactar leis go mbaintear amach feabhas agus feabhsú leanúnach. Socraíonn Rannóg A.D. treoir iomlán atá le leanúint ag an eagraíocht lena cuid cuspóirí a

bhaint amach trí dhaoine agus cinntíonn sí go n-ailínítear gach gníomhaíocht bhainistithe acmhainní daonna le tacú le straitéisí náisiúnta eagraithe agus feidhmiúla.

FORBAIRTÍ I 2004

Plean Bainistithe Acmhainní Daonna

Forbairt thábhachtach i 2004 a bhí i seoladh foirmeálta an Phlean Straitéisigh Bhainistithe Acmhainní Daonna mar chuid den phróiseas d'fhorbairt den chineál a luaitear in *A Health Strategy for the People of the North East* (2003). Aithníodh deich bpríomhréimse fócais sa Phlean agus rachaidh na gníomhartha a aithníodh faoi na réimsí fócais seo i bhfeidhm ar obair na Rannóige sna trí bliana atá amach romhainn:

- Pleanáil éifeachtach an fhórsa shaothair
- Bainistiú éifeachtach daoine
- Caighdeán feabhsaithe saoil oibre
- Polasaithe agus nósanna imeachta cleachtais is fearr
- Ag obair le chéile i gcomhpháirtíocht
- Oiliúint, forbairt agus oideachas
- Bainistiú athraithe agus tógáil fhoirne
- Caidrimh fheabhsaithe fostaithe/thionsclaíocha
- Bainistiú Feidhmíochta
- Cumasú struchtúr, teicneolaíochta agus córas

Obair Chomhpháirtíochta

Le maoiniú agus le tacaíocht ón bpróiseas comhpháirtíochta, leanadh ar aghaidh leis an obair ar sheachadadh Chomhtheicníochtaí Réiteach Fadhbanna, agus é d'aidhm aige seo prionsabal oibre comhpháirtíochta a chomhtháthú mar an bealach atá againn le bheith ag obair ag gach leibhéal san eagraíocht. Seo cuid de na háiteanna inar seachadadh oiliúint i 2004:

- Seirbhísí Pobail na Mí
- Ospidéal Naomh Seosamh, Baile Throim
- Ospidéal Ginearálta an Chabháin
- Ospidéal Ár mBantiarna Lourdes, Droichead Átha
- Seirbhísí Pobail an Chabháin/Mhuineacháin
- Ionad Naomh Críostóir, an Cabhán
- Seirbhís Réigiúnda na nOtharcharr
- Ospidéal Ginearálta Mhuineachán
-

Cuireadh tús le dhá mhórhionscadal comhpháirtíochta, atá dírithe ar fheabhsú chaighdeáin saol oibre na foirne agus ar fheabhsú dhínit na ndaoine atá ag fáil bháis, agus a muintire. Leanfaidh na tionscadail seo ar aghaidh i 2005:

- Tionscadal Bhainistiú Iompair Ionsaithe agus Fhoréigin sna Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta
- Tionscadal Cúraim do Dhaoine atá ag Fáil Bháis in Ospidéal

Athbhreithniú Gníomhaíochtaí

I 2004 méadaíodh gníomhaíocht go leanúnach i ngach réimse, agus leathnaigh an Rannóg A.D. líon tionscnamh ar cuireadh tús leo an bhliain roimhe sin agus rinneadh iarracht na cuspóirí straitéiseacha a chur i bhfeidhm a ndéantar cur síos orthu sa Phlean Bainistithe Acmhainní Daonna (2004).

Acmhainní & Earcú

Chomh maith le hobair leanúnach, d'éirigh leis an Rannóg Acmhainnithe agus Earcaithe an caighdeán ISO 9001 a bhaint amach. Bhí i gceist leis seo meastóireacht na bpróiseas earcaíochta uile sa rannóg agus tabhairt faoi iniúchadh seachtrach sular bronnadh an Caighdeán ISO. Cuireadh tús le hobair ar shocrú cuspóirí agus spriocanna do 2005, agus é d'aidhm ag an obair na caighdeáin a chothabháil a baineadh amach.

Leanadh ar aghaidh le hobair ar thabhairt isteach roghnaithe bunaithe ar inniúlacht, bunaithe ar Chreatlaí Inniúlachta na hOifige do Bhainistiú Sláinte d'fhoireann chléireach/riaracháin, d'fhoireann altranais agus do ghairmeacha cúraim shóisialta. Seachadadh oiliúint faoin gcur chuige bunaithe ar inniúlacht do 85 agallóirí agus do 400 agallaithe agus i 2004 úsáideadh cur chuige bunaithe ar inniúlacht i ngach agallamh a tionóladh. Tá sé i gceist leanúint ar aghaidh le tabhairt isteach an chur chuige seo i 2005, leis an gcuispóir go mbeadh gach agallamh do phoist san eagraíocht bunaithe ar inniúlacht.

Aonad Foghlama & Forbartha

Dhírigh obair an Aonaid ar chinntiú gur ailíníodh gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha ar bhonn aonair nó ar bhonn eagraíochta chun tacú le straitéisí agus le haidhmeanna na heagraíochta. I 2004 seachadadh san iomlán 503 chúrsa sa Lárionad Réigiúnda Oideachais. Téann seachadadh Ionduchtúcháin Chorparáidigh chun leasa na mball nua foirne san eagraíocht, agus i gcomhar le Bainisteoirí áitiúla A.D. tugadh isteach Cláir Ionduchtúcháin go háitiúil in Ionad Naomh Muire, Baile na Lorgan, agus é i gceist leo tógáil ar an gclár corparáideach agus seachadadh oiliúna reachtúla sláinte agus sábháilteachta a éascú.

Chomh maith le gníomhaíochtaí leanúnacha san Aonad, críochnaíodh obair ar fhorbairt Diplóma i mBainistiú na nAcmhainní Daonna i gcomhar le Coláiste Náisiúnta na hÉireann. Cuireadh tús leis an gclár aon bhliana seo i Mí Dheireadh Fómhair 2004, agus tá 20 duine ag freastal air.

Cuireadh tús leis an Diplóma i mBainistiú Cúraim Shláinte, a forbraíodh i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, i Mí Dheireadh Fómhair 2003 agus tá ag éirí go maith leis. Tá 13 ag freastal ar an gcúrsa agus cuireadh tús le dara bliain an chlár i Mí Dheireadh Fómhair 2004.

Forbraíodh An Diplóma sna Staidéir Shóisialta Fheidhmiúla do mhic léinn fochéime i gcomhar le I.T.D.D. freisin, agus cuireadh tús leis i 2003. Tá 28 mac léinn ag glacadh páirte sa chlár seo agus tabharfaidh siad faoi shocrúchán trí mhí i Seirbhísí Míchumais, Easpa Dídine agus Cúraim Leanaí le linn 2005.

Tar éis fhorbairt agus seachadadh Cláir Forbartha Bainistíochta/Lucht Cinnireachta Sinsearaí i 2003/2004, leanadh ar aghaidh leis an obair ar fhorbairt agus ar sheachadadh cláir fhorbartha bainistíochta/cinnireachta ag leibhéal an chéad bhainisteora agus an mheánbhainisteora. Seachadadh san iomlán ceithre chlár Bainisteora Seirbhíse Sláinte nua agus dhá chlár Forbartha Meánbhainisteora i 2004. D'fhreastail san iomlán 44 duine ar na cláir do Bhainisteoirí Nua agus d'fhreastail 21 ar na cláir do Mheánbhainisteoirí.

Tugadh isteach Córas Bainistithe Feidhmíochta bunaithe ar Fhoireann a forbraíodh go náisiúnta do na seirbhísí sláinte ar bhonn píolótach i 2004. Tugadh isteach an córas don dá shuíomh píolótacha thíos, agus bunaithe ar thaithí agus ar fhoghlaim na suíomhanna seo, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt oiliúint chroíscileanna chun tacú le tabhairt isteach an chórais i 2005:

- Seirbhísí Saotharlainne, Grúpa Ospidéal Lú/na Mí
- Seirbhísí Fisiteiripe, an Cabhán/Muineachán

Leanann forbairt leanúnach na seirbhísí leabharlainne uirthi de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha san eagraíocht agus i 2004 leathnaíodh amach naisc chuig bunachair shonraí ar líne, agus anois tá teacht ag an bhfoireann ar Cinahl, Medline, Cochrane, Psychinfo, Health Management Information Consortium, MD Consult agus EBSC.

Rannóg Chaidrimh Fhostaithe

Lean an foireann sa rannóg orthu de bheith ag obair ar fhorbairt chaidreamh dearfach le baill fhoirne agus a n-ionadaithe, de bheith ag soláthar treorach agus tacaíochta i dtaca le coinníollacha agus cleachtais oibre cleachtais is fearr agus de bheith ag riar scéimeanna leasa fostaithe. Orthu seo tá scéimeanna pá breoiteachta, saoire mháithreachais, saoire thuismitheoirí, saoire athrachais, saoire *force majeure*, obair i rith an téarma agus sosanna gairme.

I 2004 críochnaíodh obair ar fhorbairt trí chomhpháirtíocht Polasaí Bainistithe Freastail don eagraíocht agus críochnaíodh freisin tionscadal comhpháirtíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar Lámhleabhar Eolais an Fhostaí. Fuair roinnt ball foirne san earnáil oiliúint faoi sheachadadh na creatlaí '*People Management – The Legal Framework*', a forbraíodh go náisiúnta agus i 2005 cuirfear tús le seachadadh an chlár ar bhainisteoirí líne agus d'ionadaithe ceardchumann agus é d'aidhm feabhas a chur ar eolas na n-oibrithe faoin gcreatlach dhlíthiúil a rialaíonn an caidreamh fostaíochta.

Leanadh ar aghaidh le hobair an Aonaid Riaracháin Phearsanra chun feabhas a chur ar chaighdeánú agus ar chruinneas chaighdeán na sonraí ar an gcóras AD SAP, agus tacaíodh le cur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta hun tabhairt isteach PPARS Céim II a éascú faoin spriocdháta i 2005 a socraíodh go náisiúnta.

D'áirigh an Rannóg Aoisliúntais duaiseanna a íocadh do 203 duine a chuaigh amach ar pinsean nó a d'éirigh as i 2004 agus lean sí uirthi de bheith ag soláthar

eolais agus cabhrach don fhoireann faoi chúrsaí aoisliúntais. Chomh maith le gníomhaíochtaí leanúnacha, soláthraíodh clár scoir d'ardchaighdeán trí sheachadadh 3 sheimineár pleanála réamhscoir, ar fhreastail 73 bhall foirne orthu (lena c(h)éile nuair a roghnaíodh an rogha seo).

Aonad Pleanála & Forbartha Altranais & Cnáimhseachais (APFAC)

I 2004 lean an tAonad air de bheith ag maoirseacht phleanáil straitéiseach agus ráthaíocht ardchaighdeáin seirbhísí altranais agus cnáimhseachais sa réigiún. I 2004 sholáthair Réamheolaire Oideachais Leanúnaigh Altranais agus Cnáimhseachais 34 chlár. San iomlán d'fhreastail 672 ball foirne altranais agus cnáimhseachais ar chlár éagsúla réamheolaire oideachais agus oiliúna sa réigiún i 2004. Ina theannta sin maoiníodh san iomlán 45 Tionscnamh Inseirbhíse Oideachais Áitiúil tríd an Bhuiséad Oideachais Leanúnaigh do Bhanaltraí. Soláthraíodh maoiniú do 29 bhall foirne altranais agus cnáimhseachais i dtaca le cúrsaí tríú leibhéal. Fuair 244 bhall foirne altranais agus cnáimhseachais tacaíocht mhaoinithe faoi Scéim Thionscnamh Tháillí na Roinne Sláinte & Leanaí. D'éirigh leis an Aonad maoiniú a fháil ón gComhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil Altranais & Cnáimhseachais do 20 tionscnamh forbartha cleachtais i 2004.

Bunaíodh i gceart an Lárionad d'Oideachas Altranais (LOA) i 2004. Rialaítear an LOA ag bord bainistíochta, a bhfuil Stiúrthóir APFAC ina chathaoirleach air, agus cuimsíonn sé ionadaithe ó ITDD, ó Sheirbhísí Naomh Seán Dé, ó BSOT, ó Stiúrthóirí Altranais, ó Bhainisteoirí Ginearálta agus ó Bhainisteoir Foghlama agus Forbartha Corparáidí na heagraíochta. Tá LOA freagrach as aghaidh a thabhairt ar riachtanais inseirbhíse banaltraí agus ban cabhrach ar fud an réigiúin agus as dlúth-thadhall a chothabháil le ITDD tar éis aistriú oideachais agus oiliúna do bhanaltraí fochéime a aistriú chuig an Institiúid.

I 2004 ghlac seasca cúntóirí cúraim sláinte ó sheirbhísí sláinte intinne, pobail agus cúraim leanúnaigh agus ó sheirbhísí géarospidéal páirt i gClár Teastais Tacaíochta Cúram Sláinte FETAC Leibhéal II, agus é d'aidhm acu feabhas a chur ar scileanna agus ar mheascán a gcuid scileanna ar fud na seirbhísí.

I gcomhar le ITDD, tá tríocha banaltraí ó sheirbhísí ortaipéideacha, sláinte intinne agus ó sheirbhísí do dhaoine scothaosta páirt i gclár Diplóma Iarchéime i gcomhar le Seirbhísí Naomh Seán Dé an Oirthuaiscirt. Tá modúl suaithinseach cliniciúil ag an gclár seo a chuireann iachall ar rannpháirtigh eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm mar thorthaí intomhaiste ina gcleachtas cliniciúil.

PPARS

I 2004 leanadh ar aghaidh leis an obair ar chur i bhfeidhm plean gníomhaíochta dírithe ar chinntiú go mbíonn PPARS Céim II ag feidhmiú faoin dáta a socraíodh ar bhonn náisiúnta, Lúnasa, 2005. Cuireadh tús le hobair ar réasúnú minicíochtaí pá-rolla agus ar bhaint éagsúlachtaí i bpróisis ghnó chun caighdeánú a chinntiú roimh dháta a chur i bhfeidhm i 2005.

Tugtar anailís níos mionsonraithe de na gníomhaíochtaí ar thug an rannóg fúthu sa chuid den tuarascáil a leanas:

Gníomhaíocht Staitisticiúil	2003	2004
Aonad Foghlama & Forbartha /Lárionad Réigiúnda		
Oideachais	12,789	12,467
Líon Úsáideoirí an Lárionaid	518	503
Líon na gCúrsaí Oiliúna a Tionóladh		
Clár Tríú Leibhéal	120	118
Teastas	109	142
Diplóma	26	51
Céim	67	98
Céim Mháistreachta		
Seirbhísí Leabharlainne	5,112	4,385
Líon na foirne atá cláraithe chun úsáid a bhaint as na seirbhísí leabharlainne	18,000	26,322
Líon na ndaoine a d'amharc ar shuíomh idirlín na leabharlainne	5,112	3,377
lasachtaí Idirleabharlainne		
	306	672
Aonad Pleanála & Forbartha Altranais&Cnáimhseachais		
Líon na mball foirne ag freastal ar chúrsaí an Réamheolaire		
Oideachais Leanúnaigh Altranais	22	30
Líon na dtionscnamh áitiúil oideachais/inseirbhíse ar soláthraíodh tacaíocht dóibh:	4	4
Géarsheirbhísí	10	14
Sláinte Intinne	5	9
Seirbhísí don Duine Scothaosta	1	0
Sláinte Phoiblí	-	3
Seirbhísí Míchumais	-	20
Seirbhísí Cnáimhseachais		
Tionscadail maoinithe ag an gComhairle Náisiúnta	175	362
	3,247	5,639
Acmhainniú/Earcú	892	1,300
Líon na gcomórtas a fógraíodh	181	295
Líon na n-iarratas a iarradh	85	85
Líon na n-iarrthóirí ar cuireadh agallamh orthu	----	400
Líon na mbord agallaimh a tionóladh	215	175
Líon na n-agallóirí a oileadh		
Líon na n-agallaithe a oileadh		
Líon na nAgallamh Amach		
	1,588	1,041
Aonad Caidreamh Fostaithe/Riaracháin Phearsanra	118	136
Áireamh an chreidmheasa bhreisithe do bhaill fhoirne	590	650

shealadacha/pháirtaimseartha larratais ar Shos Gairme larratais ar Obair Sholúbtha Aistrithe Inmheánacha	447 80 73	515 78 125
Aoisliúntas	666	492
Cnapshuimeanna/Aisce Aisióc ranníoc	550	485
Fógraí faoi sheirbhís ináirithe	3	3
Ráitis leasa a eisíodh	69	73
Seimineáir Phleanála Réamhscoir Seimineáir a tionóladh Freastal		

Shláinte Cheirde

Feidhmíonn Sláinte Cheirde mar chomhpháirtí straitéiseach le Rannóg na nAcmhainní Daonna chun sláinte agus leas na foirne a chinntiú agus iad ag an obair. Is bunchuid de bhainistiú éifeachtach na ndaoine atá ag obair í sláinte agus sábháilteacht mhaith cheirde, agus soláthraíonn an tseirbhís Sláinte Cheirde comhairle agus tacaíocht inniúla leis an aidhm seo a chinntiú.

Chomh maith le hobair leanúnach i 2004, chríochnaigh Sláinte Cheirde an chéad chéim de shuirbhé faoi shláinte agus faoi leas na foirne i seirbhísí géarospidéil agus otharchairr. Foilsíodh cinneadh an tsuirbhé i Samhain 2004 agus chuir grúpa oibre tús le hanailís ar an gcinneadh agus é d'aidhm acu idirghabhálacha oiriúnacha a thabhairt isteach nuair is gá sin. Tá an dara céim den suirbhé a chlúdaíonn foireann i seirbhísí pobail agus i gcúram leanúnach, agus i seirbhísí réigiúnda agus lárnaí, sceidealaithe do thús 2005.

Soláthraíonn Sláinte Cheirde seirbhísí eile don chlár altranais fochéime sa réigiún trí sheachadadh measúnaithe chuimsithigh sláinte roimh shocrúchán do mhic léinn altranais atá lonnaithe in ITDD. Go ginearálta tugadh faoi deara méadú nach beag gníomhaíochta agus úsáide sa tseirbhís ag foireann agus ag bainisteoirí araon.

Gníomhaíocht Staitisticiúil	2003	2004
------------------------------------	-------------	-------------

Scrúduithe Míochaine	818	955
Scagadh Sláinte (réamhfhostaíochta san áireamh)		3,067
Agallamh Sláinte (Comhairleach)	1,124	451
Imscrúduithe Stádais Imdhíonta		5,790
Imdhíontaí	206	1,685
Vacsáinthe Ulpóige		958
Cuairteanna Ionaid Oibre/Measúnuithe Riosca	3,040	54
Cainteanna Ionduchtúcháin		28
Láithreoirachtaí oiliúna foirne (<i>latex</i> , bainistiú/athshlánú asláithreachta, bainistiú struis, srl.)	4,217	34
	1,145	
	17	
	22	
	25	

Rannóg na Sláinte Poiblí

Is é príomhchúram na Rannóige seo ná cinneadh stádas sláinte an daonra, monatóireacht agus meastóireacht torthaí seirbhísí sláinte, forbairt seirbhísí eolais, cothú agus spreagadh stíle maireachtála sláintiúla agus polasaithe atá dírithe ar shláinte phoiblí, agus maoirseacht agus rialú galar tógálach.

I 2004 d'fhoilsigh an Rannóg a dara tuarascáil faoi stádas sláinte dhaonra an oirthuaiscirt. Foilsíodh an chéad tuarascáil i 2000 agus chuir an tuarascáil seo béim ar athruithe a tharla i stádas sláinte an daonra ó foilsíodh an chéad tuarascáil. Tar éis fhoilsiú na tuarascála tionóladh roinnt chruinnithe eolais ar fud an réigiúin. Ba é cuspóir na gcruinnithe ná eolas a thabhairt do bhainisteoirí cúraim shláinte, do lucht déanta polasaí agus d'oibrithe cúraim shláinte sa tslí go gcuireann polasaithe cinneadh na tuarascála san áireamh sa todhchaí.

I 2004 lean an Rannóg uirthi de bheith ag éascú cur i bhfeidhm na straitéisí sláinte náisiúnta agus réigiúnda; bhíothas ag iarraidh cabhrú le gach ceann de na réimsí seirbhíse éagothromaíochtaí a aithint sa réigiún agus díriú orthu.

Rinne an Rannóg a lán meastóireachtaí/measúnuithe agus tionscadal taighde a chur i gcrích agus a éascú; seo cuid acu:

- Leanadh ar aghaidh le comhoibriú leis na hoifigigh forbartha i dtaca le sláinte na bhfear agus na mban agus bhí ionadaí na rannóige ina chathaoirleach ar choistí réigiúnda sláinte na bhfear agus na mban.

- Leanadh ar aghaidh le héascú iniúchta/meastóireachta agus taighde i dtaca le sláinte chardatóracasach faoi mar a mholtar sa straitéis chardatóracasach.
- Soláthraíodh sonraí sláinte daonra agus déimeagrafaíochta do bhainisteoirí seirbhíse.
- Éascaíodh cur i bhfeidhm an tionscadail léirithe *Best Health for Adolescents* trí shuirbhéanna bhunlíne de thuismitheoirí agus de dhaltaí i Scoil Chuimsitheach Naomh Aodhán, an Muinchille, agus i gColáiste Pobail Bhealach Bhéith.
- Rinneadh meastóireacht ar an gclár cothaithe sláinte atá dírithe ar fheasacht a mhéadú i measc na bhfeirmeoirí den chontúirt a bhaineann leis an ngrían agus den leas a bhaineann le beart cosanta.
- Críochnaíodh, in éineacht le Seirbhísí an Chabháin/Mhuineacháin do Dhaoine Scothaosta measúnú riachtanas do dhaoine le néalrú intinne atá ina gcónaí sa Chabhán agus i Muineachán.
- Cuireadh tús le tástáil phíolótach den chóras Ríomhairithe Tuairisceoireachta Galar Tógálach i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta Maoirseachta Galar agus Saotharlanna rannpháirteacha Tagartha.
- Cuireadh feabhas ar mhaoirseacht fhriotaíochta frithmhiocróbaí trí éascú caighdeánaithe tástála friotaíochta i saotharlanna micrithbhitheolaíochta.
- Críochnaíodh suirbhé ar ionfhabhtuithe MRSA in othair ospidéal
- Tugadh faoi chlár feabhsaithe faighte vacsaínithe i gcomhar le Cúram Pobail, le Cúram Príomhúil, le Dochtúirí Teaghlaigh, le Banaltraí Cleachtais agus le foireann na n-ospidéal.
- Tuairiscíodh faoin méid ama a bhíonn ar othair fanacht dá gcéad choinne eisothair ag gach ceann de na géarospidéal sa réigiún.
- Cuireadh tús le staidéar a dhéanann scrúdú ar na fáthanna nach dtagann daoine áirithe chuig coinní eisothair.
- Críochnaíodh staidéar faoin leibhéal alcóil a bhí i bhfuil na ndaoine a fuair bás i dtimpiste nó trí lámh a chur ina mbás féin.
- Éascaíodh cur i bhfeidhm an choisc ar chaitheamh tobac.
- Tugadh faoi staidéar chun sásamh othar le seirbhís O/DS na DT a thomhas.
- Leanadh ar aghaidh le monatóireacht stádas sláinte cardatóracsaí na ndaoine atá ina gcónaí sa réigiún le tuairiscí faoi eipidéimeolaíocht ghalar an chroí, theip an chroí, agus fibriliú atriach.
- Táirgeadh tuarascáil faoi dhúlagar a thuairiscíonn an t-othar féin agus faoi féinmheas i measc na ndéagóirí.
- Tugadh faoi staidéar bunlíne faoi mhinicíocht chaitheamh tobac in eastáit dhíothacha.
- Bainistíodh agus críochnaíodh céim bhailithe shonraí idirnáisiúnta EUCOMP 2, tionscadal a mhaoiníonn an AE. Rinneadh anailís ar shonraí 18 mballstát agus críochnaíodh an tuarascáil dheireanach.
- Éascaíodh forbairt uirlise iniúchta lena húsáid i lárionaid sláinte sa Mhí.

- Comhoibríodh leis an Aonad Cúraim Phríomhúil i gcleachtadh mapála le cabhrú le comhairliúchán maidir le lonnú foirne cúraim phríomhúil sa réigiún. Cuirfear an obair seo i gcrích i 2005.
- Leanadh ar aghaidh le comhoibriú leis an tseirbhís chúraim mhaolaithigh chun riachtanais na seirbhíse a scrúdú.
- Leanadh ar aghaidh le comhoibriú leis na Boird CAWT agus le hInstitiúid na Sláinte Poiblí chun oiliúint chomhordaithe a fhorbairt i réimse mheasúnú iarmhairt sláinte, agus comhoibríodh leis na haonaid chothaithe sláinte sna ceithre bhord chun tionscadail mhaoinithe CAWT a chur i bhfeidhm, *Steering to Safety* san áireamh.

SEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA / TIONSCADAIL CHAIPITIL

Leanadh ar aghaidh le Forbairtí Caipitil in áiseanna Cúraim Sláinte i 2004, maoinithe ag an leithdháileadh caipitil a fuarthas faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006.

Chomh maith leis na mórthionscadail a luaitear thíos, leanadh ar aghaidh leis an obair ar athchóiriú na n-áiseanna atá ann cheana agus le ceannach trealamh nua do ghéarsheirbhísí ospidéal agus do sheirbhísí neamhghéara. Maoiníodh cuid mhór den obair seo faoin leithdháileadh Mionchaipitil a fuarthas i ndara leath na bliana.

Seo achoimriú de na príomhthionscadail caipitil ar cuireadh tús leo/ a críochnaíodh i 2004.

Seirbhísí Pobail

Lárionad Sláinte Bhaile Mhic Gabhann

Cuireadh tús leis an obair ar thógáil lárionaid sláinte nua ag Baile Mhic Gabhann, Co. Mhuineacháin.

Lárionad Sláinte Chluain Tiobraid

Cuireadh tús le tógáil mhéadaithe do agus athchóirithe ar an lárionad sláinte atá ann faoi láthair ag Cluain Tiobraid, Co. Mhuineacháin.

Lárionad Sláinte Mhuirtheimhne Mhór, Dún Dealgan

Críochnaíodh athdhíonadh an struchtúir seo i 2004.

Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Teach Oirghialla

Críochnaíodh agus coimisiúnaíodh tionscadal leitheadach athchóirithe i 2004, tionscadal ar cuireadh tús leis i 2003.

Ospidéal Naomh Seosamh, Baile Átha Fheardia

Críochnaíodh an obair ar chur isteach ardaitheora nua paisinéara leapa.

Ospidéal Naomh Seosamh, Baile Throim

Cuireadh tús le agus críochnaíodh obair athchóirithe inmheánach.

Seirbhísí Míchumais

Lóistín do Mheasúnú Cliniciúil, Droichead Átha

Cuireadh tús leis an obair ar fheistiú áitribh nua ag Páirc Ghnó na Bóinne, a sholáthróidh bunáit i nDroichead Átha do Sheirbhísí Míchumais Lú, le teiripe leitheadach ildhisciplíneach agus lóistín measúnaithe.

Seomra Céadfach, Dún Dealgan

Cuireadh tús le hobair ar sholáthar méadaithe do Theach Mounthamilton, Dún Dealgan, mar a lonnófar seomra céadfach agus spás teagmhasach.

Seirbhísí Sláinte Intinne

Halla Climber, Ceanannas

Críochnaíodh obair ar sholáthar lóistín seirbhíse lae agus lóistín chliniciúil do Sheirbhís Sláinte Intinne na Mí.

Seirbhísí Réigiúnda

Lóistín do NEDoc, Baile na Lorgan

Críochnaíodh an obair chun foirgneamh a athchóiriú nach raibh in úsáid ag Ráth na nÓg mar lóistín do sheirbhís NEDoc.

Seirbhísí Géarospidéal

Pleananna Rialaithe Forbartha agus Staidéir Fhéidearthachtaí

Fuarthas ceadú i 2004 ón Roinn Sláinte agus Leanaí chun dul ar aghaidh le:

- Ospidéal Contae Lú, Dún Dealgan - Plean Rialaithe Forbartha
- Ospidéal Ár mBantiarna Lourdes, Droichead Átha – Staidéar Féidearthachta
- Ospidéal Ár mBantiarna, an Uaimh - Plean Rialaithe Forbartha
- Ospidéal Ginearálta an Chabháin - Plean Rialaithe Forbartha
- Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin – Staidéar Féidearthachta

Cuireadh tús leis an obair ar na tionscadail uile thuasluaite.

Ospidéal Ár mBantiarna Lourdes, Droichead Átha

- Críochnaíodh uasghrádú na Rannóige ICU/CCU.
- Soláthraíodh Lóistín Modhúlach don Aonad Cúraim Chíce Siomptómach agus do Chúram Maolaitheach.
- Tógadh Aonad Athshlánaithe Chairdiaigh.
- Soláthraíodh Aonad a bhfuil Bean Chabhrach i gCeannas air sa Rannóg Mháithreachais

Ospidéal Ár mBantiarna, An Uaimh

- Críochnaíodh uasghrádú an Aonaid Ortaipéidigh do Mhná.
- Rinneadh uasghrádú ar an bPríomhtransfhoirmitheoir agus ar an lasc-chlár.
- Cuireadh na coirí in oiriúint do ghás nádúrtha agus rinneadh uasghrádú orthu.
- Cuireadh tús le hobair leis an gcistin a uasghrádú.

Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin

- Críochnaíodh uasghrádú an phríomhlasc-chláir agus an transfhoirmitheora i 2004.
- Cuireadh tús le hobair ar sholáthar Seomra Córa Leighis ag OGM.
- Athchóiriú theach an choire.

Ospidéal Contae Lú

- Críochnaíodh uasghrádú sholáthar leictreach na cistine agus chóras an aer-oiriúnaithe.
- Cuireadh tús le agus cuireadh chun cinn dearadh Áise Obrádlainne Modhúla (2 obrádlann).

Ospidéal Ginearálta an Chabháin

- Soláthraíodh Aonad a bhfuil Bean Chabhrach i gCeannas air in Ospidéal Ginearálta an Chabháin.
- Críochnaíodh uasghrádú na cistine.

Fuarthas ceadú ón Roinn Sláinte agus Leanaí ag deireadh 2004, le dul ar aghaidh le roghnú agus le ceapadh foirne deartha le hobair a chur chun cinn i dtaca le roinnt tionscadal, sna hearnálacha géara agus neamhghéara.

Ar ghníomhaíochtaí eile Rannóg na Seirbhísí Teicniúla tá Cothabháil Fhoirgneamh agus Áiseanna, Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht, Bainistiú Caighdeáin an Uisce, agus Bainistiú Dramhaíola agus Fuinnimh.

Thionscain an Rannóg tionscadal i gcomhar le Rannóg Sláinte & Sábháilteachta Limistéar Oirthuaiscirt na FSS chun athbhreithniú a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar Chaighdeán an Uisce in áiseanna i LOT na FSS agus rinneadh dul chun cinn air seo. Cuireadh i gcrích Measúnú Riosca i dtaca leis na háiseanna cónaithe níos mó go déanach i 2003 agus eisíodh an tuairisc agus na moltaí chuig gach foireann bhainistíochta áitiúil. Lean Oifig na Seirbhísí Teicniúla uirthi de bheith ag tacú leis na foirne bainistithe áitiúla leis na moltaí a chur i bhfeidhm agus tá dul chun cinn déanta maidir le dearadh agus le hathsholáthar chuid de na humair uisce a bhfuil ardriosca ag baint leo de réir mar a aithníodh sa Tuarascáil Mheasúnaithe Riosca.

- Críochnaíodh obair uasghrádaithe do Chóras Uisce OLH na hUaimhe i 2004.
- Ordaíodh umair nua i 2004 le dul in áit na n-umar uisce ag:
 - Ospidéal Ár mBantiarna Lourdes, Droichead Átha
 - Aonad Naomh Muire, Baile na Lorgan

I 2004 cuireadh tús le dearadh umar uisce athsholáthair ag roinnt áiseanna eile freisin.

Tá roinnt tionscnamh Laghdaithe Fuinnimh curtha chun cinn i 2004 faoi na ceannteideal:

A) Athchóiriú ola go gás

Ospidéal Ár mBantiarna, Teach Oirghialla, Naomh Dabhnaít

B) Teasdíonadh seanfhoirgneamh

Ospidéal Ár mBantiarna, Lourdes, Ospidéal Contae Lú, Ospidéal Naomh Bríd

Chuir an Rannóg tús i 2004 le forbairt Chórais Bhainistithe Fhuinnimh do LOT na FSS. Bhí an Rannóg páirteach i dtionscnamh nua a raibh an Roinn Sláinte agus Leanaí i gceannas uirthi le Conradh Náisiúnta a chur chun cinn do Sholáthar Leictreachais go Foirgnimh Phoiblí agus go hÁiseanna Poiblí. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo go déanach i 2004 agus beidh de thoradh air rátaí laghdaithe costais do sholáthar leictreachais do na háiseanna níos mó i LOT na FSS i 2005.

Oifig an Phríomhoifigeach Fheidhmiúcháin

Is é ról oifig an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin ná tacaíocht riaracháin a sholáthar don POF, don Fhoireann Bhainistíochta, don Bhord agus dá chuid

coistí agus cinntiú go mbainistítear gnóthaí corparáideacha an Bhoird go héifeachtach agus go héifeachtúil. Soláthraíonn an oifig tacaíocht riaracháin don POF freisin ina ról mar bhall den ghrúpa náisiúnta POF, mar bhall den FBS, CAWT, HOPE, mar Chathaoirleach den Chomhairle Chúraim Éigeandála Réamhospidéal agus tascanna eile a eascraíonn ó am go ham.

Tá oifig an POF freagrach freisin as cothabháil laethúil fhoirgneamh na ceanncheathrún.

Dhírigh oifig an POF ar roinnt phríomhréimsí le linn 2004.

Lean an oifig uirthi de bheith ag soláthar tacaíochta riaracháin don POF ina chuid tiomantas ag leibhéal réigiúnda, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tacaítear leis an POF ag an oifig ina ról mar phríomhPOF i roinnt tionscadal FBS, ar a bhfuil gach tionscadal a bhaineann leis an tseirbhís otharchairr.

Soláthraíodh an tseirbhís Saor-Fón do bhall Bhoird agus Oireachtais suas go Meitheamh 2004.

Sholáthair an oifig tacaíocht riaracháin don Bhord dá chuid cruinnithe míosúla in éineacht le roinnt cruinnithe coiste speisialta agus comhchoiste.

Lean an oifig uirthi de bheith ag cothabháil agus ag forbairt nasc le grúpaí Tacaíochta Othar.

I 2004 bhí oifig an POF ag obair go gníomhach leis an FSS le cabhrú le haistriú éifeachtach agus gan uaim a bhaint amach ar 1 Eanáir 2005. Bhí mar chuid den tacaíocht seo:

- Seisiúin Chomhairliúcháin le Lucht Bainistíochta na FSS eatramhaí agus le Lucht Bainistíochta & Foireann BSOT.
- Laethanta eolais agus ceardlanna idir an FSS eatramhach agus an fhoireann.
- Aistriú foghlama agus eolais chorparáidigh go dtí an FSS eatramhach.

An Rannóg Chumarsáide

Comhordaíonn an rannóg seo cumarsáid inmheánach agus sheachtrach don Bhord. Tá sé d'aidhm ag BSOT stíl chumarsáide a chruthú atá bunaithe ar oscailteacht agus ar mhúinín. Pléann an Rannóg Chumarsáide le gach ceist a chuireann na meáin chumarsáide áitiúla nó náisiúnta faoi pholasaí, faoi bhainistiú, faoi airgeadas, faoi nósanna imeachta, faoi phrótacail nó faoi tharluithe an Bhoird. I 2004 lean an Rannóg uirthi de bheith ag soláthar seirbhís 24 uair an chloig do na meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta. Is féidir teacht ar phreasráitis ar shuíomh idirlín BSOT ag www.nehb.ie.

Lean an oifig ar aghaidh le cur chuige dátheangach don chumarsáid phoiblí trí chur i bhfeidhm an Phlean Ghníomhaíochta don Ghaeilge. Soláthraíodh oiliúint fheasachta faoin nGaeilge don fhoireann le cur ar a gcumas tuiscint cén fáth a bhfuil an eagraíocht ag cur i bhfeidhm polasaí dátheangach agus conas a rachaidh sin i bhfeidhm ar a gcuid oibre.

Táirgeadh sé eagrán den iris fhoirne dhémhíosúil '*Health Matters*'.

Scríobhadh agus foilsíodh '*A History of the North Eastern Health Board*'. Bhí an tionscadal seo faoi stiúir na Rannóige Cumarsáide.

Chabhraigh an Rannóg Chumarsáide le baill fhoirne freisin agus iad ag eagrú imeachtaí, leithéidí oscailtí oifigiúla, seoladh tuarascálacha nó treoirlínte, láithreoireachtaí nó aon imeacht eile ar mian leis an mBord í a cheiliúradh. I measc na n-imeachtaí a bhí ann i 2004 bhí:

- *Bullying in Secondary Schools* – Seoladh Leabhráin
- Oscailt Lárionaid Sláinte Achadh an Iúir agus bronnadh ISO ar Lárionadh Cúraim Bhreifne
- Oscailt Lárionaid Cúraim Lae ag an Muileann Iarainn
- Comhdháil Idirnáisiúnta Ráth na nÓg
- Foilsiú leabhair faoi stair BSOT
- Seoladh Plean Gníomhaíochta Sláinte na bhFear
- Bainistiú Foréigin san Ionad Oibre
- Comhdháil '*Leaps & Bounds*'
- Comhdháil '*Together We Can*'

Co-operation and Working Together (CAWT)

Lean comhpháirtithe *Co-operation and Working Together (CAWT)*, BSOT agus BSIT i bPoblacht na hÉireann agus Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Deiscirt agus an Iarthair agus na hlontaobhais ábhartha i dTuaisceart Éireann, leanadar orthu de bheith ag comhoibriú le feabhas a chur ar shláinte agus ar leas sóisialta a ndaonra cónaithe. Clúdaíonn na ceithre bhord seo iomlán na teorann talaimh idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann agus eatarthu uile tá daonra de mhiliún duine acu.

Tá gnéithe déimeagrafacha i gcomhar acu agus na fadhbanna céanna maidir le leithlisiú tuaithe, le hinfrastruchtúr, le treochtaí daonra agus le dífhostaíocht. Bíonn daoine ag trasnú na teorann go minic agus i gcásanna áirithe, soláthraítear seirbhísí atá ar fáil i limistéar cóngarach don tomhaltóir ar thaobh eile na teorann ag an tseirbhís sláinte ansin ar bhonn áisín-teachta.

Le bliain anuas lean an Bord air de bheith ag comhoibriú le CAWT trí na foghrúpaí seo a leanas: Sláinte Phoiblí, Cothú Sláinte, Cúram Príomhúil, Míchumas Foghlama, Sláinte Intinne, Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta, Seirbhísí Míchumais Fhisiciúil agus Chéadfaigh, Géarsheirbhísí, Acmhainní Daonna, Cumarsáid, Cúram Leanaí agus Teaghlaigh, Teicneolaíocht Eolais agus Airgeadas. Thacaigh pearsanra de chuid BSOT, in éineacht le BSOT sna Boird agus sna hlontaobhais CAWT eile, le forbairt tionscadal trasteorann.

Lean pearsanra ó limistéar BSOT orthu de bheith ag comhoibriú le pearsanra Seirbhísí Sóisialta agus Sláinte ó ar fud réigiún CAWT le bheith i gceannas ar thionscadail shamhlaíocha agus nuálacha agus lena bhforbairt ar fud an speictrim chúraim shláinte agus shóisialta. Seo cuid de na tionscnaimh trasteorann a raibh príomhról ag ár bpearsanra iontu:

Seirbhísí *Diabetes* (Limistéar Ospidéal Craigavon/ Lú / an Cabhán) - Aithníodh *diabetes* mar fhadhb thromchúiseach don réigiún i bPróifíl Sláinte Daonra limistéar an CAWT. Bunaíodh grúpa oibre le forbairt mhodhanna coitianta bailithe sonraí a éascú sa dá dhlínse, le heolas iontaofa ar féidir é a chur i gcomparáid a sholáthar i bpleanáil agus i meastóireacht chóras *diabetes* trasteorann.

Seirbhísí Duánacha – Chuir Staidéar Féidearthachta an Triantáin béim air go bhfuil othair a dteipeann na duáin orthu agus atá ina gcónaí i gceantar cois teorann faoi mhíbhuntáiste ar roinnt dóigheanna. Níl teacht go héasca ar sheirbhísí réigiúnda speisialaithe mar gheall ar achair fhada thaistil. Is é aidhm an tionscadail seo ná comhghuaillíocht straitéiseach trasteorann a bhunú atá tiomanta d'fheabhsú seirbhísí duánacha do mhuintir réigiún CAWT.

Seirbhísí Soghluaiste Caitidrithe Chairdiaigh – Tar éis scéime píolótaí ar éirigh go maith léi de Sheirbhís Trasteorann Shoghluaiste Chaitidrithe cuireadh cás gnó faoi bhuansaotharlann Chaitidrithe Chairdiaigh in Ospidéal Craigavon faoi bhráid DHSSOS, seirbhís a mbeadh sé de chumas aici seirbhísí a thairiscint do dhaoine atá ina gcónaí ar thaobh eile na teorann sa réigiún.

Déantar cur síos iomlán ar shonraí gach tionscadail i dTuarascáil Bhliantúil CAWT.